

The North South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended 31 December
2021

An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don bhliain dar chríoch 31 Nollaig
2021

Tha Boord o Leid
An Accont o the Darg
for the year hinmaist 31 Decemmer
2021



Foras na Gaeilge



Ulster-Scots Agency
Board o Ulster Scots





Foras na Gaeilge
63-66 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1
+353 (0)1 6398400
www.forasnagaeilge.ie
eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar
2-4 Sráid na Banríona
Béal Feirste BT1 6ED
+44 (0)28 9089 0970

Foras na Gaeilge
An Chrannóg
Na Doirí Beaga
Gaoth Dobhair
Dún na nGall
+353 (0)74 9560113 / 9560114

Foras na Gaeilge
(Clár na Leabhar Gaeilge)
Ráth Chairn
Áth Buí
Co. na Mí
+353 (0)46 9430419

Áisíneacht Dáileacháin Leabhar
(ÁIS)
Aonad 3 Páirc Ghnó Dhún Seachlainn
Dún Seachlainn
Co. na Mí
+353 (0)1 6616522

The Ulster-Scots Agency
The Corn Exchange
31 Gordon Street
Belfast BT1 2LG
+44 (0)28 9023 1113
www.ulsterscotsagency.com
info@ulsterscotsagency.org.uk

The Ulster-Scots Agency
William Street
Raphoe
Co. Donegal
+353 (0)74 9173876



The North South Language Body
Annual Report and Accounts


for the year ended 31 December 2021

An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Tha Boord o Leid
An Accoont o tha Darg

for the year hinmaist 2021




The Language Body is a North South Implementation Body sponsored by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (DTCAGSM) and the Department for Communities (DfC). It was established on the 2nd of December 1999 under the British-Irish Agreement which set up the implementation bodies and was underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North South Ministerial Council (NSMC).

The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-island basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island. Further information and Board Minutes are available on the agencies' websites:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com



Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) agus an Roinn Pobal (RP). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh na comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an Thuaidh Theas Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT).

Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus de Ghníomhaireacht na hUltaise. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Is é príomhfheidhm Ghníomhaireacht na hUltaise eolas níos fearr faoi Ultais agus úsáid agus saincheistanna cultúir Albanach-Ultacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin. Tá breis eolais agus Miontuairiscí Boird ar fáil ar shuíomh gréasáin na ngníomhaireachtaí:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com





Contents

Board Members of the Language Body	10
Joint Introduction	12
Report of Foras na Gaeilge	16
Report of the Ulster-Scots Agency	110
Financial Statements	184

Clár

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga	11
Comhréamhrá	13
Tuairisc Fhoras na Gaeilge	16
Tuairisc Ghníomhaireacht na hUltaise	111
Ráitis Airgeadais	185



Board Members of the Language Body

The following served as Board Members during 2021

Joint-Chairpersons

Regina Uí Chollatáin – appointed 05/05/2021

*Keith Gamble – term ended 12/12/2021

*Julie Andrews – term ended 12/12/2021

*Iain Carlisle – term ended 12/12/2021

*Karyn Devenney – appointed 05/05/2021

*Frederick Kettyle – appointed 05/05/2021

Dáithí Mac Cárthaigh

Caoimhín Mac Giolla Mhín

Wuraola Majekodunmi

*Allen McAdam – appointed 05/05/2021

Conor McGuinness – term ended 23/06/2021, appointed Deputy Chairperson, Foras na Gaeilge 30/07/2021

*David McNarry – term ended 12/12/2021

Sorcha Ní Chéide – term ended 12/12/2021

Neasa Ní Chiaráin

Maighréad Ní Chonghaile

Máire Ní Neachtain – term ended 12/12/2021

Liadh Ní Riada

Freda Nic Giolla Chatháin – appointed 05/05/2021

Doimínic Ó Brolcháin

Ian Ó Dochartaigh – appointed 30/07/2021

Niall Ó Gallochobhair – term ended 12/12/2021

Kevin Ó hEadhra

Barra Ó Muirí – Deputy Chairperson, Foras na Gaeilge – term ended 06/07/2021

Liam Rushe

*Lavinia Tilson – appointed 05/05/2021

*Trevor Wilson – appointed 13/12/2021

There were three vacancies (two nominees of the Irish Government and one nominee of the Executive.) on the Board of Foras na Gaeilge as at 31st December 2021. There were three vacancies (all nominees of the Executive nominees) on the Board of the Ulster-Scots Agency as at 31st December 2021.

*Denotes Board membership of the Ulster-Scots Agency; unmarked denotes Board membership of Foras na Gaeilge.

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

Bhí na daoine seo a leanas ina gComhaltaí Boird in 2021

Comh-Chathaoirligh

Regina Uí Chollatáin – ceaptha 05/05/2021

*Keith Gamble – deireadh le téarma 12/12/2021

*Julie Andrews – deireadh le téarma 12/12/2021

*Iain Carlisle – deireadh le téarma 12/12/2021

*Karyn Devenney – ceaptha 05/05/2021

*Frederick Kettle – ceaptha 05/05/2021

Dáithí Mac Cárthaigh

Caoimhín Mac Giolla Mhín

Wuraola Majekodunmi

*Allen McAdam – ceaptha 05/05/2021

Conor McGuinness – deireadh le téarma 23/06/2021, ceaptha ina Leas-Chathaoirleach, Foras na Gaeilge 30/07/2021

*David McNarry – deireadh le téarma 12/12/2021

Sorcha Ní Chéide – deireadh le téarma 12/12/2021

Neasa Ní Chiaráin

Maighréad Ní Chonghaile

Máire Ní Neachtain – deireadh le téarma 12/12/2021

Liadh Ní Riada

Freda Nic Giolla Chatháin – ceaptha 05/05/2021

Doiminic Ó Brolcháin

Ian Ó Dochartaigh – ceaptha 30/07/2021

Niall Ó Gallochobhair – deireadh le téarma 12/12/2021

Kevin Ó hEadhra

Barra Ó Muirí – Leas-Chathaoirleach, Foras na Gaeilge – deireadh le téarma 06/07/2021

Liam Rushe

*Lavinia Tilson – ceaptha 05/05/2021

*Trevor Wilson – ceaptha 13/12/2021

Bhí trí fholúntas (beirt ainmnithe ag Rialtas na hÉireann agus duine ag an bhFeidhmeannas) ar Bhord Fhoras na Gaeilge ar 31 Nollaig 2021. Bhí trí fholúntas (na hainmnithe uile ag an bhFeidhmeannas) ar Bhord Ghníomhaireacht na hUltaise ar 31 Nollaig 2021.

*Léiríonn réiltín ballraíocht de Ghníomhaireacht na hUltaise; léiríonn easpa réiltín ballraíocht d'Fhoras na Gaeilge.

Thegither Forethocht

Joint Introduction

Comhréamhrá

In common with organisations in all walks of life, the work of the North South Language Body was significantly impacted by the Coronavirus pandemic in 2021. The Ulster-Scots Agency and Foras na Gaeilge worked throughout the year to deliver as much core activity as possible, adapting to the changed environment and supporting Ulster-Scots and Irish language communities across both jurisdictions.

The Ulster-Scots Agency adapted its approach by increasing the amount of digital material across all channels and for the first time delivered a campaign of radio advertising. An awareness raising campaign around the Census in Northern Ireland saw advertising in seventeen newspapers, radio and online, resulting in more than 30,000 people taking our When o Wurds language quiz. Meanwhile, our promotional video on St Patrick's Scottish heritage received over 15,000 views on Facebook and Twitter.

2021 saw an encouraging resurgence in Ulster-Scots writing and this growing interest has been reflected in the work of the Agency, with an increase in language projects, particularly in the digital space, as well as traditional publications. This was consolidated through the continued development of Ulster-Scotch Leid Week, which was delivered using a blended approach and built on the success of previous years.

The Agency continued to create high quality multimedia learning resources for school and adult audiences. Resources launched during the year included digital walking tours and visits to Ulster-Scots heritage sites, a suite of short cookery films by television cook Paula McIntyre and a suite of short films on the Lambeg drumming tradition, featuring the world-renowned percussionist Dame Evelyn Glennie.

Ulster-Scots communities were also supported by £650,000 in new funding, delivered by the Ulster-Scots Agency via the Indigenous Language and Culture Covid Support Scheme, which complemented an additional £850,000 in 2020.

Thegither Forethocht

Joint Introduction

Comhréamhrá

Ar aon dul le heagrais eile i ngach cuid den saol, chuir paindéim an choróinvíris isteach go mór ar obair an Fhorais Teanga Thuaidh Theas in 2021. D'oibrigh Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge le linn na bliana chun an oiread dá gcroí-réimsí oibre agus ab fhéidir a chur i gcrích, chuaigh siad i dtaithí ar an gcomhthéacs athraithe agus thacaigh siad le pobail Ultaise agus Ghaeilge sa dá dhlínse.

D'athraigh Gníomhaireacht na hUltaise a modh oibre trí chur lena hábhar digiteach ar gach cainéal agus den chuid uair chuir sí feachtas fógraíochta raidió i gcrích. Mar chuid d'fheachtas feasachta faoin Daonáireamh i dTuaisceart Éireann, rinneadh fógraíocht ar 17 nuachtán, ar an raidió agus ar líne agus mar thoradh air sin, ghlac níos mó ná 30,000 duine páirt inár dtráth na gceist teanga Wheen o Wurds. Idir an dá linn, d'fhéach níos mó ná 15,000 duine ar ár bhfíseán poiblíochta faoi oidhreacht Albanach Naomh Pádraig a scaipeadh ar Facebook agus Twitter.

Le linn 2021 tháinig borradh dearfach faoin scríbhneoireacht Ultaise agus léiríodh an tsuim bhreise sin in obair na Gníomhaireachta, trí chur le líon na dtionscadal teanga, go háirithe sa spás digiteach, chomh maith le foilseacháin thraidisiúnta. Cuireadh leis sin trí fhorbairt leanúnach Sheachtain Teanga na hUltaise, a cuireadh ar fáil ar bhonn cumaisc, ag tógáil ar an rath a bhí uirthi le blianta beaga anuas.

Lean an Ghníomhaireacht uirthi de bheith ag cruthú acmhainní foghlama ardchaighdeáin ilmheán i gcomhair scoileanna agus daoine fásta. I measc na n-acmhainní a seoladh le linn na bliana bhí turais shiúlóide dhigiteacha agus cuairteanna ar láithreacha oidhreachta Ultaise, sraith gearrscannán cócaireachta leis an gcócaire teilifíse Paula McIntyre agus sraith gearrscannán faoi thraidisiún drumadóireachta Lann Bheag, ina raibh an cnagcheoltóir iomráiteach Dame Evelyn Glennie páirteach.

Tacaíodh le pobail Ultaise trí £650,000 i maoiniú nua a

As regards Foras na Gaeilge, the challenges of the pandemic were tackled by adapting arrangements and plans to the COVID-19 restrictions which were in place and staff demonstrated flexibility and adaptability as directives changed. The establishment of Naíscoil na Seolta, the first integrated Irish-medium nursery school in East Belfast, was one of the highlights. In addition, in the area of lexicography and terminology, users of teanglann.ie increased by 19% and 3,500 terms were approved on tearma.ie. In the area of publishing, eighty four books were published under the Publishing Scheme, Áis generated €1 million and nineteen writers and eighteen mentors were supported under the Mentoring Scheme 2021. As regards the arts, the 1,500 year anniversary was commemorated of the birth of Colmcille, the saint linking Ireland and Scotland, funding was given to fourteen drama companies and forty-seven festivals and seven major arts events were funded.

As regards the Irish language in the community, €400,000 of funding was given to eighteen Irish language centres, sixty-eight summer camps were funded, sixty-five groups were supported under the Youth Scheme and three years of funding was approved for thirty-six communities under the Irish Language Networks Development Scheme. Other

highlights included an increase of 17% in the number of followers on social media, support for forty-six small and medium-sized businesses, €40,000 for innovative projects under the New Projects Fund and the Translation Seal awarded to twenty-two translators. Chief Executive Seán Ó Coinn highly praised the staff, the lead organisations and the grantees for their innovation, cooperation and diligence in respect of the Irish language.

The year saw significant turnover in the membership of the North South Language Body. The North South Ministerial Council appointed four new board members and a new Chairperson to the board of Foras na Gaeilge and five new board members to the board of the Ulster-Scots Agency, but the Agency ended the year with three board vacancies including Chairman.

On behalf of the Language Body we would like to express our thanks to all those both within and outside the agencies who have helped us in in our work during this challenging year. In spite of the many difficulties, awareness of the Ulster-Scots language and the Ulster-Scots heritage and culture, and the Irish language on the island of Ireland and abroad, has increased and public participation in our work has been strengthened.

Freddie Kettle
Chairperson
Ulster-Scots Agency

Regina Uí Chollatáin,
Chairperson
Foras na Gaeilge

chuir Gníomhaireacht na hUltaise ar fáil trí Scéim Tacaíochta Covid do Theangacha Bundúchasacha agus do Chultúr, rud a chuir leis an £850,000 breise in 2020.

Maidir le Foras na Gaeilge, chuathas i ngleic le dúshláin na paindéime trí shocruithe agus pleananna a chur in oiriúint do na srianta Covid-19 a bhí i bhfeidhm agus léirigh an fhoireann solúbthacht agus oiriúnaitheacht de réir mar a d'athraigh na treoracha. Bhí bunú Naíscoil na Seolta, an chéad naíscoil lán-Ghaeilge imeasctha in oirthear Bhéal Feirste, ar cheann de bhuaicphointí na bliana. Chomh maith leis sin, i réimse na foclóireachta agus na téarmaíochta, tháinig ardú 19% ar úsáideoirí teanglann.ie agus faomhadh 3,500 téarma ar tearma.ie. I réimse na foilsitheoireachta, foilsíodh ceithre leabhar is ochtó faoi Scéim na Foilsitheoireachta, ghin Áis díolachán €1 milliún agus tacaíodh le naoi scríbhneoir déag agus ocht meantóir déag faoin Scéim Meantóireachta 2021. I gcás na n-ealaíon, rinneadh comóradh ar 1,500 bliain ó rugadh Colm Cille, an naomh a nascann Éire agus Albain, tugadh maoiniú do cheithre chompántas drámaíochta déag agus maoiníodh seacht bhféile is daichead agus seacht mórimeacht ealaíon.

Maidir leis an nGaeilge sa phobal, tugadh maoiniú €400,000 d'ocht ionad déag Gaeilge, maoiníodh ocht gcampa samhraidh is seasca, tacaíodh le cúig ghrúpa is seasca faoin Scéim Óige agus ceadaíodh

maoiniú trí bliana do shé phobal is tríocha faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge. Ar na buaicphointí eile bhí ardú 17% ar líon leantóirí ar na meáin shóisialta, tacaíocht do shé fhiontar is deaichead bheaga agus meánmhéide, €40,000 do thionscadail nuálacha faoin gCiste Tionscadal Nua agus Séala an Aistriúcháin a bheith bronnta ar dhá aistritheoir is fiche. Mhol an Príomhfheidhmeannach Seán Ó Coinn an fhoireann, na ceanneagraíochtaí agus na deontaithe go hard as a nuálaíocht, a gcomhoibriú agus a ndúthracht i leith na Gaeilge.

D'athraigh ballraíocht an Fhorais Teanga Thuaidh Theas le linn na bliana. Cheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ceathrar comhaltaí boird nua agus cathaoirleach nua ar bhord Foras na Gaeilge agus cúigear comhaltaí nua ar bhord Ghníomhaireacht na hUltaise ach ag deireadh na bliana bhí trí fholúntas ar bhord na Gníomhaireachta, an cathaoirleach san áireamh.

Thar ceann an Fhorais Teanga ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leosan ar fad laistigh de na gníomhaireachtaí agus lasmuigh díobh a chabhraigh linn inár gcuid oibre i rith na bliana dúshlánaí seo. In ainneoin na ndeacrachtaí iomadúla, cuireadh le feasacht ar an Ultais, an oidhreacht agus an cultúr Ultach-Albanach agus an Ghaeilge ar oileán na hÉireann agus thar lear, agus treisíodh rannpháirtíocht an phobail inár gcuid oibre.

Freddie Kettle
Cathaoirleach
Gníomhaireacht na hUltaise

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach
Foras na Gaeilge



Foras na Gaeilge

Tuairisc Fhoras na Gaeilge
Report of Foras na Gaeilge



Buaicphointí Highlights

2021

19%

ardú 19% ar úsáideoirí teaglann.ie
rise of 19% in users of teaglann.ie

84

leabhar foilsithe faoi Scéim na Foilsitheoireachta
books published through publishing scheme

3500

téarma ar téarma.ie
terms created or edited on téarma.ie

An Ciste Infheistíochta

Naíscóil na Seolta – an chéad Naíscóil
lánGhaeilge imeasctha in Oirthear Bhéal Feirste
Naíscóil na Seolta, the first integrated Irish-medium
nursery school/creche in East Belfast



€400k

d'infheistíocht curtha ar
fáil do 18 Ionad Gaeilge
investment in 18 Irish
language centres



68

campa samhraidh
summer camps



Gáirdín Mháire na mBláth agus Ó
Bhó, na Beacha! foilsithe ag An Gúm
(published by An Gúm)

ardú 17% ar leantóirí ar na
meáin shóisialta

17%

rise in social
media followers

comóradh 1500 bliain ó
rugadh an naomh a
nascann Éire agus Albain

a celebration of St. Colmcille
1500 years after his birth

**COLM
CILLE
1500** 521 - 2021

46 FBM


Tacaíocht Ghaeilge do 46
FBM úra (Fiontair Bheaga
Mheánmhéide)

Irish language support
for 46 SMEs



Buaicphointí Highlights

2021



Scéim Óige 2021-22

65 grúpa maoinithe
65 youth groups funded



19 scríbhneoir agus 18 meantóir faoin Scéim Meantóireachta 2021
19 writers and 18 mentors through The Mentoring Scheme

36 pobal

maoiniú 3 bliana ceadaithe faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge
3 years of funding for 36 communities

14

maoiniú do 14 Compántas Drámaíochta
funding for 14 Drama Companies

47

maoiniú do 47 féile agus 7 mórimeacht ealaíon
funding for 47 festivals and 7 major arts events



€1m

i ndíolachán Áis
in Áis sales



€40k

curtha i dtreo tionscadail nuálacha faoin gCiste Tionscadal nua
directed at innovative projects under the new Projects Fund




22

Séala an Aistriúcháin
bronta ar 22 aistritheoir
Seal of Translation
awarded to 22 translators

forasnagaeilge.ie

Contents

Foreword	22
Perpetuate and increase the daily use of Irish	26
Reinforce the learning and strengthening of Irish	74
Serve the interest of Irish in society in general by means of influence and advice	86
Increase understanding and awareness of Irish among the public far and near	88
Provide corporate services to Foras na Gaeilge ensuring the effective functioning of the organisation and effective completion of its programme of work	96



Clár

Réamhrá	23
Úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú	27
Foghlaim agus daingniú na Gaeilge a neartú	75
Fónamh do leas na Gaeilge sa tsochaí trí chéile trí mheán an tionchair agus na comhairle	87
Tuiscint agus feasacht ar an nGaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcéin agus i gcóngar	89
Seirbhísí corparáideacha a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge a chinnteoidh feidhmiú éifeachtach na heagraíochta agus cur i gcrích éifeachtach a cláir oibre	97



Foreword

2021 was another exceptional year for health throughout the world due to the worldwide COVID-19 pandemic; and although there were challenges to be overcome in the Irish language sector, understanding and expertise of the pandemic was developed after the hard work carried out in 2020. Although the coronavirus had an impact on the work agenda of every Foras na Gaeilge employee, all cooperation was given to adapt arrangements and plans to the restrictions while they were in place. Flexibility and adaptability were also demonstrated because plans had to be amended at times as official guidance was issued. Highlights of the year include the following areas and projects:

- *The establishment of Naíscoil na Seolta, the first integrated Irish-medium nursery school in East Belfast*
- *An increase of 19% in the users of teanglann.ie*
- *The publishing of eighty-four books under the Publishing Scheme*
- *3,500 terms approved on tearma.ie*
- *Funding of €400,000 provided to eighteen Irish language centres*
- *Funding provided to sixty-seven summer camps*
- *An increase of 17% in social media*

followers

- *The commemoration of 1,500 years since the birth of Colmcille, the saint who links Ireland and Scotland*
- *Support for forty-six small and medium sized ventures*
- *Sixty-five groups under the Youth Scheme 2021-2022*
- *Nineteen writers and eighteen mentors under the Mentoring Scheme 2021*
- *Three years of funding approved for thirty-six communities under the Irish Language Networks Development Scheme*
- *Funding for fourteen drama companies*
- *Funding for forty-seven festivals for seven major arts events*
- *€1 million in Áis sales*
- *€40,000 put towards innovative projects under the New Projects Fund*
- *The Seal for Translators awarded to twenty-two translators*

High praise and thanks came from the Chief Executive Seán Ó Coinn for the productivity of the organisation's staff, of the lead organisations, of the grantees and of the sector in general. Innovation, cooperation and devotion

Réamhrá

Bliain eisceachtúil eile a bhí in 2021 don tsláinte ar fud na cruinne mar gheall ar phaindéim dhomhanda COVID-19; agus cé go raibh dúshlán le sárú in earnáil na Gaeilge, rinneadh forbairt ar thuiscint agus ar shaineolas ar an bpaindéim tar éis na hoibre déine a rinneadh in 2020. Cé go raibh tionchar ag an gcoróinvíreas ar chlár oibre gach fostaí agus gach deontáí de chuid Fhoras na Gaeilge, rinneadh gach comhoibriú le socruithe agus pleananna a chur in oiriúint do na srianta agus iad i bhfeidhm. Léiríodh solúbthacht agus inoiriúnaitheacht freisin mar bhí pleananna le leasú ag amanna de réir mar a eisíodh treoir oifigiúil. Áirítear na réimsí agus na tionscadail thíos i measc bhuaicphointí na bliana:

- *Bunú Naíscoil na Seolta, an chéad naíscoil lán-Ghaeilge imeasctha in oirthear Bhéal Feirste*
- *Ardú 19% ar úsáideoirí teanglann.ie*
- *Foilsíú 84 leabhar faoi Scéim na Foilsitheoireachta*
- *Faomhadh 3,500 téarma ar tearma.ie*
- *Maoiniú €400,000 curtha ar fáil d'ocht n-ionad déag Gaeilge*
- *Maoiniú curtha ar fáil d'ocht gcampa samhraidh is seasca*
- *Ardú 17% ar leantóirí ar na meáin shóisialta*


- *Comóradh 1,500 bliain ó rugadh Colmcille, an naomh a nascann Éire agus Albain*
- *Tacaíocht do 46 d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide*
- *65 grúpa faoin Scéim Óige 2021-2022*
- *19 scríbhneoir agus 18 meantóir faoi Scéim Meantóireachta 2021*
- *Maoiniú trí bliana ceadaithe do 36 pobal faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge*
- *Maoiniú do 14 compántas drámaíochta*
- *Maoiniú do 47 féile agus do sheacht mórimeacht ealaíon*
- *€1m i ndíolacháin Áis*
- *€40,000 curtha i dtreo tionscadail nuálacha faoin gCiste Tionscadal Nua*
- *Séala an Aistriúcháin bronnta ar 22 aistritheoir*

Tháinig ardmholadh agus buíochas ón bPríomhfheidhmeannach Seán Ó Coinn as táirgiúlacht fhoireann na heagraíochta, na gceanneagraíochtaí, na ndeontaithe agus na hearnála i gcoitinne. Léiríodh nuálaíocht, comhoibriú agus dúthracht don teanga trí 2021 agus tá cúis againn ar fad a bheith bródúil as an obair atá déanta go dtí seo.

to the language were demonstrated throughout 2021 and we all have reason to be proud of the work done to date.

It was an honour for me to take the seat as Chairperson in May 2021 and I greatly welcome the board appointments made by the North South Ministerial Council on behalf of both governments in 2021: Maighr ad N  Chonghaile, Freda Nic Giolla Chath in, Ian   Dochartaigh and the Deputy Chair Conor McGuinness. The members' expertise and experience added a great deal to board business in 2021. I would like to give a particular word of thanks to the Deputy Chair Barra   Muir  who acted as interim Chair. Special thanks goes to the members whose period of membership came to an end in 2021: Barra, mentioned already, Niall   Gallchobhair, M aire N  Neachtain and Sorcha N  Ch eidigh.

Regina U  Chollat in, Chairperson, Foras na Gaeilge



Bhí sé d'onóir agam an suíochán a ghlacadh mar Chathaoirleach i mí na Bealtaine 2021 agus fáiltím go mór roimh na ceapacháin bhoird a rinne an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas thar ceann an dá rialtas in 2021: Maighréd Ní Chonghaile, Freda Ní Giolla Chatháin, Ian Ó Dochartaigh agus an Leaschathaoirleach Conor McGuinness. Chuir saineolas agus taithí na gComhaltaí go mór le gnó an bhoird in 2021. Ba mhaith liom focal buíochais ar leith a thabhairt don Leaschathaoirleach Barra Ó Muirí a d'fheidhmigh mar Chathaoirleach eatramhach. Tá buíochas ag dul do na comhaltaí ar tháinig deireadh le tréimhse a gceapacháin in 2021: Barra, a luadh cheana, Niall Ó Gallchobhair, Máire Ní Neachtain agus Sorcha Ní Chéidigh.

Regina Uí Chollatáin, Cathaoirleach, Foras na Gaeilge



Corporate Main Objective 1:

Perpetuate and increase the daily use of Irish

Create opportunities for use to empower Irish speaking communities, including Gaeltacht communities, to use the Irish language, including reading Irish.

The Irish Language Communities Scheme

It was ensured that targets agreed with successful candidates under the Irish Language Communities Scheme pertaining to the use of Irish were achieved by continuous monitoring of the implementation of the scheme and the provision of training opportunities for development officers. Twenty-two local committees throughout the country were funded through the Irish Language Communities Scheme. This is a major Foras na Gaeilge support scheme, through which a network of twenty-two Irish language development officers are employed in the areas of the Irish language committees to implement a development programme throughout the year.

The Foras na Gaeilge Board authorised an extra one-off grant for current grantees of this scheme worth €10,000/£8,700 each in 2021.

An application process for the successor to this scheme was run for the period 2022 onwards, the Irish Language Networks Development Scheme 2022-2024, and thirty-six applicants were successful under that round, for which a fund of €4,301,379 was available.

Mórchuspóir Corparáideach 1:

Úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú

Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge, lena n-áirítear léitheoireacht na Gaeilge.

An Scéim Pobal Gaeilge

Deimhníodh gur baineadh amach na spriocanna aontaithe leis na hiarrthóirí rathúla faoin Scéim Pobal Gaeilge, a bhaineann le húsáid na Gaeilge, trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil do na hoifigigh forbartha. Maoiníodh 22 coiste áitiúla ar fud na tíre tríd an Scéim Pobal Gaeilge. Is mórscéim tacaíochta de chuid Fhoras na Gaeilge í seo, trína bhfuil gréasán 22 oifigeach forbartha Gaeilge fostaithe i gceantair na gcoistí Gaeilge le clár forbartha pobail a chur i bhfeidhm ar feadh na bliana.

D'údaraigh Bord Fhoras na Gaeilge deontas breise aonuaire do dheontaithe reatha de chuid na scéime seo de luach €10,000/£8,700 an ceann in 2021.

Reáchtáladh próiseas iarratais do chomharba na scéime seo don tréimhse 2022 ar aghaidh, an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-2024, agus d'éirigh le 36 iarratasóir faoin mbabhta sin, a raibh ciste €4,301,379 ar fáil dó.

ADVANCED LEVEL (areas which have recognition as an Irish language network)			
Name of the organisation	County	€	£
Muintir Chrónáin Teo.	Dublin	€141,000	
Líonra Leitir Ceanainn	Donegal	€141,000	
Gaelfhorbairt na Gaillimhe	Galway	€141,000	
Ionad Uíbh Eachach	Antrim		£123,000
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Derry		£123,000
An Clár as Gaeilge	Clare	€141,000	
Gaeilge Locha Riach	Galway	€141,000	
Coiste Dúiche Mhaigh Eo	Mayo	€141,000	
Glór na Móna	Antrim		£123,000
INTERMEDIARY LEVEL			
Glór Cheatharlach	Carlow	€141,000	
An Cumann Gaelach, Muineachán	Monaghan	€141,000	
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Antrim		£123,000
Gaelphobal Ard Mhacha Theas	Armagh		£123,000
Gaeil na nGlinntí	Antrim		£123,000
Cill Dara le Gaeilge	Kildare	€141,000	
Glór na Speiríní	Derry		£123,000
Ionad na Fuiseoige	Antrim		£123,000
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	Down		£123,000
Pobal ar A'n Iúil	Tyrone		£123,000
The Irish Guild of the Church of Ireland	Dublin	€141,000	
Cumann Gaelach Leath Chathail	Down		£123,000
Glór Uachtar Tíre	Down		£123,000
An Droichead	Antrim		£123,000
Cairde Teo	Armagh		£123,000
Comhluadar Luimnigh	Limerick	€132,000	
Croí Éanna	Antrim		£123,000
Gaelphobal Thamhlachta	Dublin	€138,000	
Cairde Uí Néill	Tyrone		£123,000
BASIC LEVEL			
Glór Dhún Geimhin	Derry		£39,000
Tús Nua	Fermanagh		£39,000
Glor Léim an Mhadaidh	Derry		£39,000
Glór Inis Eoghain	Donegal	€45,000	
Gaeilge Nuada	Kildare	€45,000	
Craobh an Iúir	Down		£39,000
Craobh Pheadair Uí Dhubhda	Louth	€45,000	
Pobal Gaeilge 15	Dublin	€45,000	

ARDCHÉIM (ceantair a bhfuil aitheantas acu mar líonra Gaeilge)			
Ainm na heagraíochta	Contae	€	£
Muintir Chrónáin Teo.	Baile Átha Cliath	€141,000	
Líonra Leitir Ceanainn	Dún na nGall	€141,000	
Gaelfhorbairt na Gaillimhe	Gaillimh	€141,000	
Ionadh Uíbh Eachach	Aontroim		£123,000
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Doire		£123,000
An Clár as Gaeilge	An Clár	€141,000	
Gaeilge Locha Riach	Gaillimh	€141,000	
Coiste Dúiche Mhaigh Eo	Maigh Eo	€141,000	
Glór na Móna	Aontroim		£123,000
MEÁNCHÉIM			
Glór Cheatharlach	Ceatharlach	€141,000	
An Cumann Gaelach, Muineachán	Muineachán	€141,000	
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Aontroim		£123,000
Gaelphobal Ard Mhacha Theas	Ard Mhacha		£123,000
Gaeil na nGlinntí	Aontroim		£123,000
Cill Dara le Gaeilge	Cill Dara	€141,000	
Glór na Speiríní	Doire		£123,000
Ionad na Fuisseoige	Aontroim		£123,000
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	An Dún		£123,000
Pobal Ar A'n Iúl	Tír Eoghain		£123,000
Cumann Gaelach na hEaglaise	Baile Átha Cliath	€141,000	
Cumann Gaelach Leath Chathail	An Dún		£123,000
Glór Uachtar Tíre	An Dún		£123,000
An Droichead	Aontroim		£123,000
Cairde Teo	Ard Mhacha		£123,000
Comhluadar Luimnigh	Luimneach	€132,000	
Croí Éanna	Aontroim		£123,000
Gaelphobal Thamhlachta	Baile Átha Cliath	€138,000	
Cairde Uí Néill	Tír Eoghain		£123,000
BUNCHÉIM			
Glór Dhún Geimhin	Doire		£39,000
Tús Nua	Fear Manach		£39,000
Glór Léim an Mhadaidh	Doire		£39,000
Glór Inis Eoghain	Dún na nGall	€45,000	
Gaeilge Nuada	Cill Dara	€45,000	
Craobh an Iúir	An Dún		£39,000
Craobh Pheadair Uí Dhubhda	An Lú	€45,000	
Pobal Gaeilge 15	Baile Átha Cliath	€45,000	



Round tower in Clondalkin, Dublin, an Irish Language Network

Language planning

Irish Language Networks

Subject to the Gaeltacht Act (2012), Foras na Gaeilge ran an open application process under which five successful applicants were chosen to undertake the preparation of a language plan for the following areas which are recognised as Irish language networks: Ennis in Co. Clare, Clondalkin in Co. Dublin and Loughrea in Co. Galway in the Irish Government jurisdiction and two in the Executive jurisdiction, Carrnaghy in Co. Derry and West Belfast in Co. Antrim. The networks were made an offer in the third quarter of 2021 and these were accepted. The Minister of State launched the Ennis Network language plan officially in September 2021.

Gaeltacht Service Towns

Subject to the Gaeltacht Act (2012), Foras na Gaeilge is responsible for administrating an application

and support process for thirteen of the sixteen towns named by the government as places that could gain recognition as a Gaeltacht service town (GST). Support continued for language plans in the four Gaeltacht service towns where a lead organisation has already been appointed: Cork, Castlebar, Dungarvan and Cahersiveen. Application processes were run in Ballinrobe and Clifden, Co. Galway, with lead organisations appointed to undertake the language planning process in those areas. Gnó Mhaigh Eo and Forum Connemara were appointed to do this.

The Tralee language plan was sent to the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (RTCAGSM) for approval in May 2021.

The Galway language plan was approved in August 2021 and a recruitment round was carried out to appoint a language planning officer.

Pleanáil Teanga

Líonraí Gaeilge

Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012) reáchtáil Foras na Gaeilge próiseas oscailte iarratais faoinar roghnaíodh cúig iarratasóir rathúla le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú ar son na gceantar seo a leanas atá aitheanta mar Líonraí Gaeilge: Inis i gContae an Chláir, Cluain Dolcáin i gContae Bhaile Átha Cliath agus Baile Locha Riach i gContae na Gaillimhe i ndlínse Rialtas na hÉireann agus dhá cheann i ndlínse an Fheidhmeannais, Carn Tóchair i gContae Dhoire agus Iarthar Bhéal Feirste i gContae Aontroma. Rinneadh tairiscintí leis na líonraí sa tríú ráithe de 2021 agus glacadh leo. Sheol an tAire Stáit plean teanga Líonra na hInse go hoifigiúil mí Mheán Fómhair 2021.

Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012), tá Foras na Gaeilge freagrach as próiseas iarratais agus tacaíochta a riar do thrí cinn déag de na 16 baile atá ainmnithe ag an rialtas mar áiteanna a d'fhéadfadh aitheantas mar Bhaile

Seirbhíse Gaeltachta (BSG) a bhaint amach. Leanadh den tacaíocht leis na pleananna teanga sna ceithre bhaile seirbhíse Gaeltachta a bhfuil ceanneagraíocht ceaptha cheana dóibh: Corcaigh, Caisleán an Bharraigh, Dún Garbhán agus Cathair Saidhbhín. Reáchtáladh próisis iarratais i mBaile an Róba agus ar an gClochán le ceanneagraíochtaí a cheapadh le tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna ceantair siúd agus ceapadh Gnó Mhaigh Eo agus Forum Connemara lena dhéanamh.

Cuireadh plean teanga Thrá Lí chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) lena fhaomhadh i mí na Bealtaine 2021.

Ceadaíodh plean teanga na Gaillimhe i mí Lúnasa 2021 agus rinneadh babhta earcaíochta le hoifigeach pleanála teanga a cheapadh.

Sheol an tAire Stáit plean teanga BSG Leitir Ceanainn go hoifigiúil i mí an Mheithimh 2021, agus leanadh le



Cloigtheach i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath atá ina Líonra Gaeilge

The Minister of State launched the Letterkenny GST language plan officially in June 2021, and support continued to be provided for the implementation of the language plan.

Preparation has begun on a national language planning campaign outside of the Gaeltacht titled Gaelphobal that includes a website, a podcast series, a brand, social media platforms and local videos. The campaign is to be launched during 2022.

The Community Radio Scheme

The Community Radio Scheme was reannounced in 2021 and a grant was approved for the two successful applicants, €840,000 for Raidió na Life in Dublin and £730,800 for Raidió Fáilte in Belfast over three years, 2022-2024. Raidió na Life is based in the Foras na Gaeilge head office on Amiens Street and Raidió Fáilte is situated in a newly built building in the centre of Belfast. Both stations broadcast around 160 hours of Irish language material per week. A wide

range of material is used, for instance interviews with authoritative and knowledgeable persons not heard on other media and there is a variety of music that is not influenced by the charts in order to attract a faithful audience in the two cities and throughout the world through the live broadcast online at www.raidionalife.ie and www.raidiofailte.com. The most important aspects of the work done by the two stations in the community radio sector include ongoing cooperation between them and various meetings throughout 2021, of which the swapping of slots is the most conspicuous aspect.

Turas – East Belfast Mission

The main goal of Turas is to promote, foster and strengthen the use of Irish in Protestant and unionist areas. They aim to increase and promote the status and use of the language among the community, both young and old. Activities underway include Irish language classes, the celebration of Seachtain na Gaeilge, an event in Good Relations Week, intensive

*Ennis, Co. Clare,
an Irish Language
Network*





Líonra Gaeilge na hInse, Co. an Chláir

tacaíochtaí a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an phlean teanga.

Cuireadh tús le hullmhúchán maidir le feachtas náisiúnta pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht dár teideal Gaelphobal a bhfuil suíomh idirlín, sraith podchraoltaí, branda, ardáin meáin shóisialta agus físeáin áitiúla mar chuid de. Tá an feachtas le seoladh le linn 2022.


An Scéim Raidió Pobail

Athfhógraíodh an Scéim Raidió Pobail in 2021 agus ceadaíodh deontas don dá iarratasóir rathúla, €840,000 do Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus £730,800 do Raidió Fáilte i mBéal Feirste thar thrí bliana, 2022-2024. Tá Raidió na Life suite i gceannáras Fhoras na Gaeilge ar Shráid Amiens agus tá Raidió Fáilte suite i bhfoirgneamh nuathógtha i lár Bhéal Feirste. Craolann an dá stáisiún timpeall is 160 uair an chloig d'ábhar Gaeilge in aghaidh na seachtaine. Úsáidtear réimse leathan ábhair, agallaimh le daoine údarásacha agus eolacha nach gcloistear ar mheáin

eile agus tá éagsúlacht sa cheol nach bhfuil go hiomlán faoi anáil na gcairteacha le lucht éisteachta dílis a mhealladh sa dá chathair agus ar fud an domhain tríd an gcaoladh beo ar line ag www.raidionalife.ie agus www.raidiofailte.com. Ar na gnéithe is tábhachtaí den obair a dhéanann an dá stáisiún in earnáil an raidió pobail tá an comhoibriú leanúnach eatarthu agus cruinnithe éagsúla i rith 2021, arb é malartú sliotán an ghné is feiceálaí de.

Turas – Misean Oirthear Bhéal Feirste

Is é an phríomhspríoc atá ag Turas an Ghaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú i gceantair Phrotastúnacha agus aontachtacha. Tá sé mar aidhm acu stádas agus úsáid na teanga a mhéadú agus a fheabhsú i measc an phobail, idir óg agus aosta. I measc na n-imeachtaí a bhíonn ar siúl acu tá; ranganna Gaeilge, ceiliúradh Sheachtain na Gaeilge, imeacht de chuid Sheachtain an Dea-chaidrimh, dianchúrsaí, cainteanna, cur i láthair,



courses, talks, presentations, videos, social nights as well as singing and dancing classes. They made great progress last year when they opened a new Irish medium nursery school in east Belfast, Naíscóil na Seolta. There is a library as well where two people work voluntarily. They have an outreach officer who uses the existing resources to improve learners' Irish and increase the number of events. They have a projects officer who fosters links between the history of Irish in the area and entertainment, history and nature projects in east Belfast. They seek to link historic places associated with Conn Ó Néill, the last Gaelic chieftain in the area, with Connswater Community Greenway, a special nature project in east Belfast.

Oireachtas na Gaeilge

Oireachtas na Gaeilge has been appointed lead organisation in the major area that creates opportunities supporting the use of Irish and establishing networks. A grant of €622,594 was approved for Oireachtas na Gaeilge during the year 2021. Events in 2021 included:

- *Virtual Halloween Oireachtas – forty-seven official events were organised over ten days, there were fourteen broadcasts on national media and twenty-one organisations, institutions and companies organised events in partnership with the Oireachtas.*
- *The communication awards – there was a limited number of people*


present at the event, sixty in total, and fourteen awards were presented.

- *Literary competitions – this was a virtual event. A prize fund of €26,800 was presented.*
- *Culture Night – there were virtual events and on-site events. 7,964 people attended the virtual events and 1,563 attended the on-site events.*

Partnerships were also formed with other events such as: podcasts from the Oireachtas literary store, Sean-Nós na Fearsaíde, Women's Christmas Eve, Féastaí Sráide (Street Feasts), Parkrun Abú, performing arts workshops, International Women's Day and a literary event at Kildare Readers' Festival.

The Publishing Awards 2021

The Irish Language Books of the Year publishing awards were presented – the Réics Carló Award (Book of the Year for Young Readers), the Ó Súilleabháin Award (Book of the Year for Adult Readers) and a brand new award for translated works, the de Bhaldraithe Award in memory of Tomás de Bhaldraithe. This work is done in partnership with Oireachtas na Gaeilge and its importance, especially as regards communication, is that it recognises good practice, creativity and presentation at all levels of the process of preparing a book for the market. The Réics Carló award was presented to the Futa Fata publishing house for the work Cluasa Capaill ar an Rí by Bridget Bhreathnach



fiseáin, oícheanta sóisialta chomh maith le ranganna amhránaíochta agus damhsa. Rinne siad dul chun cinn mór anuraidh nuair a d'oscail siad naíscóil nua in oirthear Bhéal Feirste, Naíscóil na Seolta. Tá leabharlann ann chomh maith ina bhfuil beirt ag obair go deonach. Tá oifigeach for-rochtana acu a bhaineann úsáid as na hacmhainní atá ann le cur le Gaeilge na bhfoghlaimeoirí agus leis an líon imeachtaí a bhíonn acu. Tá oifigeach tionscadal acu a bhíonn ag cothú nasc idir stair na Gaeilge sa cheantar agus tograí siamsaíochta, staire agus dúlra in oirthear Bhéal Feirste. Tá siad ag iarraidh áiteanna stairiúla a bhaineann le Conn Ó Néill, an taoiseach deireanach Gaelach sa cheantar, a nascadh le Connswater Community Greenway, saintionscadal dúlra in oirthear Bhéal Feirste.

Oireachtas na Gaeilge

Tá Oireachtas na Gaeilge ceaptha mar cheanneagraíocht sa mhór-réimse a chruthaíonn deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán. Ceadáíodh deontas ar luach €622,594 d'Oireachtas na Gaeilge le linn na bliana 2021. I measc imeachtaí 2021 bhí:

- *Oireachtas na Samhna Fíorúil – reáchtáladh 47 imeacht oifigiúla thar dheich lá, rinneadh 14 craoladh ar na meáin náisiúnta agus d'eagraigh 21 d'eagraíochtaí, institiúidí agus comhlachtaí imeachtaí i bpáirt leis an Oireachtas.*
- *Na gradaim chumarsáide – bhí líon*

teoranta daoine i láthair ag an ócáid, 60 san iomlán, agus bronnadh 14 gradam déag.

- *Comórtais liteartha – ócáid fhíorúil a bhí ann. Bronnadh duaischiste €26,800.*
- *Oíche Chultúir – bhí ócáidí fíorúla agus ócáidí ar an láthair ann. D'fhreastail 7,964 dhuine ar na himeachtaí fíorúla agus 1,563 ar na himeachtaí ar an láthair.*

Ina theannta sin, rinneadh comhpháirtíocht le himeachtaí eile ar nós: podchraoltaí ó thaisce liteartha an Oireachtais, Sean-Nós na Fearsaíde, Oíche Nollag na mBan, Féastaí Sráide Parkrun Abú, ceardlanna taibhealaíne, Lá Idirnáisiúnta na mBan agus ócáid liteartha ag Féile Léitheoirí Chill Dara.

Na Gradaim Foilsitheoireachta 2021

Bronnadh gradaim foilsitheoireachta Leabhair Ghaeilge na Bliana – Gradam Réics Carló (Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg), Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta) agus gradam úrna do shaothair aistriúcháin, Gradam de Bhaldráithe i ndilchuimhne ar Thomás de Bhaldráithe. Is i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge a dhéantar an obair seo agus is é an tábhacht atá léi, ó thaobh na cumarsáide de go háirithe, go dtugann na gradaim seo aitheantas do dhea-chleachtas, do chruthaíocht agus do chur i láthair ag gach aon leibhéal den phróiseas a bhaineann le leabhar a ullmhú don mhargadh. Is ar an

and illustrated by Shona Shirley Macdonald. The de Bhaldraithe award was presented to Dalen Éireann for the work *Taisce Raga Rua*, a powerful translation by Gabriel Rosenstock. The Ó Súilleabháin award was presented to Noel Ó Gallchóir for the self-published work *Aisteoirí Ghaoth Dobhair 1931-1981*. A total prize fund of €17,000 was announced.

The Business Support Scheme

Funding was provided to forty-seven businesses through the Business Support Scheme in 2021, out of a total budget of €60,000.

Business Support Resources

Thirty-three specific resources have been developed for the business sector and are available free from the self-ordering system on the Foras na Gaeilge website – <https://www.forasnagaeilge.ie/about-foras-na-gaeilge/our-role-supporting-you/gno-means-business/business-resources/?lang=en>. There is a choice of self-adhesive signs, badges, posters, leaflets and other support items in the package to increase the visibility of Irish in a business environment. In 2021 2,146 resources were distributed in sixty-four orders to twenty counties throughout the country. An order was sent to Scotland as well. The *A Little Irish Made Easy* leaflet was the most requested resource.

Q-Mark for Irish

The National Standards Authority of Ireland (NSAI) carried out an annual examination of the processes associated with Q-Mark under the direction of Foras na Gaeilge and they recertified this seal of quality recognition as an ISO 9001:2015 standard. The external auditor examined three other businesses during 2021 and they were awarded the Business with Irish Q-Mark in 2021. Another twelve business have been recognised to begin the auditing process in 2022.

Glór na nGael

€1,078,615 of funding was approved for the lead organisation Glór na nGael to complete a programme of work in the area of community and economic development in 2021. The activities they completed in 2021 included:

- *1,228 promotional visits in total:*
- *516 visits to GAA clubs*
- *472 visits to community committees*
- *240 visits to visits to Scéim Teanga Tí participants*

Fifty-four community committees registered with Glór na nGael schemes during 2021:

- *Forty-seven committees registered for the Glór na nGael competition.*
- *Twenty-one committees registered for the Steps scheme.*
- *Seven Irish language clubs in the third level colleges registered*

teach foilsitheoireachta Futa Fata a bronnadh Gradam Réics Carló ar son an tsaothair *Cluasa Capaill ar an Rí* le Bridget Bhreathnach agus maisithe ag Shona Shirley MacDonald. Bronnadh Gradam de Bhaldraithe ar Dalen Éireann as an saothar Taisce Raga Rua, aistriúchán cumasach a rinne Gabriel Rosenstock. Is ar Noel Ó Gallachóir a bronnadh Gradam Uí Shúilleabháin as an saothar féinfoilsithe, *Aisteoirí Ghaoth Dobhair 1931-1981*. Fógraíodh duaischiste iomlán €17,000.

An Scéim Tacaíochta Gnó

Cuireadh maoiniú ar fáil do 47 gnólacht tríd an Scéim Tacaíochta Gnó in 2021, as buiséad iomlán €60,000.

Áiseanna Tacaíochta Gnó

Tá 33 sain-áis tacaíochta don earnáil gnó forbartha agus ar fáil saor in aisce ón gcóras féinordaithe ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge – www.forasnagaeilge.ie/maidir-le-foras-na-gaeilge/ar-rol-ag-tacu-leatsa/gno-means-business/acmhainni-gno/. Tá rogha de chomharthaí féinghreamaithe, suaitheantais, póstaer, bileoga agus earraí tacaíochta eile sa phacáiste chun cur le hinfheictheacht na Gaeilge i dtimpeallacht ghnó. In 2021 dáileadh 2,146 áis i 64 ordú chuig 20 contae ar fud na tíre. Cuireadh ordú go hAlbain chomh maith. Is é an bhileog *A Little Irish Made Easy* an áis is mó a iarradh.

Q-Mharc don Ghaeilge

Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) scrúdú bliantúil ar na próisis a bhaineann leis an Q-Mharc faoi stiúir Fhoras na Gaeilge agus d'athdheimhnigh siad an séala aitheantais ardchaighdeáin seo mar chaighdeán de chuid ISO 9001:2015. Chuir an t-iniúchóir seachtrach trí ghnólacht eile faoi scrúdú le linn 2021 agus bronnadh an séala Q-Mharc Gnó le Gaeilge orthu in 2021. Tá 12 gnólacht eile aitheanta le tús a chur leis an bpróiseas iniúchta in 2022.

Glór na nGael

Ceadaíodh €1,078,615 don cheanneagraíocht Glór na nGael chun clár oibre a chur i gcrích i réimse na forbartha pobail agus geilleagair in 2021. Ar na gníomhaíochtaí a chuir siad i gcrích in 2021 bhí:

- 1,228 *gcuairt timireachta san iomlán:*
- 516 *chuaire ar chlubanna CLG*
- 472 *chuaire ar choistí pobail*
- 240 *cuaire ar rannpháirtithe sa scéim Teanga Tí*

Chláraigh 54 coiste pobail le scéimeanna Ghlór na nGael le linn 2021:

- 47 *coiste a chláraigh le haghaidh chomórtas Ghlór na nGael.*
- 21 *coiste a chláraigh leis an scéim Céimeanna.*
- *Chláraigh seacht gcumann Ghaelacha sna coláistí tríú leibhéal*



with the Irish Language Clubs Competition 2021.

Regarding the Joe McDonagh Foundation, which is organised in conjunction with the Gaelic Athletic Association to promote the language at the level of local clubs, 189 clubs were registered in 2021. Thirty-seven clubs were adjudicated. Five gold medals, six silver medals and twenty-one bronze medals were awarded. With help and advice from Glór na nGael staff, thirty-seven GAA clubs wrote a language plan based on the results of the national survey during 2021.

Scéim Teanga Tí (www.teangati.ie) continued to be developed during 2021:

- *Twenty-six newsletters were sent to the database in which there are 1,430 families.*
- *Thirty-two groups were registered in the Home Language group in the community.*
- *Thirty more Home Language groups were registered in school communities around the country.*

• *The Department of Irish, National University of Ireland, Galway, carried out a study of families raising their children with Irish outside of the Gaeltacht and the report will be ready in 2022.*

• *An awareness campaign on raising children with Irish was organised on Instagram, Facebook and Twitter.*

Sixty-one community committees registered for businesses in their area to take part in a newly announced scheme, Gradaim Ghnó (www.gradaim.ie). Businesses will be able to win a gold, silver and bronze medal depending on their ability to provide an Irish language service, or the use of Irish in branding their products, or their signage and marketing material.

Cultural Centres Scheme

Two cultural centres, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in Belfast and Cultúrlann Uí Chanáin in Derry, are being funded under this scheme on a three year basis under the current round from 2021 to 2023 with £672,000 of investment in total.



le Comórtas na gCumann Gaelach 2021.

Maidir le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, a eagraítear i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael leis an teanga a chur chun cinn ag leibhéal clubanna áitiúla, cláraíodh 189 gcumann in 2021. 37 cumann a chuaigh faoi mholtóireacht. Bronnadh cúig bhonn óir, sé bhonn airgid agus 21bonn cré-umha. Le cuidiú agus comhairle ó fhoireann Chlór na nGael, scríobh 37 club CLG plean teanga bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé náisiúnta le linn 2021.

Leanadh le forbairtí ar an scéim Teanga Tí (www.teangati.ie) le linn 2021:

- *Seoladh 26 nuachtlitir chuig bunachar sonraí ina bhfuil 1,430 teaghlach.*
- *Cláraíodh 32 grúpa Teanga Tí sa phobal.*

• *Cláraíodh 30 grúpa Teanga Tí breise i scoilphobail timpeall na tíre.*

• *Rinne Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, staidéar ar theaghlach atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus beidh an tuairisc réidh in 2022.*

• *Eagraíodh feachtas feasachta ar thógáil clainne le Gaeilge ar Instagram, Facebook agus Twitter.*

61 coiste pobail a chláraigh le haghaidh gnólachtaí ina gceantair le páirt a ghlacadh sa scéim nua-fhógartha, Gradaim Ghnó (www.gradaim.ie). Beidh gnólachtaí ábalta boinn óir, airgid agus cré-umha a bhaint amach ag brath ar a gcumas seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil, nó úsáid na Gaeilge i mbrandáil a gcuid tairgí, nó ar a gcuid comharthaíochta agus ábhar margaióchta.

Scéim na gCultúrlann

Tá dhá chultúrlann, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste agus Cultúrlann Uí Chanáin i nDoire, á maoiniú faoin scéim seo ar bhonn tréimhse trí bliana faoin mbabhta reatha ó 2021 go 2023 le £672,000 d'infheistíocht iomlán.

The Accommodation for Irish Language Community Centres Scheme

A new scheme was run to provide one-off support for Irish language community centres by the end of 2021 and a grant of up to €23,500/£20,500 was made available to eighteen applicants out of a total fund of €400,000.

Name of the organisation	County	€	£
Muintir Chrónáin Teo.	Dublin	€23,500	
Gaelfhorbairt na Gaillimhe	Galway	€23,500	
Ionad Uíbh Eachach	Antrim		£20,500
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Derry		£20,500
Glór na Móna	Antrim		£20,500
Cumann Chluain Ard	Antrim		£20,500
Aonach Mhacha	Armagh		£20,500
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Antrim		£20,500
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	Down		£20,500
Craobh an Iúir – Conradh na Gaeilge	Down		£20,500
Glór Dhún Geimhin	Derry		£20,500
An Droichead	Down		£20,500
Glor Léim an Mhadaidh	Derry		£15,480
Conradh na Gaeilge, An tAonach	Tipperary	€17,301	
Craobh Inse Chór	Dublin	€23,500	
Scoil na Fuisseoige	Antrim		£20,500
Glór Uachtar Tíre	Down		£10,265
Gaelphobal Thamhlachta – Conradh na Gaeilge	Dublin	€23,500	

An Scéim Cóiríochta d'Ionaid Phobail Ghaeilge

Reáchtáladh scéim úr chun tacaíocht aonuaire a chur ar fáil d'ionaid phobail Ghaeilge faoi dheireadh 2021 agus cuireadh deontas suas go €23,500/£20,500 ar fáil do 18 iarratasóir as ciste iomlán €400,000:

Ainm na heagraíochta	Contae	€	£
Muintir Chrónáin Teo.	Baile Átha Cliath	€23,500	
Gaelfhorbairt na Gaillimhe	Gaillimh	€23,500	
Ionad Uíbh Eachach	Aontroim		£20,500
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Doire		£20,500
Glór na Móna	Aontroim		£20,500
Cumann Chluain Ard	Aontroim		£20,500
Aonach Mhacha	Ard Mhacha		£20,500
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Aontroim		£20,500
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	An Dún		£20,500
Craobh an Iúir – Conradh na Gaeilge	An Dún		£20,500
Glór Dhún Geimhin	Doire		£20,500
An Droichead	An Dún		£20,500
Glór Léim an Mhadaidh	Doire		£15,480
Conradh na Gaeilge, An tAonach	Tiobraid Árann	€17,301	
Craobh Inse Chór	Baile Átha Cliath	€23,500	
Scoil na Fuiseoige	Aontroim		£20,500
Glór Uachtar Tíre	An Dún		£10,265
Gaelphobal Thamhlachta – Conradh na Gaeilge	Baile Átha Cliath	€23,500	

Irish Language Media

A five-year grant worth €1,700,000 was approved for Tuairisc.ie in 2020 until June 2025. The online newspaper www.tuairisc.ie was published daily during 2021 and there were 1,089,417 visits to the site including 410,106 unique users; there were 1,746,858 page views of the site and 218,083 followers of Tuairisc.ie on social media.

A five-year grant worth €400,000 was approved for Comhar until June 2025. Twelve editions of the magazine were published from the start of 2021 and 1,700 copies of the print magazine were sold, both subscribers and shop copies. There were 30,297 visits to the site and 18,304 unique users during the year. There were 35,022 followers of Comhar on social media.

A five-year grant worth £344,000 was approved for Rua Media until June 2025. Monthly editions of the feature magazine NÓS.ie (www.nos.ie) were published online during 2021. There were more than 119,500 visitors to the magazine's site, 73,611 unique users and there were 91,394 followers of NÓS.ie on social media.

The Festivals Scheme

This scheme focuses on fostering and promoting Irish language arts, language based arts and the heritage of the Irish language through the medium of Irish or bilingually as an integral part of a festival, and to provide a platform for the Irish language community, the wider

community and the arts sector. Funding of €95,596 was provided to forty-seven festivals in both jurisdictions of which the promotion of the Irish language of the Irish language was an central part. Due to COVID-19, groups had to make changes to festival programmes of events and adapt them to run them online.

The Drama Companies Scheme

This scheme focuses on Irish language drama companies which aim to foster, develop and provide Irish language drama to the Irish language community, the general public and the education sector. This scheme also focuses on the development of audiences. Funding of €262,226 was provided to fourteen drama companies in both jurisdictions.

Due to COVID-19, groups had to amend programmes of work and provide events virtually or run them in accordance with the guidelines of both governments. Fourteen groups succeeded in completing an amended work programme.

The Major Arts Events Scheme

This scheme focuses on major events which aim to foster and promote the Irish language and language-based Irish language arts through the medium of Irish or bilingually as a part of a major event. The scheme



Na Meáin Ghaeilge

Ceadaíodh deontas cúig bliana ar luach €1,700,000 do Tuairisc.ie in 2020 go Meitheamh 2025. Foilsíodh an nuachtán ar líne www.tuairisc.ie go laethúil agus le linn 2021 bhí 1,089,417 gcuairt ar an suíomh le 410,106 shainúsáideoir san áireamh; bhí 1,746,858 n-amharc leathanaigh ar an suíomh agus bhí 218,083 leantóir ag meáin shóisialta Tuairisc.ie.

Ceadaíodh deontas cúig bliana ar luach €400,000 do Comhar go Meitheamh 2025. Foilsíodh 12 eagrán den iris ó thús 2021 agus díoladh 1,700 cóip den iris chlóite, idir shíntiúsóirí agus chóipeanna siopa. Tugadh 30,297 gcuairt ar an suíomh agus bhí 18,304 shainúsáideoir ann le linn na bliana. Bhí 35,022 leantóir ag meáin shóisialta Comhar.

Ceadaíodh deontas cúig bliana ar luach £344,000 do Rua Media go Meitheamh 2025. Foilsíodh eagrán mhíosúla den ghné-iris NÓS.ie (www.nos.ie) ar líne le linn 2021. Bhí os cionn 119,500 cuairteoir ar shuíomh na hirise, 73,611 sainúsáideoir agus bhí 91,394 leantóir ag meáin shóisialta NÓS.ie.

Scéim na bhFéilte

Díríonn an scéim seo ar na healaíona Gaeilge, na healaíona teangabhunaithe agus oidhreacht na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach, mar dhlúthchuid d'fhéile, agus ardán a chur ar fáil do phobal na Gaeilge, don mhórphobal

agus d'earnáil na n-ealaíon. Cuireadh maoiniú €95,596 ar fáil do sheacht bhféile is daicheadi ndlínse an Fheidhmeannais agus i ndlínse Rialtas na hÉireann a raibh cur chun cinn na Gaeilge mar chuid lárnach díobh. De bharr COVID-19 b'éigean do ghrúpaí athruithe a dhéanamh ar chlár imeachtaí na bhféilte agus iad a chur in oiriúint chun iad a réachtáil go fíorúil.


Scéim na gCompántas Drámaíochta

Díríonn an scéim seo ar chompántais drámaíochta Ghaeilge a bhfuil sé mar aidhm acu drámaíocht na Gaeilge a chothú, a fhorbairt, agus a chur ar fáil do phobal na Gaeilge, don mhórphobal, agus don earnáil oideachais. Lena chois sin, is ar fhorbairt an phobail féachána ar imeachtaí drámaíochta a dhíríonn an scéim seo. Cuireadh maoiniú €262,226 ar fáil do 14 compántas drámaíochta i ndlínse an Fheidhmeannais agus i ndlínse Rialtas na hÉireann.

De bharr COVID-19, bhí ar ghrúpaí clár oibre a leasú agus imeachtaí a chur ar siúl go fíorúil nó iad a réachtáil ag cloí le treoracha an dá rialtas. D'éirigh le 14 grúpa clár oibre leasaithe a chur i gcrích.

Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon

Díríonn an scéim seo ar mhór-imeachtaí a bhfuil sé d'aidhm acu an Ghaeilge agus na healaíona



also focuses on Irish language social networks, the general public and the arts sector on an all-island and international basis. Funding of €50,000 was provided to seven groups in the Irish government jurisdiction and in the Executive jurisdiction. Due to COVID-19, groups had to amend programmes of work and provide events virtually or run them subject to the guidelines of the two governments. Seven groups succeeded in completing amended programmes of work.

Specialist Training Courses in the Public Sector

Under this scheme Foras na Gaeilge provides funding support to an organisation to provide specialist training courses for the public sector, to enable them to offer services to the Irish language community and to public sector staff in both jurisdictions so that they can serve that community appropriately. This contract has been agreed at present with Gaelchultúr and 573 employees in the public sector have undertaken the Certificate in Professional Irish at various levels in 2021.

Gaelchultúr won the competition to run *OneLearning* during the summer to appoint a provider to make available

Irish language courses for the public sector. Gaelchultúr has that contract from 2017. Gaelchultúr has developed a new level of the Certificate in Professional Irish and that new course, Leibhéal 2, will be launched in March 2022.

In 2020, Gaelchultúr designed and delivered a new course aimed at telephonists and those involved in customer care in local authorities and the public sector. The course ran for the first time in May of that year and was taken by 103 people.

Along with other courses provided to the public and public sector employees, Gaelchultúr ran twenty-seven specialist courses for particular organisations during the year. Among those organisations were TG4, the Ombudsman's Office, the Revenue Commissioners' Office, Quality and Qualifications Ireland and the Houses of the Oireachtas.

In August 2021, and for the tenth time, Gaelchultúr provided an Irish language intensive course for teachers in Gaeltacht secondary schools and in Irish-medium Schools, in conjunction with COGG. Last year's course took place online and eighty-five teachers from all parts of the island attended. Gaelchultúr staff launched a brand new website in December 2021.



teangabhunaithe Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach mar dhlúthchuid de mhóriméacht. Lena chois sin díríonn an scéim ar na gréasáin shóisialta Ghaeilge, ar an mórfhobal agus ar earnáil na n-ealaíon ar bhonn uile-oileáin agus go hidirnáisiúnta. Cuireadh maoiniú €50,000 ar fáil do sheacht ngrúpa i ndlínse an Fheidhmeannais agus i ndlínse Rialtas na hÉireann. De bharr COVID-19, bhí ar ghrúpaí cláir oibre a leasú agus imeachtaí a chur ar siúl go fíorúil nó iad a reáchtáil faoi réir ag treoracha an dá rialtas. D'éirigh le seacht ngrúpa cláir oibre leasaithe a chur i gcrích.

Sainchúrsaí Oiliúna don Earnáil Phoiblí

Faoin scéim seo cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht mhaoinithe ar fáil d'eagraíocht le sainchúrsaí oiliúna don earnáil poiblí a sholáthar, le cur ar a gcumas seirbhísí a thairiscint do phobal na Gaeilge agus d'fhoireann na hearnála poiblí sa dá dhlínse ionas go mbeidh siad in ann freastal cuí a dhéanamh ar an bpobal céanna. Tá an Conradh seo aontaithe faoi láthair le Gaelchultúr, agus thug 573 fhostaí de chuid na hearnála poiblí faoin Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil ag leibhéal éagsúla in 2021.

Bhuaigh Gaelchultúr an comórtas

le *OneLearning* a reáchtáil le linn an tsamhraidh chun soláthraí a cheapadh le cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil don earnáil poiblí. Tá an Conradh sin ag Gaelchultúr ó 2017. Tá leibhéal nua den Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil forbartha ag Gaelchultúr agus seolfar an cúrsa nua sin, Leibhéal 2, i mí an Mhárta 2022.

Dhear Gaelchultúr cúrsa nua atá dírithe ar lucht freagartha gutháin agus lucht cúraim custaiméirí sna húdaráis áitiúla agus san earnáil poiblí in 2020 agus reáchtáil sé an cúrsa den chéad uair i mBealtaine na bliana sin. Thug 103 dhuine faoi in 2021.

I dteannta na gcúrsaí eile a cuireadh ar fáil don phobal agus d'fhostaithe de chuid na hearnála poiblí, reáchtáil Gaelchultúr 27 sainchúrsa d'eagraíochtaí faoi leith le linn na bliana. I measc na n-eagraíochtaí sin bhí TG4, Oifig an Ombudsman, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Dearbhú Cailíochtaí Éireann agus Tithe an Oireachtais.

I mí Lúnasa 2021, agus den deichiú huair, chuir Gaelchultúr dianchúrsa Gaeilge ar fáil do mhúinteoirí i meánscoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna, i gcomhar le COGG. Ar líne a bhí cúrsa na bliana seo caite ar siúl agus d'fhreastail 85 múinteoir as gach cearn den oileán orthu. Sheol foireann Gaelchultúr suíomh gréasáin úrnua i mí na Nollag 2021.

The Irish Language Officers Scheme

Four development officers were operating in three councils in the Executive jurisdiction and agreed annual plans with Foras na Gaeilge and the councils themselves. Due to COVID-19 and the hindrance to services, the contracts were extended under the current scheme until the end of July 2022.

Foras na Gaeilge was in regular contact with the Irish Language Development Officers' Association (COFG) in recent years. Regular meetings are organised between members of Foras na Gaeilge staff and the COFG Steering Committee to discuss developments and the work of the association, and funding was provided for the association in 2021, which enables it to carry out extra work such as developing a new website, for example.

The Freagra Service – Helpline for the Public Service (and for the General Public)

Freagra Nua Ltd provides a service and advice to the Irish language community and to those who deal with translation and terminology. Most of the queries come from the public service, government departments, state bodies, local authorities and educational institutions. Teachers, primary school pupils and second level students use the service. Other users


include a wide range of the public here and abroad. Queries come from Great Britain, other countries in Europe, the United States, Canada, Asia and Australia.

Aistear

Funding was provided to www.aistear.ie so it could continue to provide training and resources to translators, editors and to people who deal with written Irish. Aistear caters to a target reading audience, i.e. translators and editors and a broader public with www.ceimaraghaidh.ie.

The Seal of Accreditation for Translators

Foras na Gaeilge started the Accreditation System in 2006 in conjunction with the Translation Section in the Houses of the Oireachtas. It is a high level accreditation system which includes the complexity of the different dialects, modern and technical jargon, and official prose and communication. The highest standards are therefore ensured in the translation industry and the reputation of able translators is protected, and the Accreditation System has a central role in the continuous development of the language. 231 translators have been accredited under the system to date. Ulster University ran the examination for the Accreditation Seal on behalf of Foras na Gaeilge on 11th December 2021.



Scéim na nOifigeach Gaeilge

Bhí ceathrar oifigeach forbartha ag feidhmiú i dtrí chomhairle ó i ndlínse an Fheidhmeannais agus pleananna bliana aontaithe acu idir Foras na Gaeilge agus na comhairlí féin. De dheasca COVID-19 agus an bac ar sheirbhísí, cuireadh le fad na gconarthaí faoin scéim reatha go dtí deireadh Iúil 2022.

Bhí Foras na Gaeilge i dteagmháil rialta le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge (COFG) le blianta beaga anuas. Eagraítear cruinnithe rialta idir baill fhoireann Fhoras na Gaeilge agus Coiste Stiúrtha COFG chun cúrsaí forbartha agus obair an chumainn a phlé, agus cuireadh maoiniú ar fáil don chumann in 2021, a chuireann ar a gcumas obair bhreise a dhéanamh, ar nós láithreán gréasáin nua a fhorbairt, mar shampla.

An tSeirbhís Freagra – Líne Chabhrach don tSeirbhís Phoiblí (agus don Phobal i gCoitinne).

Cuireann Freagra Nua Ltd seirbhís agus comhairle ar fáil do phobal na Gaeilge agus do dhreamanna a bhíonn ag plé le haistriúchán agus téarmaíocht. Tagann formhór na bhfiosruithe ón tseirbhís phoiblí, ranna rialtais, comhlachtaí stáit, údaráis áitiúla agus institiúidí oideachais. Baineann múinteoirí, daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile úsáid as an tseirbhís. I measc úsáideoirí eile

tá réimse leathan den phobal anseo agus thar lear. Tagann fiosruithe ón mBreatain Mhór, tíortha eile san Eoraip, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Áise agus an Astráil.

Aistear

Cuireadh maoiniú ar fáil do www.aistear.ie chun gur féidir leo leanúint le hoiliúint agus acmhainní a chur ar fáil d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do dhaoine a bhí ag plé leis an nGaeilge scríofa. Freastalaíonn Aistear ar sprioclucht léitheoireachta, i.e. aistritheoirí agus eagarthóirí agus ar phobal níos leithne le www.ceimaraghaidh.ie

An Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí

Chuir Foras na Gaeilge tús leis an gCóras Creidiúnaithe in 2006 i gcomhar le Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais. Is córas ardleibhéil creidiúnaithe é seo, ina n-áirítear castacht na gcanúintí éagsúla, béarlagair nua-aimseartha agus teicniúil, agus próis agus cumarsáid oifigiúil. Cinntítear, mar sin, na caighdeáin is airde i dtionscal an aistriúcháin agus cosnaítear cáil na n-aistritheoirí cumasacha, agus tá ról lárnach ag an gCóras Creidiúnaithe i bhforbairt leanúnach na teanga. Tá 231 aistritheoir creidiúnaithe faoin gcóras go dtí seo. Is é Ollscoil Uladh a reáchtáil an scrúdú le haghaidh an tSéala Creidiúnaithe thar ceann Fhoras na Gaeilge ar an 11 Nollaig 2021.



Illumination of Leinster House, December 2021, as part of the celebration of Colmcille 1500

Foster the use of the Gaelic languages

Due to the pandemic, there were restrictions on live events and travel between Ireland and Scotland. Instead, innovative events were organised online which attracted a wider audience than onsite events would get. A substantial programme was organised as part of Colmcille 1500, a celebration of 1,500 years since the birth of Saint Colmcille, and there was a wide range of events.

The Summer Camps Scheme

Through the Summer Camps Scheme, Foras na Gaeilge provided grants for seventy-four camps throughout the island worth €141,309.

Youth Events Scheme

Through the Youth Events Scheme 2021/2022, Foras na Gaeilge provided grants worth €265,716 for sixty-five groups to provide events through Irish. Through the Youth Events Scheme 2021/2022, it is predicted that more than 5,442 young people will benefit from these opportunities.

The Investment Fund

One grant was approved for Naíscoil na Seolta under the Investment Fund for Establishing Preschool Provision and Childcare during 2021 and the Cúram Leanaí na Fuisseoige grant came to an end. Discussion was held with Comhairle na Gaelscolaíochta (Irish medium education council) about possibilities for 2022 and it was deemed that no committees would be applying for the scheme this year.

Cumann na bhFiann

€745,136 was approved for the lead organisation Cumann na bhFiann to complete a programme of work. This lead organisation organises a network of weekly clubs which includes fifty-eight weekly youthclubs that were held in each province for twenty-five weeks during the school year. More than 1,800 young people attend these clubs outside of school time under the direction of 150 voluntary youth workers. Cumann na bhFiann succeeded in running thirty-eight virtual clubs during 2021 while COVID-19 restrictions were in place and fourteen of these were aimed at young people who are primarily Irish-

Úsáid na dTeangacha Gaelacha a chothú

De dheasca na paindéime, bhí srianta ar imeachtaí beo agus ar thaisteal idir Éirinn agus Albain. Os a choinne sin, reáchtáladh imeachtaí nuálacha ar líne a tharraing éisteacht níos leithne ná mar a gheobhadh ócáidí ar an láthair. Eagraíodh clár substaintiúil mar pháirt de Cholmcille 1500, ceiliúradh ar 1,500 bliain ó rugadh Naomh Colmcille, agus bhí réimse leathan imeachtaí ann.

Scéim na gCampaí Samhraidh

Trí Scéim na gCampaí Samhraidh chuir Foras na Gaeilge deontais ar fáil le haghaidh 74 campa ar fud an oileáin ar luach €141,309.

Scéim na nImeachtaí Óige

Trí Scéim na nImeachtaí Óige 2021/2022 chuir Foras na Gaeilge deontais ar luach €265,716 ar fáil le haghaidh 65 grúpa chun imeachtaí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Trí Scéim na nImeachtaí Óige 2021/2022 táthar den tuairim go mbainfidh breis agus 5,442 dhuine óga tairbhe as na deiseanna seo.

An Ciste Infheistíochta

Ceadaíodh deontas amháin do Naíscoil na Seolta faoin gCiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúraim Leanaí le linn 2021 agus tháinig deireadh le deontas Chúram Leanaí na Fuiseoige. Rinneadh plé le Comhairle na Gaelscolaíochta maidir le féidearthachtaí do 2022 agus measadh nach mbeadh aon choiste ag cur isteach ar an scéim i mbliana.

Cumann na bhFiann

Ceadaíodh €745,136 don cheanneagraíocht Cumann na bhFiann chun clár oibre a chur i gcrích. Eagraíonn an cheanneagraíocht seo gréasán clubanna seachtainiúla a chuimsíonn 58 ógclub sheachtainiúla a cuireadh ar siúl i ngach cúige ar feadh 25 seachtain i rith na scoilbhliana. Freastalaíonn breis agus 1,800 duine óg ar na clubanna seo taobh amuigh d'am scoile faoi stiúir 150 oibrí óige deonach.

D'éirigh le Cumann na bhFiann 38 club fhíorúla a reáchtáil le linn 2021 agus srianta COVID-19 i bhfeidhm agus bhí ceithre cinn déag acu sin dírithe ar dhaoine óga atá ina ndaltaí Gaelscoile go príomha. Forbraíodh Lámhleabhar

Soilsíú ar Theach Laighean, Nollaig 2021, mar chuid de comóradh Colmcille 1500



medium school pupils. Lámhleabhar na gClubanna Fíorúla (The Virtual Clubs Handbook) was developed and based on that, two virtual workshops were organised in which twenty organisations participated. The lead organisation also undertook the following projects during 2021:

Scléip na hÓige

Cumann na bhFiann planned, in conjunction with the other youth organisations, to run a virtual event from the 15th to 21st November due to COVID-19 restrictions in 2021. Among the workshops aimed at the 14 to 17 year old age group were:

- *Baking*
- *Radio*
- *Art*
- *Athletics*
- *Quiz*
- *Photography competition*
- *Treasure hunt competition*

Around 250 young people attend Scléip na hÓige each year but the number of participants grew exponentially in 2021 due to the event being available online.

Influence of the project on social media:

Views	2,568
Interactions	864
Contacts	38,622

Youth Week

This event was organised in place of the Youth Trip due to the restrictions in connection with COVID-19 in 2021. There were virtual events from 25th to 27th May aimed at the age group between ten and thirteen years of age. These included:

- *Dancing*
- *Baking*
- *Origami*
- *Handiwork*
- *Quiz*

Slua le Bua | Slua le Bua na nÓg

Two talent shows were organised, Slua le Bua and Slua le Bua na nÓg online in 2021 and a comprehensive plan was implemented to publicise them. The publicity greatly enhanced the organisation's presence online and as a result, communication was strengthened with the interested parties. Youth organisations, Youth Activities Scheme grantees, Irish-medium primary and secondary schools, Muintearas, and other groups made 108 applications to these competitions, and 149 people took part in them. 425,834 people made contact online and there were 50,996 views of the videos.

Social media and Communications

Cumann na bhFiann focused strongly on developing social media during

na gClubanna Fíorúla agus bunaithe air sin eagraíodh dhá cheardlann fhíorúla ina raibh 20 eagraíocht rannpháirteach.

Anuas air sin, thug an cheanneagraíocht faoi na tionscadail seo a leanas le linn 2021:

Scléip na hÓige

Bheartaigh Cumann na bhFiann, i gcomhar leis na hóg-eagraíochtaí eile, imeacht fíorúil a réachtáil ón 15 go dtí an 21 Samhain mar gheall ar shrianta COVID-19 in 2021. I measc na gceardlann dírithe ar an aoisghrúpa idir 14 bliana agus 17 mbliana bhí:

- *Bácáil*
- *Raidió*
- *Ealaín*
- *Aclaíocht*
- *Tráth na gceist*
- *Comórtas grianghrafadóireachta*
- *Comórtas tóraíochta taisce*

Freastalaíonn tuairim agus 250 duine óg ar Scléip na hÓige gach bliain ach d'fhás líon na rannpháirtithe as cuimse in 2021 toisc go raibh an t-imeacht ar fáil ar líne.

Tionchar an tionscadail ar na meáin shóisialta:

Amhairc	2,568
Idirghníomhaíochtaí	864
Teagmhálacha	38,622

Seachtain na nÓg

Eagraíodh an t-imeacht seo in áit Turas na nÓg mar gheall ar na srianta a bhain le COVID-19 in 2021. Bhí imeachtaí fíorúla ann ón 25 go dtí an 27 Bealtaine dírithe ar an aoisghrúpa idir deich mbliana agus trí bliana déag d'aois. Ina measc bhí:

- *Damhsa*
- *Bácáil*
- *Oragámaí*
- *Obair láimhe*
- *Tráth na gceist*

Slua le Bua | Slua le Bua na nÓg

Reachtáladh dhá chomórtas tallainne, Slua le Bua agus Slua le Bua na nÓg ar líne in 2021 agus cuireadh plean cuimsitheach i bhfeidhm le poiblíocht a dhéanamh orthu. Chuir an phoiblíocht go mór le láithreach na heagraíochta ar líne agus dá bharr sin, treisíodh an chumarsáid leis na páirtithe leasmhara. Rinne óg-eagraíochtaí, deontaithe Scéim na nImeachtaí Óige, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí, Muintearas, agus grúpaí eile nach iad 108 iarratas ar na comórtais seo, agus ghlac 149 nduine páirt sna comórtais. Rinne 425,834 dhuine teagmháil ar líne agus bhí 50,996 radharc ar na físeáin.

Na Meáin Shóisialta & Cúrsaí Cumarsáide

Dhírigh Cumann na bhFiann go mór ar fhorbairt na meán sóisialta a

2021, especially on Instagram which is recognised as the most common medium among young people, and Facebook as the most common medium among parents. The goals set down in the organisation's communication plan were implemented and new opportunities were developed arising out of that work. Two websites were developed (CNB.ie and óige.ie) which will be useful resources for the youth sector throughout the island in the future.

During 2021, Cumann na bhFiann achieved 16,039 'likes', there were 1,542,173 contacts and the organisation had 10,899 followers on Facebook, Instagram and YouTube. The campaigns included:

- *Slua le Bua & Slua le Bua na nÓg*
- *Virtual Scléip na hÓige*
- *Youth Week*
- *Virtual Clubs*
- *Happy Saturday*

Two websites were developed in 2021:

1. Óige.ie – www.óige.ie

This new website was developed as a central information hub and support resource for young people and the youth sector. It contains information on youth services through the medium of Irish aimed at young people and their parents. This new site will help youth workers and teachers find information and support for opportunities for the use of Irish for young people.

2. CNB.ie – www.cnb.ie

Cumann na bhFiann's new website was developed, which was laid out and designed in the same style as óige.ie to facilitate links to both sites. This new site includes, among other items:

- *Online registration for virtual clubs*
- *Online registration for in person clubs*
- *Online registration for the organisation's events and competitions*
- *Online registration for youth workers*
- *Links to óige.ie and the organisation's publications*
- *New publicity resource on the organisation's services*

Workshops and Networking Events for Young People

50 specialist videos were developed in 2021 and are available on the organisation's YouTube channel and on www.óige.ie.

Athletics & Sport
Cooking & Baking

Music & Dancing
Yoga & Selfcare

Art & Crafts
Seasonal

Style & Fashion
Games for Youthclubs

An emphasis was placed on workshops and training during 2021 and events provided included:



bhaint amach le linn 2021, go háirithe ar Instagram atá aitheanta mar an meán is coitianta i measc daoine óga, agus Facebook atá aitheanta mar an meán is coitianta i measc tuismitheoirí. Cuireadh na spriocanna atá leagtha síos i bplean cumarsáide na heagraíochta i bhfeidhm agus forbraíodh deiseanna nua ag eascairt ón obair sin. Forbraíodh dhá shuíomh gréasáin úra (CNB.ie agus óige.ie) a bheidh ina n-áiseanna luachmhara d'earnáil na hóige sa todhchaí fud fad an oileáin.

Le linn 2021, d'aimsigh Cumann na bhFiann 16,039 'is maith liom', bhí 1,542,173 theagmháil ann agus bhí 10,899 leantóir ag an eagraíocht idir Facebook, Instagram agus YouTube. I measc na bhfeachtas bhí:

- *Slua le Bua & Slua le Bua na nÓg*
- *Scléip na hÓige Fíorúil*
- *Seachtain na nÓg*
- *Clubanna Fíorúla*
- *Satharn Sásta*

Forbraíodh dhá shuíomh gréasáin in 2021

1. Óige.ie – www.óige.ie

Forbraíodh an suíomh gréasáin nua seo mar mhol eolais lárnach agus acmhainn tacaíochta don óige agus d'earnáil na hóige. Tá eolas ar fáil ann ar sheirbhísí óige trí mheán na Gaeilge agus é dírithe ar dhaoine óga agus a gcuid tuismitheoirí. Tabharfaidh an suíomh nua seo cúnamh d'oibrithe óige agus do mhúinteoirí teacht ar

eolas agus tacaíocht do dheiseanna úsáidte Gaeilge do dhaoine óga.

2. CNB.ie – www.cnb.ie

Rinneadh forbairt ar shuíomh gréasáin nua Chumann na bhFiann atá leagtha amach agus deartha ar an stíl chéanna le óige.ie le naisc idir an dá shuíomh a éascú. Ar an suíomh nua seo tá, i measc rudaí eile:

- *Clárú ar líne do chlubanna fíorúla*
- *Clárú ar líne do chlubanna i bpearsa*
- *Clárú ar líne d'imeachtaí agus comórtais na heagraíochta*
- *Clárú ar líne d'oibrithe óige*
- *Naisc chuig óige.ie agus foilseacháin na heagraíochta*
- *Acmhainn nua phoiblíochta ar sheirbhísí na heagraíochta*

Ceardlanna & Ócáidí Gréasánaithe do Dhaoine Óga

Forbraíodh 50 físeán sainspéise in 2021 agus tá siad ar fáil ar chainéal YouTube na heagraíochta agus ar www.óige.ie

Aclaíocht & Spórt
Cócaireacht & BÁCáil

Ceol & Damhsa
Ióga & Féinchúram

Ealaín & Ceardaíocht
Séasúrach

Stíl & Faisean
Cluichí d'Ógchlubanna

Cuireadh béim ar cheardlanna agus oiliúint le linn 2021 agus i measc na n-imeachtaí a cuireadh ar fáil bhí:

The Summer Camps Workshop

- *Hosting a workshop for Foras na Gaeilge grantees*
- *An opportunity to discuss concerns and exchange opinions*
- *Expertise regarding safety matters and COVID-19*

Leadership (age 16-18)

- *Online training course over two days*
- *Seventy-two people participated*

Training for Youth Workers (age 18+)

- *Voluntary workers are in charge of the virtual/in person clubs and the Techspace programme*
- *Three courses during 2021*
- *Seventy-four people participated*

Workshop on the Virtual Clubs Handbook

- *Attendance by twenty organisations*

Investment for the future

There was investment in the Irish language facilities made available to the public, to young people and in the Youth Centre Ireland:

- *Salesforce System*
- *Design of CNB.ie*
- *Playground equipment*
- *Zipline*
- *Photography stall*
- *Uplighters*
- *Music equipment*

Foster Irish language writing, publishing and reading

World Book Day

In 2021, a pilot project was started under the direction of Clár na Leabhar Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge and World Book Day 2022. It was announced that there would be a special edition of the 2021 Réics Carló Award winning book, Cluasa Capaill ar an Rí by Bridget Bhreathnach and Shona Shirley Mac Donald, published by Futa Fata, as the World Book Day 2022 Irish language book: <https://www.worldbookday.com/book/cluasa-capaille-ar-an-ri/>

The Publishing Scheme

Under the Publishing Scheme, funding support of €676,319 is provided for Irish language publishers in the areas of production, development and marketing, based on a comprehensive year plan that they will provide. This scheme provides significant support for the publishing sector to publish high quality books on various literary fields and to make them available to the Irish language reading public.

Funding assistance was given to thirteen publishers under the 2021 scheme and eighty-four books on various literary fields were published. Various marketing and development activities were completed also as a result of this funding. The following are the publishers for whom funding was approved under the 2021 Publishing

Ceardlann na gCampaí Samhraidh

- *Óstáil ar cheardlann do dheontaithe Fhoras na Gaeilge*
- *Deis buarthaí a phlé agus tuairimí a mhalartú*
- *Saineolas ó thaobh cúrsaí sábháilteachta agus COVID-19*

Cúrsa Cinnreachta (aois 16-18)

- *Cúrsa oiliúna ar líne thar dhá lá*
- *Duine is seachtó rannpháirteach*

Oiliúint d'Oibrithe Óige (aois 18+)

- *Oibrithe deonacha atá i gceannas ar na clubanna fíorúla/i bpearsa agus clár Techspace*
- *Trí chúrsa le linn 2021*
- *74 rannpháirteach*

Ceardlann ar Lámhleabhar na gClubanna Fíorúla

- *Freastal ó fhiche eagraíocht infheistíocht don todhchaí*

Rinneadh infheistíocht sna háiseanna

Gaeilge a chuirtear ar fáil don phobal, do dhaoine óga agus in Ionad Óige na hÉireann:

- *Córas Salesforce*
- *Dearadh ar CNB.ie*
- *Trealamh do chlós súgartha*
- *Ziplíne*
- *Stainnín grianghrafadóireachta*
- *Soilse uasdírith*
- *Trealamh ceoil*

Scribhneoireacht, foilsitheoireacht & léitheoireacht na Gaeilge a chothú


Lá Domhanda na Leabhar

Sa bhliain 2021, cuireadh tús le tionscadal píolótach faoi stiúir Chlár na Leabhar Gaeilge, an Oireachtais agus Lá Domhanda na Leabhar do Lá Domhanda na Leabhar 2022. Fógraíodh go mbeadh eagrán speisialta de dhuaisleabhar Ghradam Réics Carló 2021, Cluasa Capaill ar an Rí le Bridget Bhreathnach agus Shona Shirley Mac Donald, arna fhoilsiú ag Futa Fata, mar leabhar Gaeilge Lá Domhanda na Leabhar 2022: <https://www.worldbookday.com/book/cluasa-capaille-ar-an-ri/>

Scéim na Foilsitheoireachta

Faoi Scéim na Foilsitheoireachta cuirtear tacaíocht mhaoinithe €676,319 ar fáil d'fhoilsitheoirí na Gaeilge i réimsí na táirgeachta, na forbartha agus na margaíochta bunaithe ar phlean cuimsitheach bliana a bheith curtha ar fáil acu. Tacaíonn an scéim seo go mór le hearnáil na foilsitheoireachta leabhair ar ardchaighdeán faoi réimsí litríochta éagsúla a fhoilsiú agus a chur ar fáil do phobal léitheoireachta na Gaeilge.

Tugadh cúnamh maoinithe do thrí fhoilsitheoir déag faoi scéim na bliana 2021 agus foilsíodh 84 leabhar faoi réimsí liteartha éagsúla. Cuireadh gníomhaíochtaí margaíochta agus forbartha éagsúla i gcrích chomh maith mar thoradh ar an maoiniú sin. Is iad seo a leanas na foilsitheoirí ar



Scheme:

- *Cló Iar-Chonnacht* (€193,230)
- *Coiscéim* (€125,749)
- *Futa Fata* (€94,546)
- *Leabhar Breac* (€72,832)
- *LeabhairCOMHAR* (€52,916)
- *Cumann na Sagart* (€32,433)
- *Éabhlóid* (€23,215)
- *Foilseacháin Ábhair Spioradálta* (€22,788)
- *An tSnáthaid Mhór* (€18,777)
- *Arlen House* (€15,591)
- *Oidhreacht Chorca Dhuibhne* (€10,242)
- *MLÓG (ML Education and Innovation [MLEI])* (€10,000)
- *Ponc Press* (€4,000)

A selection of books published under the Publishing Scheme was assessed and feedback was provided to the publishers.

The Literary Projects Scheme

Funding of €97,421 was provided under the Literature Projects Scheme for the following projects to foster Irish language writing, publishing and reading in 2021. All of the organisations are to be praised for the work completed during the pandemic.

IMRAM (€42,000)

The IMRAM programme was announced in November 2021 with a mixture of activities for Irish speakers throughout the country as part of the IMRAM Irish language literature festival:

- *eight online films;*
- *major concert in the Pavilion Theatre in Dún Laoghaire;*
- *further three live events, in conjunction with Dublin Book Festival, REIC, and Museum of Literature Ireland;*
- *three interviews with writers and eight short stories broadcast on Radio MoLI (Museum of Literature Ireland).*
- *The new IMRAM site went live in 2021 as well as poetry projects on social media.*
- *There were more than 260 people present at the John Prine Project.*
- *Sea! Sea! Sea! (Ulysses in Irish) was broadcast and 200 people were in the online audience.*
- *There were 3,305 followers on IMRAM social media in 2021.*

ClubLeabhar.com

Grants of €27,000 were provided to Gaelchultúr to run an online book club – ClubLeabhar.com. A new book is chosen every month and club members have an opportunity to discuss the book on the site forum.

- *Followers in total: 7,521*



faomhadh maoiniú dóibh faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2021:

- *Cló Iar-Chonnacht* (€193,230)
- *Coiscéim* (€125,749)
- *Futa Fata* (€94,546)
- *Leabhar Breac* (€72,832)
- *LeabhairCOMHAR* (€52,916)
- *Cumann na Sagart* (€32,433)
- *Éabhlóid* (€23,215)
- *Foilseacháin Ábhair Spioradálta* (€22,788)
- *An tSnáthaid Mhór* (€18,777)
- *Arlen House* (€15,591)
- *Oidhreacht Chorca Dhuibhne* (€10,242)
- *MLÓG (ML Education and Innovation [MLEI])* (€10,000)
- *Ponc Press* (€4,000)

Rinneadh measúnú seachtrach ar rogha leabhar a foilsíodh faoi Scéim na Foilsitheoireachta.

Scéim na dTionscadal Litríochta

Cuireadh maoiniú €97,421 ar fáil faoi Scéim na dTionscadal Litríochta do na tionscadail seo a leanas chun scríbhneoireacht, foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge a chothú in 2021. Tá na heagraíochtaí ar fad le moladh as ucht an obair a cuireadh i gcrích le linn na paindéime.

IMRAM (€42,000)

Fógraíodh clár IMRAM i mí na Samhna 2021 le meascán imeachtaí do chainteoirí Gaeilge ar fud na tíre mar chuid d'fhéile litríochta Gaeilge IMRAM:

- *ocht scannán ar líne;*
- *ceolchoirm ollmhór in Amharclann an Phailliúin i nDún Laoghaire;*
- *trí imeacht beo eile, i gcomhar le Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath, REIC, agus Músaem Litríochta na hÉireann;*
- *trí agallamh le scríbhneoirí agus ocht ngearrscéal a craoladh ar Radio MoLI (Músaem Litríochta na hÉireann).*
- *Rinneadh suíomh nua IMRAM beo in 2021 mar aon le tionscadail fhilíochta ar na meáin shóisialta.*
- *Bhí breis is 260 duine i láthair ag Tionscadal John Prine.*
- *Craoladh Sea! Sea! Sea! (Ulysses as Gaeilge) agus bhí 200 duine ann mar lucht féachána ar líne.*
- *Bhí 3,305 leantóir ag IMRAM ar Facebook in 2021.*

ClubLeabhar.com

Cuireadh €27,000 de dheontas ar fáil do Gaelchultúr le club leabhar Gaeilge ar líne a reáchtáil – ClubLeabhar.com. Roghnaítear leabhar nua gach mí agus bíonn deis ag baill an chlub an leabhar a phlé ar fhóram an tsuímh.

- *Leantóirí san iomlán: 7,521*
- *Líon ball: 4,059*

- Number of members: 4,059
- Number of Facebook followers: 1,166
- Number of Twitter followers: 2,296
- Podcasts: total number of people who listened from the start of the year: 2,116
- Visitors to the site (January-November 2021): 6,595
- 85% of those people are new visitors, which demonstrates that the staff are still succeeding well in directing new members towards the club.
- Number of books read by the club (January-November 2021): 128

Intensive Training Course in Short Story and Novel Writing

A grant of €9,000 was provided to Móinín to provide an Intensive Preparation Course in Short Story and Novel Writing. The aim of the effort is to encourage a group of capable writers who are independent, critical and well-trained to work in Irish, so that material will be written in the language in the long term. More than 100 applications came to Móinín for the 2021 intensive course. From them, eight participants were chosen.

Series of Residencies in Primary and Post Primary Schools

A grant of €8,000 was provided to Poetry Ireland to run a series of residencies in primary and post primary schools in 2021:

- Five resident writers and six mini-residencies in the Gaeltacht and in

Irish-medium schools.

- A series of online events with known writers.
- 360 pupils took part in the project.
- Áine Ní Ghlinn, Darach Mac Con Iomaire and Sadhbh Devlin completed residencies as part of the project.

Resident Writers Scheme

A grant of €4,800 was provided to the Irish Writers' Centre to run the Resident Writers Scheme in 2021. Cill Rialaig provides individual residencies that provide a creative space and time to write. This opportunity is given to two writers from under-represented backgrounds who would not be able to otherwise take advantage of a writing residency, e.g. by reason of limited financial means or due to socio-economic or other economic circumstances. There was a call for applications in August 2021. David Butler and Eilís Ní Dhuibhne were adjudicators. Seven were shortlisted and Michelle Nic Pháidín and Réaltán Ní Leannán were selected for the 2021 scheme.

Writers in Residence (Online)

The selected writers described their creative process as they focused on a work they are already engaged in: a novel, short story or something else. On social media for a fortnight, they described their progress and the various challenges they met, especially during the pandemic. This was done in the form of a vlog or



- Líon leantóirí Facebook: 1,166
- Líon leantóirí Twitter: 2,296
- Podchraoltaí: Líon iomlán na ndaoine a d'éist leo ó thús na bliana: 2,116
- Cuirteoirí chuig an suíomh (Eanáir-Samhain 2021): 6,595
- Is cuairteoirí nua iad 85% de na daoine sin, rud a léiríonn go bhfuil ag éirí go maith leis an bhfoireann baill nua a dhíriú i dtreo an chlub i gcónaí.
- Líon leabhar léite ag an gclub (Eanáir-Samhain 2021): 128

Dianchúrsa Ullmhúcháin i Scríobh an Ghearrscéil & an Úrscéil

Cuireadh €9,000 de dheontas ar fáil do Móinín le Dianchúrsa Ullmhúcháin i Scríobh an Ghearrscéil & an Úrscéil a sholáthar. Is í aidhm na hiarrachta grúpa cumasach scríbhneoirí atá neamhspleách, criticiúil agus dea-oilte a chur ag saothrú i nGaeilge, ionas go mbeidh, san fhadtéarma, ábhar dá réir á scríobh sa teanga. Tháinig breis agus 100 iarratas chuig Móinín ar dhianchúrsa 2021. Astu sin, roghnaíodh ochtar rannpháirtithe.

Sraith Cónaitheachtaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Cuireadh €8,000 de dheontas ar fáil d'Éigse Éireann le Sraith Cónaitheachtaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a réachtáil in 2021:

- Cúigear scríbhneoirí cónaithe agus sé mhionchónaitheacht sa

Ghaeltacht agus i nGaelscoileanna.

- Sraith imeachtaí ar líne le scríbhneoirí aitheanta.
- 360 dalta páirteach sa tionscadal.
- Rinne Áine Ní Ghlinn, Darach Mac Con Iomaire agus Sadhbh Devlin cónaitheachtaí mar chuid den tionscadal.

Scéim na Scríbhneoirí Cónaithe

Cuireadh €4,800 de dheontas ar fáil d'Áras Scríbhneoirí na hÉireann le Scéim na Scríbhneoirí Cónaithe a réachtáil in 2021. Cuireann Cill Rialaig cónaitheachtaí aonair ar fáil a sholáthraíonn spás cruthaitheach agus am chun scríobh. Bronntar an deis seo ar bheirt scríbhneoirí ó chúlaí faoi ghannionadaíocht nach mbeadh in ann leas a bhaint as cónaitheacht scríbhneoireachta murach sin, e.g. trí mhodhanna airgeadais teoranta nó mar gheall ar thosca socheacnamaíocha nó eacnamaíocha eile. Rinneadh glaoch ar iarratais i mí Lúnasa 2021. Bhí David Butler agus Éilís Ní Dhuibhne ina mholtóirí. Roghnaíodh seachtar don ghearrliosta agus roghnaíodh Michelle Nic Pháidin agus Réaltán Ní Leannáin do scéim 2021.

Scríbhneoirí ina gCónaí (Ar líne)

Rinne na scríbhneoirí roghnaithe cur síos ar a bpróiseas cruthaitheach agus iad ag díriú ar shaothar atá idir lámha acu cheana féin: úrscéal, gearrscéal nó eile. Rinne siad an cur síos sin ar na meáin shóisialta ar feadh coicíse maidir lena ndul chun cinn agus na

social media posts, using the hashtag #WritersinTheirResidence. There was a call for applications in March 2021 and Alison Ní Mháirtín and Ava Lynch were selected for the 2021 scheme.

**Bursaries – Courses:
Creative Writing**

The scheme is aimed at recognised and emerging writers writing in Irish throughout Ireland. Micheál Ó Conghaile was an adjudicator. Bursaries were provided to twelve people in 2021 and ten accepted the offer to attend various courses which focused on various levels and genres.

Irish Language Writers for Children

Foras na Gaeilge provided a grant of €3,201 for Young at Art to present Irish language writers to children. The Irish Language Writers for Children project profiled Irish language writers, including Patricia Forde and Máire Zepf. Nine events for children and young people were organised, which were aimed at Irish-medium schools and Irish speaking families.

1,403 pupils and fifteen schools took part in the project.

€2,420 was provided to Ó Bhéal to organise a series of poetry readings from recognised poets:

- *Thirty-three people in person and thirty-five online attended an event on 10th May 2021 with the poets Dubhán Ó Longáin and Julie Field.*

- *Twenty-two people in person and twenty-two online attended an event on 13th September 2021 with the poets Colette Nic Aodha and Colm Breathnach.*
- *Rita Kelly (Friday 26th September) and Máire Dinny Wren (Saturday 27th) their poetry.*
- *Nóirín Ní Riain sang her songs (Friday 26th and Saturday 27th).*
- *Forty-two people attended together at Nano Nagle Place and there have been 353 views online to date.*

Read Books

Foras na Gaeilge provided a grant of €1,000 to Oidhreacht Chorca Dhuibhne to organise a review and publishing scheme for secondary school pupils from the Pobalscoil Chorca Dhuibhne. The aim of Read Books is to encourage the young people of the Gaeltacht to engage in Irish language reading and writing.

Writing workshops were convened with the resident writer (along with the guest writer of the year) which encouraged creativity among the young people and encouraged them to express themselves in writing.

The teachers and literary facilitators directed the pupils in reading and reviewing.

dúshláin éagsúla a casadh orthu, go háirithe le linn na paindéime. Rinneadh sin i bhfoirm vlag nó póstálacha ar na meáin shóisialta, ag baint úsáid as an haischlib #WritersinTheirResidence. Rinneadh glaoch ar iarratais i mí an Mhárta 2021 agus roghnaíodh Alison Ní Mháirtín agus Ava Lynch do scéim 2021.

Sparánachtaí – Cúrsa: Scríbhneoireacht Chruthaitheach

Tá an scéim dírithe ar scríbhneoirí aitheanta agus scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn atá ag scríobh as Gaeilge ar fud na hÉireann. Bhí Micheál Ó Conghaile ina mholtóir. Cuireadh sparánachtaí ar fáil do dháréag in 2021 agus ghlac deichniúr leis an tairiscint freastal ar chúrsaí éagsúla a dhírigh ar leibhéil agus seánraí éagsúla.

Scríbhneoirí Gaeilge do Pháistí

Chuir Foras na Gaeilge €3,201 de dheontas ar fáil do Young at Art le scríbhneoirí Gaeilge a chur i láthair páistí. Rinne an tionscadal Scríbhneoirí Gaeilge do Pháistí próifiliú ar scríbhneoirí Gaeilge, Patricia Forde agus Máire Zepf san áireamh. Reáchtáladh naoi n-imeacht do pháistí agus do dhaoine óga a dhírigh ar Chaelscoileanna agus teaghlaigh le Gaeilge.

Ghlac 1,403 scoláire agus 15 scoil páirt sa tionscadal.

Cuireadh €2,420 ar fáil do Ó Bhéal le sraith léamha filíochta ó fhillí aitheanta a eagrú:

- *D'fhreastail 33 duine i bpearsa agus 35 duine ar líne ar an ócáid ar an 10 Bealtaine 2021 leis na filí Dubhán Ó Longáin agus Julie Field.*
- *D'fhreastail 22 duine i bpearsa agus 22 duine ar líne ar an ócáid ar an 13 Meán Fómhair 2021 leis na filí Colette Nic Aodha agus Colm Breathnach.*
- *Léigh Rita Kelly (Dé hAoine an 26 Meán Fómhair) agus Máire Dinny Wren (Dé Sathairn an 27) a gcuid filíochta.*
- *Rinne Nóirín Ní Riain a hamhráin a chasadh (Dé hAoine an 26 agus Dé Sathairn an 27).*
- *D'fhreastail 42 duine le chéile ar Nano Nagle Place agus tá 353 amharc ar líne ann go dtí seo.*

Leabhartha Léite

Chuir Foras na Gaeilge deontas €1,000 ar fáil d'Oidhreacht Chorca Dhuibhne le scéim léirmheastóireachta agus foilsitheoireachta do dhaltaí meánscoile Ghaeltacht Phobalscoil Chorca Duibhne a eagrú. Is é an aidhm atá le Leabhartha Léite pobal óg na Gaeltachta a spreagadh i dtreo na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta Gaeilge.

Tionóladh ceardlanna scríbhneoireachta leis an scríbhneoir cónaitheach (mar aon le haoiscríbhneoir na bliana) a spreag an chruthaitheacht i measc na ndaoine óga agus a thug misneach dóibh iad féin a chur in iúl i scríbhinn.



Dún Chaoin in west Kerry

Prizes were awarded to the pupils to give them recognition. In 2021, vouchers for Harvey Norman, An Caifé Liteartha and An Siopa Oideachais were presented to the pupils.

Mentoring Scheme

Under the Mentoring Scheme, Clár na Leabhar Gaeilge gives writers at the start of their writing career the opportunity to get advice about their writing and the writing trade from mentors who are recognised writers. The scheme had an annual budget of €35,500 in 2021 (50% of the total scheme budget).

Twenty writers and nineteen mentors worked together under the 2021-22 scheme. The recognised writer Réaltán Ní Leannáin worked as coordinator, providing support for all mentors and writers under the scheme. She organised two workshops on Zoom by the end of 2021 for scheme participants in conjunction with Foras na Gaeilge and with guest speakers from Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge (Irish Language Writers' Union), Leabhar Breac, Áis and An Siopa Leabhar.

For the first time, Foras na Gaeilge organised an awareness campaign of the Mentoring Scheme 2021-22 in conjunction with Lorg Media. The planning was undertaken in 2021 to prepare the campaign for the start of 2022.

Commissions Scheme

The Commissions Scheme focuses on ensuring satisfactory supply in various areas of reading. Twenty-three commissions were continuously managed under the 2015, 2017 and 2019 during 2021. An extension was provided to 2022 for some commissions under the 2015, 2017 and 2019 schemes.

Áis

The Books Distribution Agency (Áis) was set up in 1980 to distribute Irish language publications as a wholesaler nationally and internationally. This is a challenging period throughout the books business but Áis managed to exceed the target for 2021 with sales that were 9.4% higher than the previous year. More than 202,000 books in total were sold in 2021, worth

Threoraigh na múinteoirí agus na háisitheoirí litríochta na daltaí i mbun léitheoireachta agus léirmheastóireachta.

Bronnadh duaiseanna ar na daltaí le haitheantas a thabhairt dóibh. In 2021, bronnadh dearbháin Harvey Norman, An Caifé Liteartha agus An Siopa Oideachais ar na daltaí.

An Scéim Meantóireachta

Faoin Scéim Meantóireachta tugann Clár na Leabhar Gaeilge deis do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta a fháil ó mheantóirí ar scríbhneoirí aitheanta iad. Bhí buiséad bliantúil €35,500 ag an scéim in 2021 (50% de bhuiséad iomlán na scéime).

Bhí fiche scríbhneoir agus naoi meantóir déag ag obair lena chéile faoin scéim 2021-22. D'oibrigh an scríbhneoir aitheanta Réaltán Ní Leannáin mar chomhordaitheoir agus chuir tacaíocht ar fáil do na meantóirí agus na scríbhneoirí go léir faoin scéim. D'eagraigh sí dhá cheardlann ar Zoom faoi dheireadh na bliana 2021 do rannpháirtithe na scéime i gcomhar le foireann Fhoras na Gaeilge

agus le haoichainteoirí ó Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge, Leabhar Breac, ÁIS agus An Siopa Leabhar.

Den chéad uair, d'eagraigh Foras na Gaeilge feachtas feasachta don Scéim Meantóireachta 2021-22 i gcomhar le Lorg Media. Tugadh faoin obair phleanála in 2021 leis an bhfeachtas a ullmhú le haghaidh thús 2022.

Scéim na gCoimisiún

Díríonn Scéim na gCoimisiún ar sholáthar sásúil sna réimsí éagsúla léitheoireachta a chinntiú. Rinneadh bainistíocht leanúnach ar 23 coimisiún faoi scéimeanna 2015, 2017 agus 2019 le linn na bliana 2021. Cuireadh síneadh ama ar fáil go dtí 2022 do chuid de na coimisiúin faoi scéimeanna 2015, 2017 agus 2019.

Áis

Bunaíodh an Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (Áis) in 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh mar mhórdhíoltóir go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is tréimhse dhúshlánach í seo i ngnó na leabhar trí chéile ach d'éirigh le hÁis an sprioc do 2021 a shárú le díolachán a bhí 9.4% níos airde ná an bhliain roimhe.

*Dún Chaoin in
iarthar Duibhneach*





more than €1,000,000. During 2021 Áis distributed to 267 different shops, 256 of them on the island of Ireland and eleven in the rest of the world.

Gael Linn

Foras na Gaeilge approved €650,183 for Gael Linn in 2021 as a lead organisation to complete a programme of work including education in the English language sector, adult education and opportunities for the use of Irish for school pupils. Despite the pandemic Gael Linn continued to fulfil their duties in respect of advising the governments about their functions, and they continued their events and schemes. They greatly increased their presence online and more people than ever attended their events virtually. They developed two new competitions: a commentary competition and a competition for developing a podcast, and they significantly developed their communication courses for schools. They continued to support An Gréasán, the support network for Irish teachers throughout the country, during 2021 and with them they developed an awareness campaign focusing on schools functioning through English in the Executive jurisdiction.

An Gúm

Work began on a project to develop an online app for the Gaschaint project. Gaschaint provides natural speech in the three main dialects for parents who want to raise a family with Irish. The text of that book in the three main dialects will be joined to the sound files that were on the CD and all the material will be available on the www.gaschaint.ie site in 2022.

The Projects Fund

Foras na Gaeilge welcomed applications to the Projects Fund again in 2021. This fund aims at projects not covered by current Foras na Gaeilge schemes and grants between €1,000/£900 and €12,000/£10,800 were available. Innovative projects based on new concepts were welcomed that would have widespread influence and ensure the progress, fostering and perpetuation of the Irish language. Here is a summary of the projects developed in 2021:

(i) Name of the organisation	Irish Traditional Music Archive (ITMA)
Name of the project	Taisce Cheol na Gaeltachta (Gaeltacht Music Store)
Description of the project: collect, preserve and provide aspects of traditional music, singing and dancing associated with Conamara.	
Grant	€12,000

Dáileadh os cionn 202,000 leabhar san iomlán in 2021, díolachán ar fiú nach mór €1,000,000 é. In 2021 rinne Áis dáileadh chuig 267 siopa éagsúla, 256 acu ar oileán na hÉireann agus 11 ceann sa chuid eile den domhan.

Gael Linn

Cheadaigh Foras na Gaeilge €650,183 do Ghael Linn in 2021 mar cheanneagraíocht le clár oibre a chur i gcrích a chuimsíonn oideachas in earnáil an Bhéarla, oideachas d'aoisigh agus deiseanna úsáide Gaeilge do dhaltaí scoile. In ainneoin na paindéime, lean Gael Linn de bheith ag comhlíonadh a ndualgas maidir le comhairle a chur ar na rialtais faoina gcuid feidhmeanna, agus lean siad leis na himeachtaí agus na scéimeanna a bhíonn á réachtáil acu. Chuir siad go mór lena láithreach ar líne agus d'fhreastail níos mó daoine ná riamh ar a n-imeachtaí go fíorúil. D'fhorbair siad dhá chomórtas úra: comórtas tráchtairachta agus comórtas le podchraoladh a fhorbairt, agus chuir siad go mór leis na cúrsaí cumarsáide a thairgeann siad do scoileanna. Lean siad de bheith ag tacú leis an nGréasán, an gréasán tacaíochta do mhúinteoirí Gaeilge ar fud na tíre, le linn 2021 agus in éineacht leo, rinne siad forbairt ar fheachtas feasachta a dhíríonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla i ndlínse an Fheidhmeannais.

An Gúm

Cuireadh tús le tionscadal chun aip

ghrásáin den saothar Gaschaint a fhorbairt. Soláthraíonn Gaschaint friotal nádúrtha sna trí mhórchanúint do thuismitheoirí atá ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge. Pósfar téacs an leabhair sna trí mhórchanúint leis na comhaid fuaime a bhí ar an dlúthdhiosca agus beidh an t-ábhar go léir ar fáil ar an suíomh www.gaschaint.ie in 2022.

An Ciste Tionscadal

D'fháiltigh Foras na Gaeilge roimh iarratais ar an gCiste Tionscadal arís in 2021. Díríonn an ciste ar thionscadail nach bhfuil clúdaithe faoi na scéimeanna reatha atá ag Foras na Gaeilge agus bhí deontais idir €1,000/£900 agus €12,000/£10,800 ar fáil. Cuireadh fáilte roimh thionscadail nuálacha bunaithe ar choincheapa nua, a mbeadh tionchar leathan acu agus a chinnteodh cur chun cinn, cothú agus buanú na Gaeilge. Seo achoimre ar na tionscadail a forbraíodh in 2021:

(i) Ainm na heagraíochta	Taisce Cheol Dúchais Éireann (TCDÉ)
Ainm an tionscadail	Taisce Cheol na Gaeltachta
Cur síos ar an tionscadal: gnéithe de cheol, amhránaíocht agus damhsa traidisiúnta a bhaineann le Conamara a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil.	
Deontas	€12,000

(ii) Name of the organisation	Cumann Barra na Gaeilge
Name of the project	Bunú na Gaeilge i gCúrsaí Dlí (Establishment of Irish in Law Matters)
Description of the project: Establish a specialist association under the auspices of the Irish Bar Council to develop a network and give training and confidence to the legal profession on ways to engage in and promote the Irish language as a natural business language.	
Grant	€12,000

(iii) Name of the organisation	Ederney St Joseph's GAC
Name of the project	Promotion and preservation of the Irish language
Description of the project:	
1. Conspicuous signage	
<ul style="list-style-type: none"> • <i>Illuminated stone nameplate that will be placed on the pillar at the entrance</i> • <i>Commemoration chair inscribed in Irish</i> • <i>Name of the club written in Irish outside of the club</i> • <i>Club motto and logo above the tunnel</i> 	
2. Three bilingual storyboards – three bilingual storyboards were placed around the walking path (1.5km) around the pitch.	
<ul style="list-style-type: none"> • <i>map and club history</i> • <i>history of the Irish language in the area</i> • <i>history of the area</i> 	
Grant	£10,800

Name of the organisation	Glór Uachtar Tíre
Name of the project	Raidió Uachtar Tíre
Description of the project: Glór Uachtar Tíre started an Irish language community radio station in Castlewellan. Co. Down This is a limited license at present but GUT is hoping to provide a fulltime service in two years' time. Irish language youth clubs were given an opportunity to take part in programmes and training sessions were provided. Schools were contacted in the area and pupils were encouraged to take part.	
Grant	£5,010

(v) Name of the organisation	KCLR
Name of the project	GLÓR on KCLR
Description of the project: A partnership project between the local radio station KCLR in Kilkenny/Carlow and Glór Cheatharlach (Irish Language Communities Scheme & Irish Language Networks Development Scheme). The aim of the project was to promote the Irish language among the public, both young and old, and encourage the use of the language in an enjoyable, effective and smart way among radio listeners.	
Grant	€2,500

(ii) Ainm na heagraíochta	Cumann Barra na Gaeilge
Ainm an tionscadail	Bunú na Gaeilge i Cúrsaí Dlí
Cur síos ar an tionscadal: Sainchumann a bhunú faoi scáth Chomhairle Bharra na hÉireann le gréasán a fhorbairt agus oiliúint agus muinín a thabhairt do lucht dlí ar bhealaí le tabhairt faoi úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga nádúrtha gnó.	
Deontas	€12,000

(iii) Ainm na heagraíochta	Eadarnaigh Naomh Seosamh CLG
Ainm an tionscadail	Cur chun cinn agus caomhnú na Gaeilge
Cur síos ar an tionscadal:	
1. Comharthaíocht fheiceálach	
<ul style="list-style-type: none"> • <i>Ainmchlár lasta déanta as cloch a bheas curtha sa philéar ag an mbealach isteach</i> • <i>Cathaoir chuimhneacháin inscríofa i nGaeilge</i> • <i>Ainm an chumainn scríofa i nGaeilge taobh amuigh den club</i> • <i>Mana agus lógó an chumainn os cionn an tolláin</i> 	
2. Trí Scéalchlár Dhátheangacha – cuireadh trí scéalchlár dhátheangacha thart ar an gconair shiúil (1.5km) timpeall na páirce.	
<ul style="list-style-type: none"> • <i>léarscáil agus stair an chumainn</i> • <i>stair na Gaeilge sa cheantar</i> • <i>stair an cheantair</i> 	
Deontas	£10,800

(iv) Ainm na heagraíochta	Glór Uachtar Tíre
Ainm an tionscadail	Raidió Uachtar Tíre
Cur síos ar an tionscadal: Chuir Glór Uachtar Tíre tús le raidió pobail Gaelach lonnaithe i gCaisleán Uidhílín. Co. an Dúin. Ceadúnas teoranta atá i gceist faoi láthair ach tá GUT ag súil le seirbhís lánaimseartha a chur ar fáil i gceann dhá bhliain. Tugadh deis do na clubanna óige Gaelacha a bheith páirteach i gcláir agus cuireadh seisiúin oiliúna ar fáil. Rinneadh teagmháil le scoileanna sa cheantar agus spreagadh na daltaí le bheith rannpháirteach.	
Deontas	£5,010

(v) Ainm na heagraíochta	KCLR
Ainm an tionscadail	GLÓR ar KCLR
Cur síos ar an tionscadal: Tionscadal comhpháirtíochta idir an stáisiún raidió áitiúil KCLR (Cill Chainnigh/Ceatharlach) agus Glór Cheatharlach (SPG & SFLG). An aidhm a bhí leis an tionscadal ná an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail, idir óg agus aosta, agus úsáid na teanga a spreagadh i mbealach spráúil, éifeachtach agus glic i measc lucht éisteachta an stáisiúin.	
Deontas	€2,500

Ulster Gaelic Athletic Association

The goal of the project is to condense and perpetuate the structures long established for the promotion of Irish in Ulster, and it is aimed to improve, develop and promote the use of Irish through designated opportunities among the public and promote a positive view about it. GAA clubs are at the heart of the community in Ulster parishes and towns and the organisation has influence on every age group and everyone who plays and who does not play the games. The project focuses on the target groups recognised by Foras na Gaeilge – community schools, community activities and youth work. The major ongoing projects carried out during 2021 included awareness videos during Seachtain na Gaeilge with input from each Ulster county and a language plan was launched in partnership with Ulster University – a common framework available to all GAA clubs in Ulster.

Links with Scotland – Activities and projects under the Colmcille programme:

The Colmcille programme focuses primarily on the link with Scottish Gaelic but cooperation with the Isle of Man is welcome as well.

Merriman Winter School 2021 – €1,100; virtual trip to Colmcille's Monastery

A video was made of a virtual trip to

Colmcille's monastery in Kells. The online school attracted a much greater listenership than would usually have come to the school activities.

Colmcille in Context – €1,425

History, Oral Tradition and Music – an online series with history and storytelling about Colmcille and singing from An tSean-Bheairic in Cloich Chionnaola.

Texts & Tradition, Royal Academy of Ireland – €2,380

A series of lectures with scholars from Ireland and Scotland on Colmcille's heritage, with a large attendance online.

Crossways online 2021; Irish Pages/ Duillí Éireann – £7,000

A poetry festival which focused on Irish language and Scottish Gaelic poets. Videos were made of twenty-six poets from the length and breadth of Ireland and Scotland, of which twenty-one were Irish language or Scottish Gaelic poets, as they read their poems. The poems were published one after the other and are available at <https://crosswaysfestival.org/crossways-2021-events/>.

Ó Bhéal – €790; a hybrid festival onsite and online

The Colmcille programme funded a poetry session in Scottish Gaelic

Cumann Lúthchleas Gael Uladh

Is é sprioc an tionscadail seo comhdhlúthú agus buanú a dhéanamh ar na struchtúir atá fadbhunaithe do chur chun cinn na Gaeilge i gCúige Uladh, agus tá aidhm ann úsáid na Gaeilge a fheabhsú, a fhorbairt agus a chur chun cinn trí dheiseanna sainithe i measc an phobail agus dearcadh dearfach a chur chun cinn. Tá clubanna CLG i gcroílár an phobail, i bparóistí agus i mbailte Chúige Uladh agus tá tionchar ag an eagraíocht ar gach aoisghrúpa agus ar gach duine a imríonn agus nach n-imríonn na cluichí. Díríonn an tionscadal seo ar na spriocghrúpaí atá aitheanta ag Foras na Gaeilge – scoileanna pobail, imeachtaí pobail agus obair óige. I measc na mórthionscadal leanúnach a cuireadh i gcrích le linn 2021 bhí físeáin feasachta le linn Sheachtain na Gaeilge le hionchur ó gach contae i gCúige Uladh agus seoladh plean teanga i gcomhpháirt le hOllscoil Uladh – creatlach comónta atá ar fáil do na clubanna CLG ar fad i gCúige Uladh.

Naisc le hAlban – Imeachtaí agus tionscadail faoi chlár Colmcille:

Díríonn clár Colmcille go príomha ar an nasc le Gaeilge na hAlban ach tá fáilte roimh chomhoibriú le hOileán Mhanann chomh maith.

Scoil Gheimhridh Merriman 2021 – €1,100; Turas fíorúil ar Mhainistir Cholm Cille

Rinneadh físeán a thugann turas fíorúil ar mhainistir Cholm Cille i gCeanannas. Tharraing an scoil ar líne lucht éisteachta i bhfad níos mó ná a thiocfadh chuig imeachtaí na scoile de ghnáth.

Colmcille i gComhthéacs – €1,425

Stair, Seanchas agus Ceol – sraith ar líne le stair agus scéalaíocht faoi Cholmcille agus le hamhránaíocht ón tSean-Bheairic i gCloich Chionnaola.

Téacsanna & Traidisiúin, Acadamh Ríoga na hÉireann – €2,380

Sraith léachtaí le scoláirí as Éirinn agus as Albain ar oidhreacht Cholm Cille, agus freastal mór orthu ar an idirlíon.

Crossways ar líne 2021; Irish Pages/ Duillí Éireann – £7,000

Féile filíochta a dhírigh ar fhilí na Gaeilge agus Ghaeilge na hAlban. Rinneadh físeáin de 26 file ó cheann ceann na hÉireann agus na hAlban, arbh fhilí Gaeilge nó Ghaeilge na hAlban duine is fiche acu agus iad ag léamh a gcuid dánta. Cuireadh na físeáin amach i ndiaidh a chéile le linn na féile, agus tá siad ar fáil ó shin ag <https://crosswaysfestival.org/crossways-2021-events/>.

Ó Bhéal – €790; féile hibrideach ar an láthair agus ar líne

Mhaoinigh an clár Colmcille seisiún filíochta i nGaeilge na hAlban.

Special commemorative poster showing main places associated with Colmcille in Ireland and Scotland distributed with the Irish Times on 7th December 2021, Colmcille's birthday according to tradition.



Féile an Eargail, Cosán Cholm Cille – £9,000

A multimedia art project on Cnoc na Naomh (Hill of the Saints) as part of Féile an Eargail, with poets from Ireland and Scotland participating.

ACIS (American Congress for Irish Studies) – £4,000

An online conference from Ulster University Magee campus with lectures and activities associated with the heritage of Colm Cille..

Éigse Cholmcille – £6,000

An onsite conference in Derry in Irish, Scottish Gaelic and English on the heritage of Colmcille.

Cassan, Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair – £5,000

A partnership with the Isle of Man was behind the Cassan (Cosán, Path) project. A series of posters for schools was published containing terminology in Irish, Scottish Gaelic and Manx Gaelic. This was a joint project between Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair, Bunscoil Ghaelgach Oileán Mhanann (Isle of Man Gaelic

Primary School), and Gaelscoil na mBeann (Kilkeel Irish-medium primary school). This is a good example of how co-operation adds value and efficacy to a project. Culture Vannin, Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig, and the Irish-medium resource unit An tÁisaonad were involved in the project as well.

Colmcille 1500

Trip through Ireland and Scotland – £6,500

There was ongoing co-operation and partnership between Foras na Gaeilge, Donegal County Council, Derry City and Strabane District Council on Colmcille 1500. The cooperation lasted from the months before the opening of the commemoration on 7th December 2020 and during 2021. A highlight was an online conference on 6th December 2022, *Turas tríd Éirinn agus Albain* (Trip through Ireland and Scotland). People from Ireland and Scotland came together to celebrate the birth of Colm Cille and look back at the events of the year. Áine Ní Bhreisleáin was the presenter, and she succeeded in presenting Irish language items and videos effectively to the audience, many of whom did not have fluent Irish.

Féile an Earagail, Cosán Cholm Cille – £9,000

Tionscadal ealaíne ilmheáin ar Chnoc na Naomh mar pháirt d'Fhéile an Earagail, agus filí as Éirinn agus Albain páirteach ann.

ACIS (An Chomhdháil Mheiriceánach do Léann na hÉireann) – £4,000

Comhdháil ar líne ó champas Mhig Aoidh de chuid Ollscoil Uladh le léachtaí agus imeachtaí a bhain le hoidhreacht Cholm Cille.

Éigse Cholmcille – £6,000

Comhdháil ar an láthair in Ollscoil Uladh i nDoire i nGaeilge, Gaeilge na hAlban agus Béarla ar oidhreacht Cholm Cille.

Cassan, Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair – £5,000

Comhpháirtíocht le hOileán Mhanann a bhí taobh thiar den tionscadal Cassan (Cosán). Foilsíodh sraith póstaer i gcomhair scoileanna ina raibh téarmaíocht i nGaeilge na hÉireann, Gaeilge na hAlban agus Gaeilge Mhanann. Comhthionscadal a bhí ann idir Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair, Bunscoil Ghaelgach

Oileán Mhanann, agus Gaelscoil na mBeann. Is sampla maith é den dóigh a gcuireann an comhoibriú luach agus éifeacht le tionscadal. Bhí Culture Vannin, Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig, agus an tÁisaonad Lán-Ghaeilge páirteach sa tionscadal chomh maith.


Colmcille 1500

Turas tríd Éirinn agus Albain – £6,500

Bhí comhoibriú agus comhpháirtíocht leanúnach idir Foras na Gaeilge, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ar Cholmcille 1500. Mhair an comhoibriú ó na míonna roimh oscailt an chomórtha ar 7 Nollaig 2020 agus ar feadh 2021. Mar bhuaicphointe de sin, bhí comhdháil ar líne ar 6 Nollaig 2022, *Turas tríd Éirinn agus Albain*. Tháinig daoine as Éirinn agus Albain le chéile ar líne ag ceiliúradh bhreith Cholm Cille agus ag amharc siar ar imeachtaí na bliana. Ba í Áine Ní Bhreisleáin an láithreoir, agus d'éirigh léi míreanna agus físeáin Ghaeilge a chur i láthair go héifeachtach don lucht éisteacha nach raibh Gaeilge ar a dtoil ag cuid mhór acu.

Póstaer speisialta comórtha ina dtaispeántar na príomhláithreacha a bhaineann le Colmcille in Éirinn agus in Albain a scaipeadh leis an Irish Times ar 7 Nollaig 2021, lá breithe Cholmcille de réir an traidisiúin.





Illumination in Drumcliff, December 2021, as part of the Colmcille 1500 celebration

Colmcille 1500 – Commissions and other events.

Foras na Gaeilge provided funding for commissions as part of the celebration of Colmcille 1500.

Three of them were completed before the end of 2021:

- *Coinneal Cholmcille (Colm Cille Candle) – videos and projection of images;*
- *Colmcille – Cosantóir na mBan (Defender of Women) – special programme on RTÉ Raidió na Gaeltachta;*
- *Òran na Cille (Song of the Church) – versions in Irish, Scottish Gaelic and Manx Gaelic of a poem by Marcas Mac an Tuairneir, with a visual design and newly composed music with each version.*

Internal & partnership projects

St Colmcille Trail

The St Colmcille Trail links language, heritage and communities in Ireland and Scotland. It is based on pathways between sites associated with Saint Colm Cille, through a website www.colmcille.org and by building networks. In 2021 the website was redesigned.

Seanchas Cholmcille

A series of videos were posted on the www.colmcille.org site under the title Seanchas Cholmcille (Colmcille Oral History) in which Gearóidín Bhreathnach tells stories about Saint Colmcille, including stories about his birth, his mother Eithne, and the Gartan and Kilmacrennan areas. Colmcille is working in conjunction with an organisation called Turas Cholmcille to develop a long distance walk or Colmcille Trail *camino* as a long-term legacy of Colmcille 1500.

From Down to Argyll: Medieval Saints in Common

As part of Colmcille 1500 a public lecture was organised online in partnership with Belfast City Council on the common saints of Ireland and Scotland in the middle ages. Professor Elva Johnston gave the lecture in which there was particular attention to Colmcille of Iona, Comhall of Bangor and Moluag of Lismore. Professor Regina Ní Chollatáin, Chairperson of Foras na Gaeilge, chaired the lecture and the discussion panel afterwards. It can be heard at

https://www.colmcille.org/ga/stair_seanchas/on-dun-go-hearra-ghaidheal-naoimh-choiteanna-sa-mheanaois-luath/

Colmille 1500 – Coimisiún agus imeachtaí eile.

Chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil ar mhaithe le coimisiún mar chuid de chomóradh Cholmille 1500.

Cuireadh críoch le trí cinn acu roimh dheireadh 2021:

- *Coinneal Cholmille – físeán agus teilgean íomhánna;*
- *Colmille – Cosantóir na mBan – clár ar leith ar RTÉ Raidió na Gaeltachta;*
- *Òran na Cille – leaganacha i nGaeilge na hÉireann, Gaeilge na hAlban agus Gaeilge Mhanann de dhán leis an bhfile Marcas Mac an Tuairneir, agus dearadh físiúil agus ceol nuachumtha le gach leagan acu.*

Tionscadal inmheánacha & comhpháirtíochta

Slí Cholmille

Nascann Slí Cholmille teanga, oidhreacht agus pobail in Éirinn agus in Albain. Oibríonn sé trí chonairí idir láithreacha a bhaineann le Naomh Colm Cille, agus trí shuíomh gréasáin www.colmille.org agus trí líonraí a thógáil. In 2021 rinneadh athdhearadh ar an suíomh gréasáin.

Soilsiú i nDroim Chliabh, Nollaig 2021, mar chuid de comóradh Colmille 1500



Seanchas Cholmille

Cuireadh sraith físeán leis an suíomh www.colmille.org faoin teideal Seanchas Cholmille, ina n-insíonn Gearóidín Bhreathnach scéalta faoi Naomh Colm Cille, lena n-áirítear scéalta a bhaineann lena bhreith, lena mháthair Eithne, agus le ceantar Ghartáin agus Chill Mhic Réanáin. Tá Colmille ag obair i gcomhar le heagraíocht darbh ainm Turas Cholmille le ciansiúlóid nó *camino* Shlí Cholmille a fhorbairt mar oidhreacht fhadtéarmach ar Cholmille 1500.

Ón Dún go hEarra-Ghàidheal: Naoimh Choiteanna sa Mheánaois

Mar pháirt de Cholmille 1500 eagraíodh léacht phoiblí ar líne i bpáirt le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ar naoimh choiteanna na hÉireann agus na hAlban sa mheánaois. Ba í an tOllamh Elva Johnston a thug an léacht ina raibh aird ar leith ar Cholm Cille Í, Comhall Bheannchair agus Moluag Lios Mór. Bhí an tOllamh Regina Ní Chollatáin, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, ina cathaoirleach ar an léacht agus ar phainéal plé ina dhiaidh. Is féidir éisteacht leis ag

https://www.colmille.org/ga/stair_seanchas/on-dun-go-hearra-ghaidheal-naoimh-choiteanna-sa-mheanaois-luath/

Corporate Main Objective 2:

Reinforce the learning and strengthening of Irish

Give guidance and advice to the appropriate bodies

Gael Linn

€650,183 was made available to the lead organisation Gael Linn to complete a programme of work in the area of education in the English language sector and for adults and opportunities for use for school pupils.

Gael Linn organised many extra-curricular events. The 2021 programme was a success and the following goals were achieved:

1. Patrick Pearse Speech Competition 2021 – the competition was organised on line in the form of a video and the final was available to see on YouTube. 200 applications were received.
2. Quiz – these events were organised in the schools using a package prepared by Gael Linn. Sixteen schools participated.
3. Scléip – the Scléip event was streamed live on the Gael Linn Facebook and YouTube channels on 14th April. More than 2,500 people watched the final.
4. Coirm – seven schools participated with 250 people in attendance.
5. Abair 2021 – the competition changed this year to a video competition to which forty speakers applied.

6. Radio Programmes Competition (podcast) – a new competition established in which twenty schools have registered.
7. Commentary Competition – a new competition in which twenty-five pupils participated and which was broadcast on YouTube.

As for the work of Gael Linn creating opportunities for use at third level, the following results were achieved:

1. The Gael Linn Ó Dálaigh Mock Court championship was organised in 2021.

Status of the Irish language in the education systems

Targets were achieved which were agreed through the Partnership Forum involving advocacy with the education departments in the Irish government jurisdiction and in the Executive jurisdiction, by agreeing priorities with Gael Linn and Gaeloideachas, and by monitoring the implementation of their plans.

€708,562 was made available to the lead organisation Gaeloideachas to complete a programme of work in the area of Irish-medium education/immersion education and Irish language preschool education.

Mórchuspóir Corparáideach 2:

Foghlaim agus daingniú na Gaeilge a neartú

Treoir agus comhairle a thabhairt do na forais chuí

Gael Linn

Cuireadh €650,183 ar fáil don cheanneagraíocht Gael Linn chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse oideachais in earnáil an Bhéarla agus d'aosaigh agus deiseanna úsáide a chruthú do dhaltáí scoile.

D'eagraigh Gael Linn go leor imeachtaí seach-churaclaim. D'éirigh go maith le clár imeachtaí 2021 agus baineadh amach na spriocanna seo a leanas:

1. Comórtas Óráide an Phiarsaigh 2021 – reáchtáladh an comórtas ar líne i bhfoirm físeáin agus bhí an chraobh le feiceáil ar YouTube. Fuarthas 200 iarratas ar an gcomórtas.
2. Tráth na gceist – reáchtáladh na himeachtaí seo sna scoileanna ag úsáid pacáiste a d'ullmhaigh Gael Linn. Bhí 16 scoil páirteach ann.
3. Scléip – craoladh craobh Scléip beo ar Facebook agus YouTube Gael Linn ar 14 Aibreán. D'fhéach níos mó ná 2,500 duine ar an gcráobh.
4. Coirm – bhí seacht scoil páirteach le 250 duine i láthair.
5. Abair 2021 – athraíodh an comórtas i mbliana go comórtas físeáin ar chuir 40 cainteoir isteach air.

6. Comórtas Clár Raidió (podchraoladh) – comórtas úr a bunaíodh a raibh 20 scoil cláraithe leis.
7. Comórtas Tráchtairéachta – comórtas úr a raibh cúig scoláire is fiche páirteach ann a craoladh ar YouTube.

Maidir le hobair Ghael Linn ag cruthú deiseanna úsáide ag an tríú leibhéal baineadh amach na torthaí seo:

1. Eagraíodh craobhchomórtas Bhréagchúirt Uí Dhálaigh Ghael Linn 2021.

Stádas na Gaeilge sna córais oideachais

Baineadh amach spriocanna a aontaíodh tríd an bhFóram Comhpháirtíochta a bhaineann le habhcóideacht leis na ranna oideachais i ndlínse an Fheidhmeannais agus i ndlínse Rialtas na hÉireann trí thosaíochtaí a aontú le Gael Linn agus le Gaeloideachas, agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú a gcuid plananna.

Cuireadh €708,562 ar fáil don cheanneagraíocht Gaeloideachas chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse Gaeloideachais/tumoideachais agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge.

At Gaelscoil Lios na nÓg in Dublin: Seán Ó Coinn, CEO of Foras na Gaeilge, Ola Majekodunmi, Bord member, Áine Ní Ghlinn, Youth Laureate and Maureen Kennelly.



An tÁisaonad, Irish-medium Resource Unit

A grant worth £272,486 was approved for St. Mary's College, Belfast, for the Áisaonad to provide resources to the Irish-medium education sector. Extra funding of £69,000 was approved during 2021 to make reprints of various titles.

The Áisaonad worked in conjunction with An Gúm in Foras na Gaeilge, the Council for Gaeltacht and Irish Medium Education (COGG) and other parties to achieve the best result for the Irish-medium sector in the Irish Government jurisdiction and the Executive jurisdiction. The work included:

1. **CLEITE** - CLEITE is an early reading programme for primary school children. Files of support activities (130 pages) as well as posters of the thirty books in Band 4 of the programme were sent to every Irish-medium school in the Executive jurisdiction.
2. **Comhairle na Gaelscolaíochta (Irish-Medium Education Council)** – Four maths booklets based on the work of Robert Thompson, an expert in special needs who is working for the Education Authority, were translated and sent out to schools.
3. **Write a Book (Scríobh Leabhar)** – The competition was not run

in 2021 but to compensate for that, the Áisaonad organised a competition similar to online in conjunction with C2K. In May, the *Críochnaigh an Scéal* (Finish the Story) competition was published, with an author or practitioner who began the story and pupils were asked to finish the story. There was also a book art competition in June, another aspect of Scríobh Leabhar.

4. **IMSGOL (Irish Medium Steering Group for Online Learning)** – There was a meeting of IMSGOL in February on the theme of *recognising and sharing good practice*. It was recommended that the Áisaonad run a story writing competition in conjunction with C2K. There was a series of meetings after that with C2K and two meetings were held in May and June (see above under Scríobh Leabhar).
5. **Website** – A designer was appointed at the start of the year to design a new website and the Áisaonad worked to create a new, modern and suitable site. The new site was developed and a draft was sent to some practitioners and the college staff for feedback, as well as COGG. After that, a more developed draft was provided to a selection of schools to collect feedback before the launch in 2022.

An tÁisaonad Lán-Ghaeilge

Ceadaíodh deontas ar luach £272,486 do Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, le haghaidh an Áisaonaid chun áiseanna a sholáthar d'earnáil na Gaelscolaíochta. Ceadaíodh maoiniú breise £69,000 chun athchlónna a dhéanamh le linn 2021.

D'oibrigh an tÁisaonad i gcomhar leis an nGúm i bhForas na Gaeilge, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus páirtithe eile leis an toradh is fearr a bhaint amach d'earnáil na Gaelscolaíochta i ndlínse an Fheidhmeannais agus i ndlínse Rialtas na hÉireann. I measc na hoibre bhí:

- 1. CLEITE** - Is Clár luathléitheoireachta do pháistí bunscoile é CLEITE. Cuireadh na comhaid de ghníomhaíochtaí tacaíochta (130 leathanach) mar aon le póstaer den tríocha leabhar i mBanda 4 den chlár amach chuig gach scoil lán-Ghaeilge i ndlínse an Fheidhmeannais.
- 2. Comhairle na Gaelscolaíochta** –Aistríodh ceithre leabhrán mata bunaithe ar obair Robert Thompson, saineolaí sainriachtanas atá ag obair don Údarás Oideachais agus cuireadh amach chuig scoileanna iad.
- 3. Scríobh Leabhar** – Níor réachtáladh an comórtas in 2021 ach mar chúiteamh air sin,

d'eagraigh An tÁisaonad comórtas comhchosúil leis ar líne i gcomhar le C2K. I mí na Bealtaine, foilsíodh comórtas *Críochnaigh an Scéal* le húdar nó cleachtóir a chuir tús leis an scéal agus iarradh ar dhaltáí an scéal a chríochnú. Mar aon leis sin, bhí comórtas ealaíne leabhair ann i mí an Mheithimh, gné eile de Scríobh Leabhar.

- 4. IMSGOL (Irish Medium Steering Group for Online Learning)** – Bhí cruinniú de IMSGOL ann i mí Feabhra ar an téama *eachleachtas a aithint agus a roinnt*. Moladh go réachtálfadh An tÁisaonad comórtas scríobh scéil i gcomhar le C2K. Bhí sraith cruinnithe ann ina dhiaidh sin le C2K agus bhí dhá chomórtas ann, i mí Bhealtaine agus mí an Mheithimh (Féach thuas faoi Scríobh Leabhar).
- 5. Suíomh Gréasáin** – Ceapadh dearthóir ag tús na bliana le suíomh gréasáin nua a dheardh agus bhí An tÁisaonad ag obair leis le suíomh nua, nua-aimseartha agus oiriúnach a dhéanamh. Rinneadh forbairt ar an suíomh nua agus cuireadh dréacht chuig roinnt cleachtóirí agus foireann an Choláiste le haghaidh aiseolais, mar aon le COGG. Ina dhiaidh sin, cuireadh dréacht níos forbartha ar fáil do rogha scoileanna le haiseolas a bhailiú roimh an seoladh in 2022.

Ag Gaelscoil Lios na nÓg i mBaile Átha Cliath: Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach Foras na Gaeilge, Ola Majekodunmi, Bord Foras na Gaeilge, Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg agus Maureen Kennelly.



Gaeltacht Scholarships Scheme 2020-22

The new scholarship scheme was started in 2020 (a three year scheme approved in 2019) worth €211,572 in total to provide Gaeltacht scholarships. This scheme aims to provide an opportunity to young people and adults to attend a Gaeltacht course.

Due to the impact of COVID-19, there were no summer colleges operating during 2021. To demonstrate support for the sector a decision was made to put the 2020 provision towards 2022 and provide a year's extension to the scheme until 2023. It was recognised that the colleges would need extra support in the future to attract students back to the Gaeltacht and to ensure full attendance at the courses. This decision will greatly increase learners' learning opportunities and it will create encouragement and awareness in the sector and in the Irish language community in general. Conradh na Gaeilge and Gael Linn are functioning as administrators of the scheme for pupils in the jurisdiction of the Executive under eighteen years of age and Gael Linn administers the scheme for adults throughout the island.

Write a Book (Scríobh Leabhar)

Write a Book gives primary school children an opportunity to children to write, design and publish their own books in Irish. It promotes reading and writing in Irish among young children.

The project was run in conjunction with various education centres throughout Ireland.

Nine education centres were involved in the project in the 2021-22 school year:

- The Áisaonad, St. Mary's University College, Belfast
- West Cork Education Centre
- The Teachers' Centre, Gort an Choirce
- Athlone Education Centre
- Kilkenny Education Centre
- Carrick-On-Shannon Education Centre
- Wexford Education Centre
- Cork Education Support Centre
- Tralee Education Centre

There were 6,584 children and 111 schools involved during the school year 2021-22. 4,374 books were written as part of the project: <https://www.forasnagaeilge.ie/scríobhleabhar/>.

Lexicography

In 2021, preparatory work continued for new Foras na Gaeilge lexicography projects in which it is intended to produce a single language Irish dictionary and a new Irish-English dictionary. A comprehensive internal valuation was carried out on the New English-Irish Dictionary Project from beginning to end. A public competition was run to produce new sound files for the lexicography sites.

Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2020-22

Cuireadh tús le scéim scoláireachtaí nua in 2020 (scéim trí bliana a ceadaíodh in 2019) ar luach €211,572 san iomlán le scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag an scéim deis a chur ar fáil do dhaoine óga agus fásta freastal ar chúrsa Gaeltachta.

Mar gheall ar thionchar COVID-19, ní raibh coláistí samhraidh ag feidhmiú le linn 2021. Le tacaíocht a léiriú don earnáil rinneadh cinneadh soláthar 2020 a chur i dtreo 2022 agus síneadh bliana a chur leis an scéim go dtí 2023. Aithníodh go mbeadh an tacaíocht bhreise de dhíth ar na coláistí amach anseo le scoláirí a mhealladh ar ais chun na Gaeltachta agus le lánfhreastal ar na cúrsaí a chinntiú. Cuirfidh an cinneadh seo go mór le deiseanna foghlamtha na bhfoghlaimeoirí agus cruthóidh sé ardú meanman agus feasachta san earnáil agus i saol na Gaeilge trí chéile. Tá Conradh na Gaeilge agus Gael Linn ag feidhmiú mar riarthóirí ar an scéim do dháltaí i ndlínse an Fheidhmeannais faoi ocht mbliana déag d'aois agus is é Gael Linn a riarann an scéim do dhaoine fásta fud fad an oileáin.

Scríobh Leabhar

Tugann Scríobh Leabhar deis do pháistí bunscoile a gcuid leabhar féin a scríobh, a dhearadh, agus a fhoilsiú as Gaeilge. Cuireann sé léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge chun

cinn i measc páistí óga. Reáchtáladh an tionscadal i gcomhar le hionaid oideachais éagsúla ar fud na hÉireann.


Bhí naoi n-ionad oideachais páirteach sa tionscadal sa scoilbhliain 2021-22:

- An tÁisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste
- Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí
- Ionad na Múinteoirí, Gort an Choirce
- Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
- Ionad Oideachais Chill Chainnigh
- Ionad Oideachais Chora Droma Rúisc
- Ionad Oideachais Loch Garman
- Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí
- Ionad Oideachais Thrá Lí

Bhí 6,584 pháiste agus 111 scoil páirteach sa tionscadal i rith na scoilbhliana 2021-22. Scríobhadh 4,374 leabhar mar chuid den tionscadal: <https://www.forasnagaeilge.ie/scríobhleabhar/>.

Cúrsaí Foclóireachta

In 2021, leanadh den obair ullmhúcháin do thionscadail nua foclóireachta Fhoras na Gaeilge ina bhfuil sé i gceist foclóir aonteangach Gaeilge agus Foclóir Nua Gaeilge-Béarla a tháirgeadh. Rinneadh luacháil inmheánach chuimsitheach ar thionscadal an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge ó thús deireadh.



A lexicography symposium was run online in March and more than a hundred people attended. The Niall Ó Dónaill Essay Competition was run for third level students for the first time. The corpus resources of Foras na Gaeilge were increased and developed and the Irish Language Lexicography Corpus was established. There are 100 million words in the Irish Language Lexicography Corpus and it is the largest Irish language corpus available.

Terminology Development and Supply

Eleven meetings of the Terminology Committee were convened in 2021 – all were virtual meetings. The regular supply of advice and terminology for the public was continued through answers to queries which come in through the website, emails and phone calls.

The public had continuous access to the National Terminology Database at www.tearma.ie. Two new contracts were started which will last for the period 2021-2023: hosting for the www.tearma.ie site; and development and editing of the National Terminology Database.

The Terminology Committee approved or amended more than 7,000 terms, including terms from the New English-Irish Dictionary, and these terms were made available on the public site www.tearma.ie.

Members of the Terminology Committee took part in the

EAFT (European Association for Terminology) plenary conference organised by Gaois/Fiontar/DCU School of Irish online in November with financial help from Foras na Gaeilge.

An Gúm

As regards the primary school project Séideán Sí, the remainder of the workbooks for the third class to sixth class novels were made available online. The work on apps for the infants, first class and second class were completed and testing on the third to sixth class apps continued. These class novels were published according to the publishing programme set out in 2019 for Séideán Sí:

- ***I Lár na Coille***

*Written by Éamonn Ó Ruanaí,
illustrated by Martin Fagan.*

- ***Bleachtairí Beaga Bhaile Átha Cliath***

*Written by Gabriel Rosenstock and
illustrated by Aongus Ó Coileáin.*

A new series was published of four books for preschool children, which are joint editions aimed at preschool children and having a particular emphasis on increasing the child's vocabulary.

- *Babaí Beag: Seo linn!*

- *Babaí Beag: Bia Blasta*

- *Babaí Beag: Splais!*

- *Babaí Beag: Dathanna!*



Reáchtáladh comórtas poiblí chun comhaid nua fuaim a tháirgeadh do na suíomhanna foclóireachta. Reáchtáladh siompóisiam foclóireachta ar líne i mí an Mhárta agus d'fhreastail breis is céad duine air. Reáchtáladh Comórtas Aistí Néill Uí Dhónaill do mhic léinn tríú leibhéal den chéad uair. Rinneadh breisiú agus forbairt ar na hacmhainní corpais atá ag Foras na Gaeilge agus cuireadh Corpas Foclóireachta na Gaeilge (CFG) ar bun. Tá 100 milliún focal in CFG agus is é an corpas Gaeilge is mó dá bhfuil ar fáil.

Forbairt agus Soláthar na Téarmaíochta

Tionóladh aon chruinniú dhéag den Choiste Téarmaíochta in 2021 – cruinnithe fíorúla iad uilig. Leanadh den soláthar rialta de chomhairle agus moltaí téarmaíochta don phobal trí fhreagraí ar fhiosruithe a thagann isteach tríd an suíomh gréasáin, r-phoist agus glaonna gutháin.

Bhí rochtain leanúnach ag an bpobal ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta ar www.tearma.ie. Cuireadh tús le dhá chonradh nua a mhairfidh don tréimhse 2021-2023: óstáil don suíomh www.tearma.ie; agus forbairt agus eagarthóireacht ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta.

Rinne an Coiste Téarmaíochta faomhadh nó leasú ar bhreis agus 7,000 téarma, lena n-áirítear téarmaí ón bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge, agus cuireadh na téarmaí sin ar fáil ar an suíomh poiblí www.tearma.ie.

Ghlac baill den Choiste Téarmaíochta páirt in ollchomhdháil EAFT (Cumann Eorpach don Téarmeolaíocht) a d'eagraigh Gaois/Fiontar/Scoil na Gaeilge DCU ar líne i mí na Samhna le cuidiú airgeadais ó Fhoras na Gaeilge.

An Gúm

Maidir leis an tionscadal bunscoile Séideán Sí, cuireadh fuílleach na leabhar saothar a bhaineann le húrscéalta Rang 3-Rang 6 ar fáil ar líne. Tugadh an obair ar aipeanna na Naíonán agus Rang 1 agus Rang 2 chun críche agus leanadh den tástáil ar aipeanna R3-R6. Foilsíodh na húrscéalta ranga seo de réir an chláir foilsitheoireachta a leagadh amach in 2019 do Séideán Sí:

• **I Lár na Coille**

Éamonn Ó Ruaná a scríobh, Martin Fagan a mhaisigh.

• **Bleachtairí Beaga Bhaile Átha Cliath**

Gabriel Rosenstock a scríobh agus Aongus Ó Coileáin a mhaisigh.

Foilsíodh sraith nua ceithre leabhar do leanaí réamhscoile, ar comheagrán iad atá dírithe ar leanaí réamhscoile agus béim ar leith iontu ar chur le stór focal an pháiste.

• *Babaí Beag: Seo linn!*

• *Babaí Beag: Bia Blasta*

• *Babaí Beag: Splais!*

• *Babaí Beag: Dathanna!*

These books were published:

Clíona agus an Cluiche Peile

Written by Úna Leavy, illustrated by Kieron Black. A novel for fourth to sixth class which emphasises participation in sports.

Ó Bhó, Na Beacha!

Pauline Devine, illustrated by Róisín Curé. An exciting book in which the importance of bees for biodiversity is emphasised.

Gairdín Mháire na mBláth

Written and illustrated by Tatyana Feeney. A beautiful book with a particular emphasis on biodiversity and native wild flowers.

Gaschaint

A project to develop an internet app for the project Gaschaint began. The text of that book in the tree main dialects will be joined to the sound files that were on the CD and all the material will be available on the www.gaschaint.ie site in 2022.

Primary schools atlas (Atlas Bunscoile)

A plan of work was set out to set out a new edition of the atlas for primary schools, Atlas Bunscoile. Advice was received from primary teachers on the new material that would be needed. A contract was agreed with a publisher and the work was begun.

Joint editions

La Cache by Thierry Roberrecht
This is a famous work which examines the case of refugees and the camps where they stay when they reach Europe. The French original was translated and the editing work and layout were started.

Áiteanna Iontacha Aisteacha

An information book on world heritage sites for primary school children. The translation was completed and the editing work and layout were started.

Primary education

• Féach Thart: Tíreolaíocht Rang 6

The remainder of the slides were published online and the workbook was published.

• Féach Thart: Eolaíocht Rang 6

The first batch of the material was made available and the editing work was begun.

• Líon an Dúlra

Four editions of this environmental newsletter were published, one per quarter.

Post-primary education

- *The editing work continued on the mathematics textbook for the Leaving Certificate.*
- *The remainder of the chapters of the art textbook for the Leaving Certificate was laid out. Four extra chapters were published on line and the editing work was continued on the final chapters.*
- *Teicneolaíocht Ábhar –Adhmad – editing on this work continued.*
- *Construction studies textbook for the Leaving Certificate: editing continued on this work and more chapters were laid out.*
- *Editing continued on the Irish edition of La Adventura de Said by Josep Lorman.*

Gaelbhratach

Foras na Gaeilge approved a grant of €120,000 for lead organisation Gael Linn for the Gaelbhratach project. 220 schools participated (112 primary schools and 108 post-primary schools in the 2020/2021 school year). 105 schools received a flag and/or certificate for the 2020/2021 school year. As a result of COVID-19 the website was developed and a series of workshops, videos and podcasts

Foilsíodh na leabhair seo:

Clóna agus an Cluiche Peile

Úna Leavy a scríobh, Kieron Black a mhaisigh. Úrscéal ranga do R4-R6 a leagann béim ar an rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt.

Ó Bhó, Na Beacha!

Pauline Devine, Róisín Curé a mhaisigh. Leabhar spleodrach ina leagtar béim ar thábhacht na mbeach don bhithéagsúlacht.

Gairdín Mháire na mBláth

Tatyana Feeney a scríobh agus a mhaisigh. Leabhar gleoite le béim ar leith ar an mbithéagsúlacht agus ar na bláthanna fiáine dúchasacha.

Gaschaint

Cuireadh tús le tionscadal chun aip ghréasáin den saothar Gaschaint a fhorbairt. Pósfar téacs an leabhair sna trí mhórchanúint leis na comhaid fuaimne a bhí ar an dlúthdhiosca agus beidh an t-ábhar go léir ar fáil ar an suíomh www.gaschaint.ie in 2022.

Atlas Bunscoile

Leagadh amach plean oibre chun eagrán nua den Atlas Bunscoile a réiteach. Fuarthas comhairle ó mhúinteoirí bunscoile maidir leis an ábhar nua a theastódh. Aontaíodh conradh le foilsitheoir agus cuireadh tús leis an obair.

Comheagrán

La Cache le Thierry Roberrecht Saothar cáiliúil é seo a chíorann cás na dteifeach agus na campaí ina gcuireann siad fúthu nuair a bhaineann siad an Eoraip amach. Rinneadh aistriúchán ar an mbunleagan Fraincise agus cuireadh tús leis an obair eagarthóireachta agus leis an leagan amach.

Áiteanna Iontacha Aisteacha

Leabhar eolais mar gheall ar láithreáin oidhreacht dhomhanda do pháistí bunscoile. Cuireadh an t-aistriúchán i gcrích agus cuireadh tús leis an obair eagarthóireachta agus leis an leagan amach.

An bhunscolaíocht

• Féach Thart: Tíreolaíocht Rang 6

Foilsíodh fuilleach na sleamhnán ar líne agus foilsíodh an leabhar saothair.

• Féach Thart: Eolaíocht Rang 6

Cuireadh an chéad bhaisc den ábhar ar fáil agus cuireadh tús leis an obair eagarthóireachta.

• Líon an Dúlra

Foilsíodh ceithre eagrán den nuachtlitir timpeallachta seo, ceann in aghaidh na ráithe.

An iar-bhunscolaíocht

• *Leanadh den obair eagarthóireachta ar an téacsleabhar matamaitice don Ardteist.*

• *Leagadh amach fuilleach na gcaibidlí den téacsleabhar ealaíne don Ardteist. Foilsíodh ceithre chaibidil bhreise ar líne agus leanadh den obair eagarthóireachta ar na caibidlí deiridh.*

• *Teicneolaíocht Ábhar Adhmad Leanadh den eagarthóireacht ar an saothar seo.*

• *Téacsleabhar foirgníochta don Ardteist: leanadh den eagarthóireacht ar an saothar seo agus leagadh tuilleadh caibidlí amach.*

• *Leanadh den eagarthóireacht ar eagrán Gaeilge de L'Adventura de Said le Josep Lorman.*

Gaelbhratach

Cheadaigh Foras na Gaeilge deontas €120,000 don cheanneagraíocht Gael Linn don tionscadal Gaelbhratach. Bhí 220 scoil páirteach ann (112 bhunscoil agus 108 n-iar-bhunscoil sa bhliain scoile 2020/2021). Fuair 105 scoil bratach agus/nó teastas don scoilbhliain 2020/2021. Mar gheall ar COVID-19 rinneadh forbairt ar an

Launch of *Sosanna Speodracha*, November 2021. Broadcaster Aedín Ní Thiarnaigh and Consultant in Emergency Medicine Dr Lisa Cunningham Guthrie are pictured with Thomas, Caoimhe, Naoise and Aoife-Mai.



was placed on the site. The *Sosanna Speodracha* (*Bizzy Breaks*) programme was translated and further developed in conjunction with the Irish Heart Foundation. The Department of Education and Skills provided funding of €120,000 to the project during 2021 also.

Gaeloideachas

€708,562 was made available to the lead organisation Gaeloideachas to complete a programme of work in the area of Irish-medium education/immersion education and Irish language preschool education. This lead organisation did considerable work in the areas below.:

Gaeloideachas dealt with establishing post-primary provision in eight areas: three of them recognised by the Department of Education and Skills (DES) for new post-primary schools, three areas in which schools are inquiring about establishing units and one other area not recognised by DES but in which there is currently no Irish-medium provision. Approval was given to a new satellite model in Dundalk connected to Coláiste Ghlór na Mara and all the platforms were used to attract parents towards the school. Three new multidenominational primary schools opened in September

2021: Gaelscoil Eoin, Dublin 4; Gaelscoil Chráinne Mhaol, Dublin 13; and Gaelscoil Lir, Dublin 24. All the schools are under the patronage of An Foras Pátrúnachta.

Gaeloideachas dealt with establishing a new primary school provision in nine areas, five of them recognised by DES, two applications from the community in the area, and two applications in English medium schools who wish to provide immersion education in the future in parallel to the current provision.

Support for the Irish-medium sector

A new campaign was begun about continuity between the levels of *Ar Aghaidh Linn* and a special newsletter was issued on the theme. A *Tae & Plé* (tea and discussion) session was organised on Zoom for nursery directors and teachers.

A new division has been developed on the Gaeloideachas site with videos, examples of good practice, slides and stimulus questions. The www.irishforparents.ie website was continued and an increase in users was registered. New videos were added to the series based on the booklet *Déan Comhrá* and seminars were run on special educational needs.

suíomh gréasáin agus cuireadh sraith ceardlann, físeán agus podchraoltaí ar an suíomh. Rinneadh aistriúchán agus forbairt bhreise ar an gclár Sosanna Spleodracha (Bizzy Breaks) i gcomhar le Foras Croí na hÉireann. Chuir an Roinn Oideachais maoiniú €120,000 ar fáil don tionscadal le linn 2021 freisin.

Gaeloideachas

Cuireadh €708,562 ar fáil don cheanneagraíocht Gaeloideachas chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge. Rinne an cheanneagraíocht seo go leor oibre sna réimsí seo thíos:

Bhí Gaeloideachas ag plé le soláthar iar-bhunscoile nua a bhunú in ocht gceantar: trí cinn acu aitheanta ag an ROS d'iar-bhunscoileanna nua, trí cheantar ina bhfuil scoileanna ag fiosrú maidir le haonaid a bhunú agus ceantar amháin eile nach bhfuil aitheanta ag an ROS ach nach bhfuil aon soláthar lán-Ghaeilge ann faoi láthair. Tugadh faomhadh do shamhail satailíte úr i nDún Dealgan nasctha le Coláiste Ghlór na Mara agus rinneadh bolscaireacht ar na hardáin uilig le tuismitheoirí a mhealladh i dtreo na scoile. D'oscail trí bhunscoil nua ilchreidmheacha i Meán Fómhair 2021: Gaelscoil Eoin, Baile Átha Cliath 4; Gaelscoil Ghráinne Mhaol, Baile

Átha Cliath 13; agus Gaelscoil Lir, Baile Átha Cliath 24. Tá gach scoil faoi phátrúnacht an Fhorais Pátrúnachta.

Tá Gaeloideachas ag plé le soláthar bunscoile nua a bhunú i naoi gceantar, cúig cinn aitheanta ag an Roinn Oideachais, dhá iarratas atá ag teacht ón bpobal sa cheantar, agus dhá iarratas i scoileanna meáin Bhéarla ar mian leo tumoideachas a chur ar fáil amach anseo go comhthreomhar leis an soláthar reatha.

Tacaíocht don earnáil lán-Ghaeilge

Cuireadh tús le feachtas nua faoin leanúnachas idir na leibhéal Ar Aghaidh Linn agus eisíodh nuachtlitir speisialta ar an téama. Eagraíodh seisiún Tae & Plé eagraithe ar Zoom do stiúrthóirí agus múinteoirí naíonra.

Tá rannóg úr forbartha ar shuíomh Gaeloideachas le físeáin, eiseamláirí dea-chleachtais, sleamhnáin agus spreagcheisteanna. Leanadh den suíomh www.irishforparents.ie agus cláraíodh ardú i líon na n-úsáideoirí. Cuireadh físeáin úra leis an tsraith bunaithe ar an leabhrán Déan Comhra agus reáchtáladh seimineáir maidir le riachtanais speisialta oideachais.

Seoladh Sosanna Spleodracha, Samhain 2021. Sa phictiúr tá an craoltóir Aedín Ní Thiarnaigh agus an Comhairleoir i Leigheas Éigeandála an Dr Lisa Cunningham Guthrie i dteannta na bpáistí Thomas, Caoimhe, Naoise agus Aoife-Mai.



Corporate Main Objective 3:

Serve the interest of Irish in society in general by means of influence and advice

A recognised advisory role achieved by Foras na Gaeilge in the public sector, especially in the area of education, and in the area of local authorities

Foras na Gaeilge has named representatives on various boards and committees in connection with education on an all-island basis and the representatives participated in the different meetings, that is Comhairle na Gaelscolaíochta, the National Council for Curriculum and Assessment, and the Council for Gaeltacht and Irish Medium Education. Foras na Gaeilge participated in the Advisory Group on Gaeltacht Education which was involved in the implementation of the Policy on Gaeltacht Education.

Development strategies to increase politicians' understanding of the Irish language question

The Foras na Gaeilge Chairperson and the senior management held a series of meetings with the Minister for Finance and Minister for Communities in the Executive jurisdiction in respect of continuous resourcing of Foras na Gaeilge. Meetings were organised also with the senior Minister in the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. Although Foras na Gaeilge funding is still below the level of 2008, the baseline line budget was increased and some once-off payments were received from the departments during the year directed at various projects.

Lobbying- Gaeloideachas

Gaeloideachas played an active role in the new working group to establish a campaign to establish new legislation for the school provision. It continued to attend committees and groups associated with the main area of Irish-medium education and early years. These included the Conradh na Gaeilge Education Committee, the Department of Education, the Language Affairs Officer in the European Commission and the INTO.

Interviews were conducted with the media on new schools, units, patronage, exemption, information technology, a policy for Irish-medium education and the work of the organisation. A particular emphasis was placed on the legal case related to the lack of an Irish-medium no secondary school in Dublin 6. Statistics on the sector were published on www.gaeloideachas.ie.

Representation in the education sector

Foras na Gaeilge has named representatives on various boards and committees in connection with education on an all-island basis and the representatives participated in the different meetings, that is Comhairle na Gaelscolaíochta, the National Council for Curriculum and Assessment, and the Council for Gaeltacht and Irish Medium Education.

Mórchuspóir Corparáideach 3:

Fónamh do leas na Gaeilge sa tsochaí trí chéile trí mheán an tionchair agus na comhairle

Ról aitheanta comhairle bainte amach ag Foras na Gaeilge san earnáil phoiblí, go háirithe i réimse an oideachais, agus i réimse na n-údarás áitiúil

Ról aitheanta comhairle bainte amach ag Foras na Gaeilge san earnáil phoiblí, go háirithe i réimse an oideachais, agus i réimse na n-údarás áitiúil

Tá ionadaithe ainmnithe ag Foras na Gaeilge ar bhoird agus ar choistí éagsúla a bhaineann le cúrsaí oideachais ar bhonn uile-oileáin agus bhí na hionadaithe rannpháirteach sna cruinnithe éagsúla, is iad sin Comhairle na Gaelscolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Tá Foras na Gaeilge rannpháirteach sa Ghrúpa Comhairleach um Oideachas Gaeltachta a bhfuil baint aige le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

Straitéisí forbartha le tuiscint polaiteoirí ar cheist na Gaeilge a mhéadú

Bhí sraith cruinnithe ag Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Pobal i ndlínse an Fheidhmeannais maidir le hacmhainniú leanúnach Fhoras na Gaeilge. Eagraíodh cruinnithe fosta leis an Aire Sinsearach sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán agus leis an Aire Stáit. Cé go bhfuil maoiniú Fhoras na Gaeilge fós faoi bhun an mhaoinithe a bhí ann in 2008, cuireadh leis an mbuiséad bonnlíne agus fuarthas roinnt íocaíochtaí

aonuaire éagsúla ó na ranna le linn na bliana dírithe ar thionscadail éagsúla.

Stocaireacht – Gaeloideachas

Bhí ról gníomhach ag Gaeloideachas ar ghrúpa úr oibre le feachtas a chur ar bun le reachtaíocht úr a bhunú don soláthar scoile. Lean siad de bheith ag freastal ar choistí agus grúpaí a bhaineann leis mór-réimse an Ghaeloideachais agus na luathbhlianta. Ina measc bhí Coiste Oideachais Chonradh na Gaeilge, an Roinn Oideachais, Oifigeach Gnóthaí Teanga sa Choimisiún Eorpach agus Cumann Múinteoirí Éireann.

Rinneadh agallamh leis na meáin maidir le scoileanna nua, aonaid, pátrúnacht, díolúine, teicneolaíocht na faisnéise, polasaí don oideachas lán-Ghaeilge agus obair na heagraíochta. Cuireadh béim ar leith ar an gcás dlí nach bhfuil meánscoil i mBaile Átha Cliath 6. Foilsíodh staitisticí faoin earnáil ar www.gaeloideachas.ie.

Ionadaíocht san earnáil oideachais

Tá ionadaithe ainmnithe ag Foras na Gaeilge ar bhoird agus ar choistí éagsúla a bhaineann le cúrsaí oideachais ar bhonn uile-oileáin agus bhí na hionadaithe rannpháirteach sna cruinnithe éagsúla, is iad sin Comhairle na Gaelscolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Corporate Main Objective 4:

Increase understanding and awareness of Irish among the public far and near

Increase in understanding and awareness of the place of Irish in life and society – employment, social matters, sport and family

At a virtual event on 22nd April the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, Catherine Martin TD, presented certificates to some of the eleven accredited English-Irish translators who succeeded in the Seal of Accreditation for Translators examination in 2021.

To raise awareness of employment opportunities with Irish, a series of interviews with different people working through Irish was published on social media. The Grad Ireland Careers Fair was run virtually and staff were available to advise students on training and employment opportunities through Irish.

A wide range of prizes was sponsored to give recognition to the excellent practice through Irish in different areas. The prizes included the Aisling Prizes and the Irish Marketing Prizes.

Bunscoil Phobal Feirste, winners of Gradaim na hAislinge, December 2021



Mórchuspóir Corparáideach 4:

Tuiscint agus feasacht ar an nGaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcéin agus i gcóngar

Méadú ar thuiscint agus feasacht ar áit na Gaeilge sa saol agus sa tsochaí – fostaíocht, cúrsaí sóisialta, spóirt agus teaghlaigh

Ag ócáid fhíorúil ar an 22 Aibreán, bhronn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, teastais ar chuid den 11 aistritheoir Béarla-Gaeilge creidiúnaithe ar éirigh leo i scrúdú an tSéala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí in 2021.

Le feasacht a ardú faoi dheiseanna fostaíochta le Gaeilge, rinneadh poiblíocht ar shraith agallamh le daoine éagsúla atá ag obair trí Ghaeilge ar na meáin shóisialta. Reáchtáladh Aonach Gairmeacha Grad Ireland go fíorúil agus bhí foireann ar fáil le comhairle a chur ar mhic léinn maidir le deiseanna oiliúna agus fostaíochta trí Ghaeilge.

Rinneadh urraíocht ar raon leathan gradam le haitheantas a thabhairt don sárchleachtas trí Ghaeilge i réimsí difriúla. I measc na ngradam bhí Gradaim na hAislinge agus Gradaim Mhargaíochta na hÉireann.

*Bunscoil Phobal
Feirste a bhuaigh
Gradaim na hAislinge,
Nollaig 2021*





Understanding and awareness of opportunities for use of Irish increased

Various awareness campaigns were organised to support Foras na Gaeilge projects including Do Ghairm le Gaeilge (your career with Irish), the Irish Books Programme Mentoring Scheme, Colmcille 1500, the 2021 Publishing Prizes and the Summer Camps Scheme 2021. A partnership was carried out on campaigns with other organisations including Poetry Ireland, Bòrd na Gàidhlig, World Book Day and the Arts Council to promote opportunities for the use of Irish on social media.

The Foras na Gaeilge presence on social media and awareness of Foras na Gaeilge among the public were developed. During 2021, there was an increase of 17% in Foras na Gaeilge followers (4,800 new followers) on social media. Foras na Gaeilge won the silver award (Video Campaign: Public Body) and the bronze award (best cross platform campaign) for the new dictionary campaign at the Sockies, the awards which give recognition to excellence on social media.

A redesigned version of the Foras na Gaeilge website www.foranagaeilge.ie, was launched in September when the new Foras na Gaeilge blog and new microsite for the Scríobh Leabhar (Write a Book) project, www.scriobhleabhar.ie, were launched.

Opportunities for use of Irish for the diaspora were provided through

sponsorship for Scoil Scairte (Hedge School) with The Trailblazery, the online programme which helps the public throughout the world to reacquire their Gaelic heritage and the Irish language. The second Tine Mhór Champa (Big Camp Fire) (Irish Echo) was sponsored with the object of bringing Irish Americans together after the pandemic. The Chief Executive awarded Gradam Croí an Chultúir Ghael-Mheiriceánaigh (The Heart of Irish American Culture Award), a new award of the Irish Echo which was sponsored by Foras na Gaeilge, and which gave recognition to Gaels in the United States who promote the Irish language. The award was presented to Cairtriona Weafer, founder of the Conradh na Gaeilge branch in Los Angeles.

This is a very important aspect of the work of Foras na Gaeilge to increase understanding and awareness in the English language media as regards various aspects of Irish, and to keep the general public aware of projects, relevant news and Irish language activities.

Foras na Gaeilge was in regular contact with Irish language and English language media during 2021. Representatives were provided for radio, television and newspaper interviews and press releases were issued on a continuous basis. Communication plans were implemented to share important information with the media and to discuss relevant questions with appropriate parties.

Tuiscint agus feachtas ar dheiseanna úsáide na teanga méadaithe

Eagraíodh feachtais feachtas éagsúla le tacú le tionscadail de chuid Foras na Gaeilge lena n-áirítear Do Ghairm le Gaeilge, Scéim Meantóireachta Chlár na Leabhar Gaeilge, Colmcille 1500, Gradaim Foilsitheoireachta 2021 agus Scéim na gCampaí Samhraidh 2021. Rinneadh comhpháirtíocht ar fheachtais le heagrais eile lena n-áirítear Éigse Éireann, Bòrd na Gàidhlig, Lá Domhanda na Leabhar agus an Chomhairle Ealaíon le deiseanna úsáide Gaeilge a chur chun cinn ar na meáin shóisialta.

Rinneadh forbairt ar láithreachtaí Foras na Gaeilge ar na meáin shóisialta agus ar fheachtas faoi Fhoras na Gaeilge i measc an phobail. Le linn 2021, tháinig méadú 17% ar líon leantóirí Fhoras na Gaeilge (4,800 leantóir nua) ar na meáin shóisialta. Ghnóthaigh Foras na Gaeilge gradam airgid (Feachtas Físe: Comhlacht Poiblí) agus gradam cré-umha (Feachtas trasardáin is fearr) d'fheachtas an Fhoclóra nua ag na Sockies, na gradaim a thugann aitheantas do bharr feabhais ar na meáin shóisialta.

Seoladh leagan athdheartha de shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge, www.forasnagaeilge.ie, i mí Mheán Fómhair nuair a cuireadh tús le blog nua Fhoras na Gaeilge agus micreashuíomh nua don tionscadal Scríobh Leabhar, www.scriobhleabhar.ie.

Cuireadh deiseanna úsáide ar fáil don diaspóra trí urraíocht ar Scoil Scairte le The Trailblazery, an clár ar líne a chuidíonn leis an bpobal ar fud na cruinne athshealbhú a dhéanamh ar a n-oidhreacht Ghaelach agus ar an nGaeilge. Rinneadh urraíocht ar an dara Tine Mhór Champa (Irish Echo) agus é mar chuspóir aige Gaeil Mheiriceá a thabhairt le chéile i ndiaidh na paindéime. Bhronn an Príomhfheidhmeannach Gradam Croí an Chultúir Ghael-Mheiriceánaigh, gradam nua de chuid an Irish Echo a bhí urraithe ag Foras na Gaeilge, agus a thug aitheantas do Ghaeil sna Stáit Aontaithe a chuireann an Ghaeilge chun cinn. Bronnadh an gradam ar Chaitríona Weafer, bunaitheoir Chraobh Chonradh na Gaeilge in Los Angeles.

Is gné an-tábhachtach d'obair Fhoras na Gaeilge tuiscint agus feachtas a mhéadú sna meáin Bhéarla maidir le gnéithe éagsúla den Ghaeilge, agus an mórphobal a choimeád ar an eolas maidir le tionscadail, nuacht ábhartha agus gníomhaíochtaí Gaeilge.

Bhí teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na meáin Ghaeilge agus Bhéarla le linn 2021. Cuireadh ionadaithe ar fáil d'agallaimh raidió, theilifíse agus nuachtáin agus eisíodh preaseisiúintí ar bhonn leanúnach. Cuireadh pleananna cumarsáide i bhfeidhm le heolas tábhachtach a roinnt leis na meáin agus le ceisteanna ábhartha a chioradh le páirtithe cuí.

Le linn 2021, cuireadh béim ar leith ar chumarsáid leanúnach agus shoiléir leis na meáin agus leis an

During 2021, a particular emphasis was placed on continuous and clear communication with the media and the public during the COVID-19 restrictions through the website and social media. Partnership projects including Róisín Reimagined by Muireann Nic Amhlaobh as well as the work of the Terminology Committee gained positive publicity in the national and international media.

The Seachtain na Gaeilge supplement in The Irish Independent was sponsored, which was made available with the newspaper as part of Seachtain na Gaeilge 2021. A special commemorative poster, showing Ireland and Scotland and the main sites associated with Colmcille, was made available as a supplement in The Irish Times as part of the Colmcille 1500 commemoration on 7th December 2021.

Conradh na Gaeilge

€832,457 was approved for the lead organisation Conradh na Gaeilge to complete a programme of work in the area of awareness raising, language protection and representation (on behalf of the Irish language with state authorities). Here are some of the projects that it undertook in 2021:

Seachtain na Gaeilge

Despite difficulties with COVID for the second year in a row, hundreds of thousands of people took part in Irish Seachtain na Gaeilge with Energia 2021. There were virtual events

throughout the world and there was a special celebration of diversity with particular events organised through the Céad Míle Fáilte scheme for groups in the four provinces. The President of Ireland, Michael D. Higgins, officially launched Seachtain na Gaeilge with Energia as part of a virtual event with the festival ambassadors, Imelda May, Declan Hannon and Bláthnaid Treacy. 7,600 people watched the event online. As for social media for the festival, #SnaG21 had 119 million impressions and 16 million people were reached. #SnaGaeilge had 40 million impressions and 15 million people were reached. Ongoing contact was made with Irish embassies and media abroad and a handbook sent to them electronically.

Talk & Conversation

Co-operation continued with the conversation circles that were organised online from 2020. They were given continuous support with their Zoom accounts and in respect of the appropriate information on restrictions and groups meeting each other in person again during the summer. A monthly newsletter was sent out to all the circles that are part of the Caint & Comhrá (Talk & Conversation) project. Many groups all over the world took part in Comhrá '21 which took place in October. The conversation started in New-Zealand and ended in the Mayo Gaeltacht having travelled across the globe for a couple of days. There were 100 conversation circles in the Caint & Comhrá network operating online through Zoom accounts that



bpobal le linn shrianta COVID-19 tríd an suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta. Ghnóthaigh tionscadail chomhpháirtíochta lena n-áirítear Róisín Reimagined le Muireann Nic Amhlaoibh chomh maith le hobair an Choiste Téarmaíochta poiblíocht dhearfach sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Rinneadh urraíocht ar fhorlónadh Sheachtain na Gaeilge in The Irish Independent a cuireadh ar fáil leis an nuachtán mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2021. Cuireadh póstaer cuimhneacháin speisialta, ar a bhfuil Éire agus Albain agus ar a dtaispeántar príomhláithreacha a bhaineann le Colm Cille, ar fáil mar fhorlónadh in The Irish Times mar chuid de chomóradh Cholmcille 1500 ar 7 Nollaig 2021.

Conradh na Gaeilge

Ceadaiódh €832,457 don cheanneagraíocht Conradh na Gaeilge chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na Gaeilge le húdaráis stáit). Seo roinnt de na tionscadail ar thug siad fúthu anuraidh:

Seachtain na Gaeilge

In ainneoin deacrachtaí le COVID don dara bliain as a chéile, ghlac na céadta mílte duine páirt i Seachtain na Gaeilge le Energia 2021. Bhí imeachtaí fíorúla ar siúl ar fud an domhain agus bhí ceiliúradh ar leith ar an ilchineálacht agus imeachtaí faoi leith

eagraithe tríd an scéim Céad Míle Fáilte do ghrúpaí sna ceithre cúigí. Sheol Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn, Seachtain na Gaeilge le Energia go hoifigiúil mar chuid d'imeacht fíorúil le hambasadóirí na féile, Imelda May, Declan Hannon agus Bláthnaid Treacy. Tá 7,600 duine tar éis breathnú ar an imeacht ar líne. Maidir leis na meáin shóisialta don fhéile, bhí 119 milliún imrisean ag #SnaG21 agus sroicheadh 16 milliún duine. Bhí 40 milliún imrisean ag #SnaGaeilge & sroicheadh 15 milliún duine. Rinneadh teagmháil leanúnach le hambasáidí agus meáin na hÉireann thar lear agus cuireadh lámhleabhar ar fáil dóibh go leictreonach.

Caint & Comhrá

Lean an comhoibriú leis na ciorcail chomhrá a bhí á reáchtáil ar líne ar aghaidh ó 2020. Tugadh tacaíocht leanúnach dóibh lena gcuntais Zoom agus maidir leis an eolas cuí faoi shrianta agus grúpaí ag bualadh le chéile i bpearsa arís le linn an tsamhraidh. Seoladh nuachtlitir mhíosúil amach chuig na ciorcail ar fad atá mar chuid de Caint & Comhrá. Ghlac go leor grúpaí fud fad an domhain páirt in Comhrá '21 a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh tús leis an gcomhrá sa Nua-Shéalainn agus tháinig críoch leis i nGaeltacht Mhaigh Eo tar éis dó taisteal ar fud na cruinne ar feadh cúpla lá. Bhí 100 ciorcal comhrá cláraithe sa ghréasán Caint & Comhrá atá ag feidhmiú ar líne trí chuntais Zoom a chuir Conradh na Gaeilge ar fáil dóibh (145 in 2017;

Conradh na Gaeilge provided to them (145 in 2017; 80 in 2018; 145 in 2019; 70 in 2020 with COVID-19). With Comhrá '21 organised in October, a conversation record was reached with forty-seven groups (forty groups in 2017; forty-five groups in 2018, fifty in 2021) participating in it. A monthly newsletter is sent to the groups.

Advocacy with public representatives

In the Executive jurisdiction, Conradh na Gaeilge was active providing information to politicians and the public. Arising from that work, the question of the Irish language Act was prominent during the second quarter of 2021 and in June the British government gave a public commitment that they would bring legislation through Westminster before the end of October. Conradh na Gaeilge organised an information day at Westminster itself and took a cross-party photograph of representatives of five parties outside the parliament, which drew much attention to the issue in the media.

In the Irish government jurisdiction, it succeeded in achieving many provisions in the Official Languages Act 2019 (amendment) in order to strengthen the legislation. These provisions include the following:

1. At least 20% of staff to be recruited to public bodies to be competent in Irish by 31st December 2030 at the latest
2. 20% of public body advertising to be in Irish and 5% of the advertising budget of the bodies to be spent on Irish language media;
3. All services of public bodies in the

Gaeltacht to be available in Irish (but no target date associated with this);

4. Official recognition and a system to be established so that the public can use their names and addresses, with length marks if necessary, with public bodies (and that they will not have to use a title if they wish not);
5. Bodies in the private sector providing services on contract to the public on behalf of public bodies are to conform with certain provisions of the Act;
6. Balance and certainty for Irish to be in public bodies' marketing material;
7. Certain official forms of public bodies to be bilingual or in Irish only;
8. A person from a Gaeltacht Language Planning Area and a person from outside the Gaeltacht to have representation on the Advisory Committee.

Throughout 2021, the campaign #SEAS21 was organised in the Irish government jurisdiction and lobbying was carried out of a wide range of parties regarding demands in both jurisdictions.

Other relevant results

Peig.ie has been developed; a National Housing Policy for the Gaeltacht was published; the annual research survey on the public's views on Irish was organised, Céard é an Scéal 2021? (What's the Story 2021?); and the Irish language was protected in Leaving Certificate specifications.

80 in 2018; 145 in 2019; 70 in 2020 le COVID-19). Ag COMHRÁ '21 eagraithe i mí Dheireadh Fómhair, baineadh amach curiarracht chomhrá le seacht ngrúpa is daichead (daichead grúpa in 2017; cúig ghrúpa is daichead in 2018, caoga in 2021) páirteach ann. Seoltar nuachtlitir mhíosúil chuig na grúpaí.

Abhcóideacht le hionadaithe poiblí

I ndlínse an Fheidhmeannais, bhí Conradh na Gaeilge gníomhach maidir le heolas a chur ar fáil do pholaiteoirí agus don phobal. Ag éirí as an obair sin, tháinig ceist Acht na Gaeilge chun cinn go mór le linn ráithe a dó de 2021 agus i mí an Mheithimh thug rialtas na Breataine gealltanas poiblí go dtabharfaidís an reachtaíocht trí Westminster roimh dheireadh Dheireadh Fómhair. D'eagraigh Conradh na Gaeilge lá eolais ag Westminster féin agus thóg siad grianghraf traspháirtí d'fheisirí cúig pháirtí lasmuigh den pharlaimint, rud a tharraing mórán airde ar an gceist sna meáin.

I ndlínse Rialtas na hÉireann, d'éirigh leo roinnt mhaith forálacha a bhaint amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2019 (leasú) leis a reachtaíocht a láidriú. San áireamh sna forálacha sin bhí na cinn seo a leanas:

1. 20% ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí le bheith inniúil i nGaeilge faoin 31 Nollaig 2030 ar a dhéanaí;
2. 20% d'fhógraíocht comhlachtaí poiblí le bheith as Gaeilge agus 5% de bhuiséad fógraíochta na gcomhlachtaí le caitheamh ar na meáin Ghaeilge;
3. Seirbhísí uile na gcomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht le bheith ar

fáil i nGaeilge (ach níl spriocbhliain luaite leis seo);

4. Aitheantas oifigiúil agus córas le bunú chun go mbeidh an pobal in ann a n-ainmneacha agus a seoltaí, le sínte fada más gá, a úsáid le comhlachtaí poiblí (agus nach mbeidh orthu teideal a úsáid murar mian leo);
5. Comhlachtaí san earnáil phríobháideach ag soláthar seirbhísí ar conradh don phobal ar son chomhlachtaí poiblí le cloí le forálacha áirithe den Acht;
6. Cothromaíocht agus cinnteacht don Ghaeilge le bheith in ábhar margaíochta comhlachtaí poiblí;
7. Foirmeacha oifigiúla áirithe ag comhlachtaí poiblí le bheith dátheangach nó as Gaeilge amháin;
8. Ionadaíocht ar an gCoiste Comhairleach le bheith ag duine ó limistéir pleanála teanga Gaeltachta agus ag duine eile ó lasmuigh den Ghaeltacht.

I rith 2021 eagraíodh an feachtas #SEAS21 i ndlínse Rialtas na hÉireann agus rinneadh stocaireacht ar réimse leathan páirtithe maidir le héilimh sa dá dhlínse.

Torthaí ábhartha eile;

Tá forbairt déanta ar Peig.ie; d'fhoilsigh siad Polasaí Tithíochta Náisiúnta don Ghaeltacht; reáchtáladh an suirbhé bliantúil taighde ar dhearcadh an phobail ar an nGaeilge, Céard é an Scéal 2021?; agus rinne siad cosaint ar an nGaeilge i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta.

Corporate Main Objective 5:

Provide corporate services (finance, human resources, organisational planning, research and information technology) to Foras na Gaeilge, ensuring the effective functioning of the organisation and effective completion of its programme of work

An effective financial and corporate governance that will ensure that our expenditure is effective and transparent

Online system

Further work was carried out on the online applications system in 2021 and several extra functions were developed. Testing was carried out on all schemes and each stage of the grant process through the system. It is intended to implement the system on a progressive basis during 2022 with various supports for grantees and training for internal staff.

Safeguarding Policies

The organisation's safeguarding policies were updated in 2021 in conjunction with the Ulster-Scots Agency with specialist advice from the NSPCC in the United Kingdom. All staff will be trained in 2022.

Review of Clár na Leabhar Gaeilge schemes

The review process of the Clár na Leabhar Gaeilge schemes was started in 2021.

*Countryside beside
Cahersiveen, Co. Kerry,
a Gaeltacht Service
Town*



Mórchuspóir Corparáideach 5:

Seirbhísí corparáideacha (airgeadas, acmhainní daonna, pleanáil eagraíochtúil, taighde agus teicneolaíocht na faisnéise) a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge a chinnteoidh feidhmiú éifeachtach na heagraíochta agus cur i gcrích éifeachtach a cláir oibre

Seirbhís éifeachtach airgeadais agus rialachais chorparáidigh a chinnteoidh go mbeidh ár gcaiteachas éifeachtach agus trédhearcach

Córas ar líne

Rinneadh obair bhreise ar an gcóras iarratas ar líne in 2021 agus forbraíodh roinnt feidhmeanna sa bhreis. Rinneadh tástáil ar na scéimeanna uile agus gach céim den phróiseas deontais tríd an gcóras. Tá sé i gceist an córas a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn céimnitheach le linn 2022 le tacaíochtaí éagsúla do dheontaithe agus oiliúint don fhoireann inmheánach.

Polasaithe Cumhdaigh

Rinneadh uasdátú ar pholasaithe cumhdaigh na heagraíochta in 2021 i gcomhar le Gníomhaireacht na hUltaise le sainchomhairle ón NSPCC sa Ríocht Aontaithe. Cuirfear oiliúint ar gach ball foirne in 2022.

Athbhreithniú ar Scéimeanna Chlár na Leabhar Gaeilge

Cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe ar scéimeanna Chlár na Leabhar Gaeilge in 2021.

*Taobh tíre in aice le
Cathair Saidhbhín,
Co. Chiarraí, Baile
Seirbhíse Gaeltachta*




Energy Report

Office	Electricity	Fossil Fuels					Steps and Planning	
Site / County	kWh Electricity	kWh Natural Gas (heat)	kWh Gas Oil	kWh Transport fuel (petrol, diesel)	kWh Transport fuel (LPG)	kWh Total fossil fuels	Steps taken 2021	Planning for 2022
Amiens Street / Dublin	123,550	117,078	N/A	N/A	N/A	N/A	New office/building, grade A. Solar panels in use. Air conditioning system in use. Heat recapture system. Doors and windows closed for the most part.	Continue with the new automatic systems.
Gaoth Dobhair / Donegal	10,092	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	Low energy bulbs when possible.	Lights turned off and doors closed as much as possible.
Áis - Dunshaughlin / Co. Meath	47,237	117,700	N/A	N/A	N/A	N/A	New offices & trade store, grade C3. Doors closed and lights off as much as possible. LED lights installed in the offices and trade store.	Lights turned off and doors closed as much as possible.
Ráth Chairn / Co. Meath	21,028	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	Storage heaters are in use and this is the reason they have only one bill.	Lights and heat are turned off when there is no-one in the room.

Tuairisc ar fhuinneamh

Oifig / Contae	Leictreachas	Breosla Iontaise					Céimeanna agus Pleanáil	
		kWh Gás Nádúrtha (teas)	kWh Gás Ola	kWh Breosla iompair (Peitreal, artola)	kWh Breosla iompair (LPG)	kWh Breosla Iontaise iomlán	Céimeanna tógtha 2021	Pleanáil do 2022
Sráid Amiens / Baile Átha Cliath	123,550	117,078	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Oifig/ Foirgneamh nua, grád A. Painéil ghréine in úsáid. Córas aerchóirithe in úsáid. Córas athghabhála teasa. Doirse agus fuinneoga dúnta den chuid is mó.	Leaúint leis na córais nua uathoibríocha.
Gaoth Dobhair / Dún na nGall	10,092	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Bolgáin fuinnimh ísil nuair is féidir.	Soilse a mhúchadh agus doirse a choinneáil dúnta an oiread agus is féidir.
ÁIS - Dún Seachlainn / Co. na Mí	47,237	117,700	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Oifigí & trádstóras nua, grád C3. Doirse dúnta agus soilse múchta an oiread agus is féidir. Soilse LED curtha isteach sna hoifigí, agus sa trádstóras.	Soilse a mhúchadh agus doirse a choinneáil dúnta an oiread agus is féidir.
Ráth Chairn (RC) / Co. na Mí	21,028	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Taiscthéitheoirí atá in úsáid agus sin an fáth nach bhfuil ach bille amháin acu.	Múchtar soilse agus teas nuair nach mbíonn duine sa seomra.



Remuneration Report

The North South Implementation Bodies Annual Reports and Accounts Guidance, issued jointly by the Department of Finance (DoF) in the North and the Department of Public Expenditure & Reform (DPER) in the South, requires the disclosure of the remuneration and pension entitlements of certain senior staff members.

The Senior Management team consists of the Chief Executive and Directors.

The Chief Executive is the Accountable Person for Foras na Gaeilge.

Remuneration Policy

Foras na Gaeilge's remuneration policy is to follow Public Sector salaries for staff based on the island of Ireland and as directed by sponsor departments in the relevant jurisdiction.

Recruitment and Selection Policy

Staff appointments are made in accordance with the Language Body recruitment code which requires appointments to be made on merit principle on the basis of fair and open competition.

Termination, compensation or severance payments

During 2021 there were no termination, compensation or severance payments made.

Benefit in kind

The monetary value of benefits in kind covers any benefits provided by the employer to staff and treated as a taxable emolument. Senior management received no benefits in kind during 2021.

Bonuses

It is not the policy of Foras na Gaeilge to make any bonus payments to members of the senior management team or staff. No bonus payments have been made during the year.

Pay multiples

Foras na Gaeilge is required to disclose the relationship between remuneration of the highest-paid director in the organisation and the median remuneration of the organisation's workforce.



Tuairisc ar Luach Saothair

Éilíonn an Treoir do Chuntais do na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas atá comh-eisithe ag an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) i bPoblacht na hÉireann go bhfoilseofaí teidlíochtaí sochair oifige agus pinsin i gcás baill shinsearacha foirne áirithe.

Is iad an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí an Fhoireann Ardbhainistíochta.

Is é an Príomhfheidhmeannach an Duine Cuntasach i bhForas na Gaeilge.

Polasaí Íocaíochta

Is é polasaí íocaíochta Fhoras na Gaeilge treoir na Seirbhíse Poiblí a leanúint i dtaobh tuarastail ar oileán na hÉireann agus faoi ordú na ranna urraíochta sa dlínse chúí.

Polasaí Earcaíochta agus Roghnaithe

Earcaítear baill foirne de réir chód earcaíochta an Fhorais Teanga, a éilíonn go ndéanfar ceapacháin ar phrionsabal an fhiúntais agus ar bhonn na hiomaíochta córa agus oscailte.

Íocaíochtaí Foirceanta, i gCúiteamh nó Téarfa

Le linn 2021 níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta, i gcúiteamh nó téarfa.

Sochar Comhchineáil

Clúdaíonn luach airgeadais ar shochar comhchineáil aon sochar tugtha ag an bhfostóir don fhoireann agus caitear leis mar luach saothair inchánach. Ní bhfuair baill na hardbhainistíochta aon sochar comhchineáil in 2020.

Íocaíochtaí sa Bhreis

Ní polasaí é i bhForas na Gaeilge íocaíochtaí sa bhreis a íoc le lucht na hardbhainistíochta nó leis an bhfoireann. Níor íocadh aon íocaíocht sa bhreis i mbliana.

Iolraithe Pá

Éilítear ar Fhoras na Gaeilge an gaol idir luach saothair an stiúrthóra is airde pá san eagraíocht agus luach saothair airmheánach fhoireann na heagraíochta a nochtadh.

	2021	2021	2020	2020
	€	£	€	£
The highest paid Director	131,650	113,166	128,229	114,085
Median Remuneration of staff	53,294	45,812	50,577	44,998
Ratio	2.47	2.47	2.54	W2.54

In 2021 and 2020 no employee received remuneration in excess of the highest paid director.

Salary and Pension entitlements of the Senior Management team

	Chief Executive S. Ó Coinn	Director of Development Services (1)*	Director of Development Services (2)**	Director of Corporate Services	Director of Publishing, Lexicography & Terminology	Deputy Chief Executive/ Director of Education Services
Salary 2021	128,229	104,202	77,610	103,136	104,202	69,873
Accrued Pension at Pension Age as at 31 12 21	17,200	52,100	31,500	6,500	14,800	6,900
Accrued Lump Sum as at 31 12 21	51,600	156,300	60,200	26,000	44,300	-
Real increase in Pension at pension age	1,900	1,000	2,900	1,100	W2,000	2,100
Real increase in Lump Sum at pension age	5,800	3,100	3,000	4,300	5,900	-
CETV @ 31/12/20	362,000	1,130,400	442,700	86,400	296,900	43,800
CETV @ 31/12/21	407,500	1,153,000	491,900	106,300	334,400	64,100
Real increase in CETV	45,500	22,600	49,200	19,900	37,500	20,300
Value of Pension benefits accrued in 2020	48,200	25,100	45,000	28,600	32,300	26,000
Value of Pension benefits accrued in 2021	43,800	23,100	61,000	26,300	45,900	42,000

	2021	2021	2020	2020
	€	£	€	£
An stiúrthóir is airde pá	131,650	113,166	128,229	114,085
Luach saothair airmheánach na foirne	53,294	45,812	50,577	44,998
Cóimheas	2.47	2.47	2.54	2.54

Ní bhfuair aon fhostaí in 2021 ná 2020 luach saothair níos mó ná an stiúrthóir ab airde pá.

Teidlíochtaí tuarastail agus pinsin na Foirne Ardbhainistíochta

	Príomh-fheidhmeannach S. Ó Coinn	Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha (1)*	Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha (2)**	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta	Leas-Phríomh-fheidhmeannach/ Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais
Tuarastal 2021	128,229	104,202	77,610	103,136	104,202	69,873
Sochar Fabhraithe ag Aois Pinsin amhail ar 31 12 21	17,200	52,100	31,500	6,500	14,800	6,900
Cnapshuim fhabhraithe amhail ar 31 12 21	51,600	156,300	60,200	26,000	44,300	-
Méadú iarbhír ar Shochair ag Aois Phinsin	1,900	1,000	2,900	1,100	2,000	2,100
Méadú iarbhír ar Chnapshuim ag Aois Phinsin	5,800	3,100	3,000	4,300	5,900	-
LACA@ 31/12/20	362,000	1,130,400	442,700	86,400	296,900	43,800
LACA@ 31/12/21	407,500	1,153,000	491,900	106,300	334,400	64,100
Méadú iarbhír ar LACA	45,500	22,600	49,200	19,900	37,500	20,300
Luach ar Shochair Phinsin Fhahraithe in 2020	48,200	25,100	45,000	28,600	32,300	26,000

Notes:

The Cash Equivalent Transfer Values ("CETVs") are not guaranteed and are for illustrative purposes only.

CETVs have been calculated based on estimated projected pension benefits as at 31 December 2020 and 31 December 2021.

The value of pension benefits accrued in 2020 and 2021 include employee contributions payable given that individual data is not available.

For members over NRA there are no available CETV factors published. In such circumstances we have calculated an estimated factor using extrapolation.

For Alpha benefits, the accrued pension figures assume the salary provided by the Body is equal to Actual Pensionable Earnings over the year to 31 March 2021.

The calculations in the table above are based on salary as at 31 March 2021 which is the renewal date for the North South Pension Scheme.

*This member retired on 30 April 2021 so the 2021 pension benefits are calculated at this date.

**This member became a Senior Manager on 24 June 2021.

Nótaí:

Níl an Luach Aistrithe Coibhéis Airgid (LACA) cinnte agus foilsítear é chun críocha léiriúcháin amháin.

Ríomhadh Luach Aistrithe Coibhéis Airgid (LACA) bunaithe ar shochair pinsin réamh-mheasta ar 31 Nollaig 2020 agus 31 Nollaig 2021.

Tá ranníocaíochtaí foirne san áireamh i luach na sochar pinsin iníoctha in 2020 agus 2021 toisc nach bhfuil fáil ar shonraí faoi dhaoine aonair.

I gcás baill atá thar an aois náisiúnta scoir ní fhoilsítear aon tosca LACA. Ina gcásanna siúd, ríomhamar tosca measta trí eachtarshuí.

I gcás sochair Alpha, glactar leis sna figiúirí fabhraithe pinsin gurbh ionann an tuarastal a íocann an Foras agus Tuilleamh Iarbhír Inpinsin thar an mbliain go 31 Márta 2021.

Tá na ríomhanna sa tábla thuas bunaithe ar thuarastal amhail ar dháta athbhreithnithe na Scéime Pinsin Thuaidh Theas, 31 Márta 2021.

*D'ímigh an Ball Foirne seo ar scor ar 30 Aibreán 2021, mar sin tá na sochair pinsin ríofa ag an dáta seo.

**Thosaigh an Ball Foirne seo mar Ardbhainisteoir ar 24 Meitheamh 2021.

Salary Bands for Employees

The number of employees at the end of the year whose emoluments (including pension contributions) fell within the following bands (this represents the annual emoluments) were as follows:

	2021	2020
	No.	No.
Less than €40,000	23	23
€40,001 - €50,000	4	5
€50,001 - €60,000	7	11
€60,001 - €70,000	9	4
€70,001 - €80,000	3	5
€80,001 - €90,000	8	6
€90,001 - €100,000	0	0
€100,001 - €110,000	2	3
€110,001 - €120,000	0	0
€120,001 - €130,000	0	1
€130,001-€140,000	1	N/A

Board members' remuneration

Board Members' emoluments (the Chairperson included) for the year ended 31 December 2021 were as follows:

Board 1 January - 31 December 2021	2021	2021
	€	Stg£
Regina Uí Chollatáin - Chairperson (<i>Appointed 05/05/2021</i>)	Note (i)	Note (i)
Barra Ó Muirí - Deputy Chairperson (<i>Term ended 06/07/2021</i>)	3,990	3,429
Conor Mc Guinness (<i>Term ended 23/06/2021; appointed as Deputy Chairperson 30/07/2021</i>)	7,847	6,745
Maighréad Ní Chonghaile	6,089	5,235
Wuraola Majekodunmi	7,695	6,615
Dáithí Mac Cárthaigh	7,695	6,615
Neasa Ní Chiaráin	Note (i)	Note (i)
Liam Rushe	7,695	6,615
Liadh Ní Riada	7,695	6,615
Kevin Ó hEadhra	7,695	6,615
Caoimhín Mac Giolla Mhín	6,090	5,235
Doimíníc Ó Brolcháin	6,090	5,235
Freda Nic Giolla Chatháin (<i>Appointed 05/05/2021</i>)	5,047	4,339
Ian Ó Dochartaigh (<i>Appointed 30/07/2021</i>)	3,248	2,792
Máire Ní Neachtain (<i>Term ended 12/12/2021</i>)	7,302	6,277
Sorcha Ní Chéide (<i>Term ended 12/12/2021</i>)	7,302	6,277
Niall Ó Gallochobhair (<i>Term ended 12/12/2021</i>)	7,302	6,277
Executive Nominee (<i>to be confirmed</i>)	n/a	n/a
Irish Government Nominee (<i>to be confirmed</i>)	n/a	n/a
Irish Government Nominee (<i>to be confirmed</i>)	n/a	n/a
	<u>98,782</u>	<u>84,913</u>

Bandaí Tuarastail na Foirne

Seo a leanas an líon fostaithe ag deireadh na bliana ar tháinig a luach saothair (lena n-áirítear rannócaíochtaí pinsin) laistigh de na bandaí seo a leanas (léiríonn sé seo na sochair oifige bhliantúla):

	2021	2020
	Líon	Líon
Níos lú ná €40,000	23	23
€40,001 - €50,000	4	5
€50,001 - €60,000	7	11
€60,001 - €70,000	9	4
€70,001 - €80,000	3	5
€80,001 - €90,000	8	6
€90,001 - €100,000	0	0
€100,001 - €110,000	2	3
€110,001 - €120,000	0	0
€120,001 - €130,000	0	1
€130,001-€140,000	1	N/bh

Luach Saothair an Bhoird

Seo a leanas luach saothair na gComhaltáí Boird (an Cathaoirleach san áireamh) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021:

An Bord 1 Eanáir - 31 Nollaig 2021	2021	2021
	€	Stg£
Regina Uí Chollatáin - Cathaoirleach (<i>Ceaptha 05/05/2021</i>)	Nóta (i)	Nóta (i)
Barra Ó Muirí – Leas-Chathaoirleach (<i>Comhaltas in éag 06/07/2021</i>)	3,990	3,429
Conor Mc Guinness (<i>Comhaltas in éag 23/06/2021; ceaptha mar Leas-Chathaoirleach 30/07/2021</i>)	7,847	6,745
Maighréad Ní Chonghaile	6,089	5,235
Wuraola Majekodunmi	7,695	6,615
Dáithí Mac Cárthaigh	7,695	6,615
Neasa Ní Chiaráin	Nóta (i)	Nóta (i)
Liam Rushe	7,695	6,615
Liadh Ní Riada	7,695	6,615
Kevin Ó hEadhra	7,695	6,615
Caoimhín Mac Giolla Mhín	6,090	5,235
Doiminic Ó Brolcháin	6,090	5,235
Freda Nic Giolla Chatháin (<i>Ceaptha 05/05/2021</i>)	5,047	4,339
Ian Ó Dochartaigh (<i>Ceaptha 30/07/2021</i>)	3,248	2,792
Máire Ní Neachtain (<i>Comhaltas in éag 12/12/2021</i>)	7,302	6,277
Sorcha Ní Chéide (<i>Comhaltas in éag 12/12/2021</i>)	7,302	6,277
Niall Ó Gallochobhair (<i>Comhaltas in éag 12/12/2021</i>)	7,302	6,277
Ainmní an Fheidhmeannais (<i>le deimhniú</i>)	n/bh	n/bh
Ainmní Rialtas na hÉireann (<i>le deimhniú</i>)	n/bh	n/bh
Ainmní Rialtas na hÉireann (<i>le deimhniú</i>)	n/bh	n/bh
	98,782	84,913

There were 3 vacancies (two Irish Government nominees and one Executive nominee) on the Board of Foras na Gaeilge at 31 December 2021.

Board Members' expenses were €5,216 (Stg£4,484) in 2021.

Note (i) No board fees payable under the Department of Public Expenditure and Reform's, 'One Person One Salary' principle.

Board members received no bonus payments benefits in kind or pension benefits during 2021.



Bhí trí fholúntas (beirt ainmní ag Rialtas na hÉireann agus ainmní amháin ag an bhFeidhmeanna) ar bhord Fhoras na Gaeilge ar 31 Nollaig 2021.

Ba é an méid a caitheadh ar chostais Chomhaltaí Boird in 2021 ná €5,216 (Stg£4,484).

Nóta (i) Ní raibh aon táillí boird iníoctha faoin bprionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní bhfuair comhaltaí boird íocaíochtaí sa bhreis, sochair chomhchineáil ná sochair phinsin le linn 2021.



Ulster-Scots Agency
Boord o Ulstèr-Scotch

Annual Report
Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Ulster-Scots Agency
2021




Ulster-Scots Agency
Boord o Ulstèr-Scotch

Tuarascáil Bhliantúil
Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Gníomhaireacht na hUltaise

2021

Contents

VISION AND MISSION STATEMENT	114
CHAIRMAN'S FOREWORD	116
1. BACKGROUND TO THE ULSTER-SCOTS AGENCY	118
2. DIRECTOR'S REPORT	120
REVIEW OF THE YEAR	140
3 STRATEGIC THEMES	140
3.1.1 SA1 – INSPIRE	142
3.1.2 SA2- EMPOWER	164
3.1.4 SA4 - ENGAGE	172
3.1.5 CORPORATE	174



Clár

FÍS AGUS RÁITEAS MISIN	115
RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH	117
1. CÚLRA GHNÍOMHAIREACHT NA HULTAISE	119
2. TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA	121
ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN	141
3. TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA	141
3.1.1 RS1 – SPREAG	143
3.1.2 RS2- CUMASAIGH	165
3.1.4 RS4 - MEALL	173
3.1.5 CORPARÁIDEACH	175



Vision and Mission Statement

Vision

The vision of the Ulster-Scots Agency is that Ulster-Scots should flourish as a rich, vibrant and growing culture with a global legacy that is recognised at home and abroad.

Mission

The Ulster-Scots Agency will inspire, educate and empower people to understand and enjoy their Ulster-Scots identity, while working to continuously improve the governance, financial performance and customer focus of the organisation.

Fís agus Ráiteas Misin

Fís

Is é fís Ghníomhaireacht na hUltaise an Ualtais a bheith faoi bhláth mar chultúr saibhir, beoga agus fásmhar a bhfuil oidhreacht domhanda aige a aithnítear sa bhaile agus thar lear.

Misean

Tabharfaidh Ghníomhaireacht na hUltaise inspioráid, oideachas agus cumas do dhaoine lena bhféiniúlacht Ultaise a thuiscint agus le taitneamh a bhaint aisti, ag obair go leanúnach ag an am céanna le rialachas, feidhmíocht airgeadais agus fócas ar chustaiméirí na heagraíochta a fheabhsú.

Chairman's Foreword

2021 has been a busy and challenging year, during which our ways of working at times were disrupted.

Despite this, we managed to keep many of our grant schemes on track whilst rising to the challenge of administering a further Covid scheme which required significant staff resources.

The Board operated with four members for the first half of the year until new members were appointed by NSMC and I would like to thank the members for taking on the extra tasks required of them during this period.

The Agency continued to improve its use of technology throughout the year to enable staff to continue to work and deliver services to the community. The Agency increased its profile in the digital sphere as well as increasing its input into the production of broadcast quality programmes and shorts in conjunction with the Ulster-Scots Broadcast fund.

The Agency continued to build on its partnerships with the Gamble Library, the Linen Hall Library, the Presbyterian Church in Ireland and Councils. New digital projects were undertaken in partnership with The Council for the Curriculum, Examinations & Assessment (CCEA) which will be marketed throughout 2022 and beyond.

The disconnection from our community was reduced during the year and presented opportunities to forge new connections and work is ongoing to link up as many of these groups as possible with ourselves and each other. We also delivered Language Week online with a successful series of events and our social media attracted unprecedented numbers throughout the year due to the increased focus in the digital realm.

Thanks to our colleagues in the Department for

Communities (DFC), the Agency was awarded a further additional funding of £650k via the Indigenous Language and Culture COVID Support scheme to support the community during this difficult time. This was in addition to the £850K in 2020. This was a significant investment in our community and the administration was carried out in partnership with DFC.

Tuition was delivered online during school closures, mostly using school online platforms. However once schools were allowed to reopen, most of the tuition was delivered in school face to face shortly afterwards.

The Agency continued to assist the development of capacity within the Ulster-Scots community at grassroots level through our funding of the Monreagh Ulster-Scots Heritage Centre and the Ulster-Scots Community Network who continued to provide guidance on funding opportunities, governance, and training needs to the community throughout the year. This led to groups accessing £701K of grant funding from a range of sources in this year.

On behalf of the Agency board, I would like to thank all those, both inside and outside the Agency, who contributed to our work in this challenging year, which despite all the hurdles has continued to improve awareness of and participation in Ulster-Scots across Ulster and build the reputation of Ulster-Scots at home and abroad.

Freddie Kettyle

Chairman

Réamhrá an Chathaoirligh

Bliain ghnóthach agus dhúshlánach a bhí in 2021, inar cuireadh isteach ar ár mbealaí oibre in amanna.

Ina ainneoin seo, d'éirigh linn mórán dar scéimeanna deontais a choinneáil ag dul agus ag an am céanna bhíomar inchurtha leis an dúshlán a bhain le scéim eile COVID a riar, rud a d'éiligh acmhainní foirne suntasacha.

D'fheidhm an Bord le ceathrar comhaltaí sa chéad leath den bhliain go dtí gur cheap CATT comhaltaí nua agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí as na tascanna breise a thabhairt orthu féin a éilíodh orthu le linn na tréimhse seo.

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag cur feabhas ar an gcaoi a n-úsáideann sí teicneolaíocht i rith na bliana chun é a chur ar chumas na foirne leanúint ar aghaidh ag obair agus seirbhísí a sheachadadh don phobal. Mhéadaigh an Ghníomhaireacht a próifíl sa réimse digiteach chomh maith lena hionchur i léiriú clár agus gearrchlár craolta ar ardchaighdeán i gcomhar leis an gCiste Craolacháin Ultaise.

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag cur lena comhpháirtíochtaí le Leabharlann Gamble, Leabharlann Halla an Línéadaigh, an Eaglais Phreispitéireach in Éirinn agus comhairlí. Tugadh faoi thionscadail nua dhigiteacha i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) a chuirfear ar an margadh i rith 2022 agus ina dhiaidh sin.

Laghdaíodh an dícheangal lenár bpobal le linn na bliana agus cuireadh i láthair deiseanna le nasc nua a cheapadh agus tá obair ar siúl chun an oiread sin de na grúpaí seo agus is féidir a nascadh linn féin agus lena chéile. Sheachadaíomar Seachtain Teanga freisin, le sraith rathúil imeachtaí agus mheall ár meáin shóisialta líon daoine nach bhfacthas riamh

roimhe i rith na bliana mar gheall ar an mbéim níos mó sa réimse digiteach.

A bhuí lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Pobal (RP), bronnadh tuilleadh maoinithe £650,000 ar an nGníomhaireacht tríd an Scéim Tacaíochta COVID do Theanga agus Cultúr Dúchais chun tacú leis an bpobal ag an am deacair seo. Bhí seo sa bhreis ar an £850,000 in 2020. Bhí seo ina infheistiú suntasach inár bpobal agus rinneadh an riarachán i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Pobal.

Cuireadh teagasc ar fáil ar líne le linn do scoileanna a bheith dúnta, agus úsáideadh ardáin ar líne de chuid na scoileanna den chuid ba mhó. Ach nuair a ceadaíodh do scoileanna oscailt arís, cuireadh an chuid ba mhó den teagasc ar fáil i scoileanna aghaidh le haghaidh go gairid ina dhiaidh sin.

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag cabhrú le cumas a fhorbairt taobh istigh de phobal na hUltaise ag an mbonnleibhéal trínár maoiniú d'Ionad Oidhreachta Ultaise na Móine Riabhaí agus Líonra Pobail na hUltaise a lean ar aghaidh ag tabhairt treorach maidir le deiseanna maoinithe, rialachas, agus riachtanais oiliúna i rith na bliana. De thoradh air seo bhí rochtain ag grúpaí ar £701,000 de mhaoiniú deontais ó réimse foinsí i mbliana.

Thar ceann na Gníomhaireachta ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir, taobh istigh agus taobh amuigh den Ghníomhaireacht, a chabhraigh maidir lenár gcuid oibre le linn na bliana dúshlánaí seo, a lean léi, in ainneoin na gconstaicí go léir, ag feabhsú feasacht ar an Ultais agus rannpháirtíocht inti ar fud Chúige Uladh agus a lean léi ag tógáil chlú na hUltaise sa bhaile agus thar lear.

Freddie Kettle

Cathaoirleach

1. Background to the Ulster-Scots Agency

1.1 The North South Language Body was set up as one of the North South bodies under the Belfast Agreement of 1998. The body comprises two agencies, Tha Boord o Ulster-Scotch (The Ulster-Scots Agency) and Foras na Gaeilge (The Irish Language Agency). Each of these Agencies has a separate Board; the two Boards together constitute the Board of the North South Language Body. The Chairpersons of the Agencies are the Joint Chairs of the North South Language Body – otherwise known as Tha Boord o Leid in Ulster-Scots and An Foras Teanga in Irish.

1.2 The Body has a Board of 24 members appointed by the North South Ministerial Council (NSMC). Of those members: -

- 16 are drawn from among persons appearing to NSMC to have an interest in, or experience of, matters relating to the functions of the Body in relation to the Irish language; and
- 8 are drawn from among persons appearing to NSMC to have an interest in, or experience of, matters relating to the functions of the Body in relation to Ullans and Ulster-Scots cultural issues.

1.3 The Agency is responsible to the North South Ministerial Council, and in particular to the two Ministers, in the Northern Ireland Assembly and

Dáil Éireann, whose remit includes language and culture.

1.4 The Agency's statutory remit is the "promotion of greater awareness and use of Ullans and Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island"

1.5 In carrying out its functions in relation to Ulster-Scots language and cultural issues the Agency may:

- Provide advice to both administrations, public bodies and other groups in the private and voluntary sectors;
- Undertake research and promotional campaigns; and
- Support projects and grant aid bodies and groups.

1.6 The Agency has a staffing complement of 15.77 approved posts, headed by a Chief Executive Officer and 3 Directors. The Agency has its headquarters in Belfast with a regional office in Raphoe, County Donegal.

I. Cúlra Gníomhaireacht na hUltaise

1.1 Bunaíodh an Foras Teanga Thuaidh Theas mar cheann de na comhlachtaí Thuaidh Theas faoi Chomhaontú Bhéal Feirste 1998. Tá dhá ghníomhaireacht san Fhoras Teanga, Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge. Tá Bord ar leith ag an dá ghníomhaireacht seo; is ionann an dá bhord le chéile agus Bord an Fhorais Teanga Thuaidh Theas. Is iad cathaoirligh na ngníomhaireachtaí comhchathaoirligh an Fhorais Teanga Thuaidh Theas – ar a dtugtar Tha Boord o Leid in Ultais agus An Foras Teanga i nGaeilge.

1.2 Tá Bord ceithre chomhalta is fiche ag an bhForas Teanga, arna gceapadh ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT). Ar na comhaltaí sin:-

- is daoine iad seisear déag acu ar léir do CATT spéis nó taithí a bheith acu i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna an Fhorais Teanga maidir leis an nGaeilge; agus
- tarraingítear ochtar acu as measc daoine ar léir do CATT spéis nó taithí a bheith acu i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna an Fhorais Teanga maidir leis an Ultais agus le saincheistanna cultúrtha na hUltaise.


1.3 Tá an Foras Teanga freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, agus go háirithe don dá Aire, i dTionól Thuaisceart Éireann agus i nDáil Éireann, a bhfuil teangacha agus cultúr san áireamh ina sainchúram.

1.4 Is é sainchúram reachtúil na Gníomhaireachta 'níos mó feasachta ar an Ultais agus a húsáid, agus níos mó feasachta ar shaincheistanna cultúrtha na hUltaise a chur chun cinn laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin'.

1.5 Agus í ag comhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le teanga na hUltaise agus le saincheistanna cultúrtha, féadfaidh an Gníomhaireacht na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thaighde agus faoi fheachtais fógraíochta; agus
- Tacaíocht a thabhairt do thionscadail agus comhlachtaí agus grúpaí deontaschabhracha.

1.6 Tá líon foirne 15.77 post faofa, faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh agus triúr Stiúrthóirí. Tá ceanncheathrú na Gníomhaireachta i mBéal Feirste agus tá oifig réigiúnach i Ráth Bhoth gContae Dhún na nGall.



2. Director's Report

2.1 How the Board Operates

The Chairperson leads the Board and ensures its effectiveness. In addition to the Chairperson during 2021 until 4th May 2021, there were three independent North South Ministerial Council (NSMC) appointed board members who have a range of strong and complementary skills and a keen interest in Ulster-Scots. On 5th May 2021 a further four independent North South Ministerial Council (NSMC) appointed board members were appointed to the Board. The full complement of Board members lasted until 12th December 2021 when four Board members including the Chairperson were retired and only one replacement made and to date the remaining three have not been replaced.

However, the Agency continues to have a quorum and operate within standing orders. A statement of their responsibilities is set out in the foreword to the Accounts.

The Agency Board provides strategic direction and leadership to the organisation within the parameters of policy set by, and in consultation with, the NSMC. The Board has delegated responsibility to the Senior Management Team for the day-to-day management of operations, staff and budgets to ensure that

the business targets set by the Board are progressed on a timely basis. The Board's primary function is, therefore, to set the corporate business agenda and ensure that the organisation delivers in terms of its strategic goals. The Board reviews performance against targets including any consequent corrective actions, risk implications and contingency measures.

The Agency also has an Audit & Risk Committee to support the Board in identifying risk, its impact, and the corporate response to managing that risk. The Committee's main objective is to contribute independently to the Board's overall process for ensuring that an effective internal control system is maintained.

Before each Board and Committee meeting, relevant reports and papers, including financial performance data and detailed updates on the progress and implementation of the strategic plan where appropriate, are circulated to Board/Committee members. The Board has the opportunity to discuss these reports and updates and to directly challenge the Senior Management Team, who attend all or part of the Board meetings.

The key responsibilities and areas of focus for the Board are:



2. Tuairisc an Stiúrthóra

2.1 An Chaoi a bhFeidhmíonn an Bord

Tá an Cathaoirleach i gceannas ar an mBord agus cinntíonn sé nó sí go bhfuil sé éifeachtach. Chomh maith leis an gCathaoirleach, le linn 2021 go dtí 4 Bealtaine 2021, bhí triúr comhaltaí boird neamhspleácha ann arna gceapadh ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) a bhfuil réimse de scileanna láidre agus comhlántacha acu agus a bhfuil spéis mhór acu san Ultais. Ar 5 Bealtaine 2021 cheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) ceathrar comhaltaí neamhspleácha eile ar an mBord. Mhair an líon iomlán comhaltaí Boird go dtí 12 Nollaig 2021 nuair a chuaigh ceathrar comhaltaí Boird, an Cathaoirleach san áireamh, ar scor agus nár cuireadh ach duine amháin ina n-ionad agus go dtí seo níor cuireadh duine ar bith in ionad an triúir eile.

Ach tá córam ag an nGníomhaireacht fós agus feidhmíonn sí fós laistigh d'orduithe seasta. Leagtar amach ráiteas ar a bhfreagrachtaí sa réamhrá leis na Cuntais.

Cuireann Bord na Gníomhaireachta treoir straitéiseach agus ceannasaíocht ar fáil don eagraíocht laistigh de na teorainneacha polasaí atá leagtha síos ag, agus i gcomhairle leis, an gComhairle Aireachta Thuaidh

Theas. Tá an fhreagracht tarmligthe ag an mBord don Fhoireann Ardbhainistíochta as bainistiú ó lá go lá ar chúrsaí oibriúcháin, foirne agus buiséid chun a chinntiú go gcuirtear na spriocanna gnó atá leagtha síos ag an mBord chun cinn go tráthúil. Is é príomhfheidhm an Bhoird, dá bhrí sin, an clár gnó chorparáidigh a shocrú agus a chinntiú go n-éiríonn leis an eagraíocht maidir lena spriocanna straitéiseacha. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht de réir spriocanna, ag áireamh aon bheart ceartaitheach dá bharr sin, impleachtaí riosca agus bearta teagmhasacha.

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an nGníomhaireacht a thacaíonn leis an mBord riosca, a thionchar agus an fhreagairt chorparáideach ar bhainistiú an riosca sin a aithint. Is é príomhchuspóir an Choiste cur go neamhspleách le próiseas foriomlán an Bhoird maidir le cinntiú go gcoimeádtar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

Roimh gach cruinniú Boird agus Coiste scaiptear tuairiscí agus páipéir ábhartha, lena n-áirítear sonraí maidir le feidhmíocht airgeadais agus nuashonruithe mionsonracha ar dhul chun cinn agus feidhmiú an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhaill Boird/Coiste. Bíonn an deis ag an mBord na tuairiscí agus na nuashonruithe seo a phlé agus dúshlán a thabhairt go



- *Strategy – contribute to the development of, and agree, the Agency’s strategy.*
- *Financial and operational performance – review and monitor the performance of the Agency, including through regular reporting and discussions with the Senior Management Team.*
- *Senior management – ensure that the Senior Management Team has the skills and resources to deliver the strategy and that appropriate succession and contingency planning is in place.*
- *Evaluation and composition – review the performance of the Board and its Committees to ensure that they are effective. Ensure that the Board and its Committees comprise competent and capable individuals with a range of skills and experience who bring independent views to the decisions being made.*
- *Internal controls – maintain an appropriate internal control framework.*
- *Risk – ensure that there are effective risk management policies and processes in place and an appropriate governance structure.*

During 2021, the Board of the Agency met on 12 occasions and the following table sets out the attendance:

Board Member	Number of Meetings potentially able to attend	Number of Meetings attended
Keith Gamble (Chairperson)	11	11
Julie Andrews	11	11
Iain Carlisle	11	8
David McNarry	11	5
Freddie Kettle	8	7
Allen Mc Adam	8	8
Lavinia Tilson	8	7
Karyn Devenney	8	5
Trevor Wilson	1	1

díreach don Fhoireann Ardbhainistíochta, a fhreastalaíonn ar na cruinnithe Boird go léir nó ar chuid acu.

Is iad príomhfhreagrachtaí agus réimsí fócais an Bhoird:

- *Straitéis – cur le forbairt straitéis na gníomhaireachta agus í a chomhaontú.*
- *Feidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin – athbhreithniú agus monatóireacht ar fheidhmíocht na gníomhaireachta, lena n-áirítear tuairisciú rialta agus comhráite leis an bhfoireann ardbhainistíochta.*
- *Ardbhainistíocht – a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní ag an fhoireann ardbhainistíochta leis an straitéis a chur i gcrích agus go bhfuil pleanáil chuí maidir le comharbas agus teagmhas i bhfeidhm.*
- *Measúnú agus ballraíocht – athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird agus a Choistí lena chinntiú go bhfuil siad éifeachtach. A chinntiú go bhfuil daoine inniúla agus cumasacha ar an mBord agus a Choistí a bhfuil réimse scileanna agus taithí acu a thugann tuairimí neamhspleácha go dtí na cinní atá á ndéanamh.*
- *Rialuithe inmheánacha – creatlach rialaithe inmheánaigh chuí a choinneáil.*
- *Riosca – a chinntiú go bhfuil polasaithe agus próisis éifeachtacha maidir le bainistíocht riosca i bhfeidhm agus struchtúr rialachais cuí.*

Le linn 2021 tháinig Bord na Gníomhaireachta le chéile dhá uair déag agus leagtar amach sa tábla seo thíos an tinreamh:

Comhalta Boird	Líon na gcuinnithe arbh fhéidir freastal orthu	Líon na gcuinnithe a ndearnadh freastal orthu
Keith Gamble (Cathaoirleach)	11	11
Julie Andrews	11	11
Iain Carlisle	11	8
David McNarry	11	5
Freddie Kettle	8	7
Allen McAdam	8	8
Lavinia Tilson	8	7
Karyn Devenney	8	5
Trevor Wilson	1	1

The Audit and Risk Committee

2.2 The Audit and Risk Committee should comprise of 3 Board members and 2 members co-opted from other bodies. Due to the late appointment of Irish Government Board Members the Agency operated with one Board member and 2 members co-opted from other bodies until May 2021 as follows and met on 4 occasions during 2021 and the following table sets out the attendance:

Audit and Risk Committee Member	Number of Meetings Potentially able to attend	Number of Meetings attended
Julie Andrews (Chairperson)	4	4
Ray Dolan (co-opted from Safefood)	4	4
Patricia McCaffrey (co-opted from Waterways Ireland)	4	4
Allen McAdam (Board Member)	3	3
Iain Carlisle (Board Member)	3	2

During the year the sub- committee the Grants Committee met on fifteen occasions from May to December 2021, the following table sets out attendance:

Grants Committee Member	Number of Meetings potentially able to attend	Number of Meetings attended
Keith Gamble	1	1
David McNarry	15	12
Karyn Devenney	15	7
Freddie Kettle	15	13

The Grants Appeals Committee had no business to attend to in the year. Any business relating to the Personnel Committee and the Policies Committee was taken to the Board.

An Coiste Iniúchta agus Riosca


2.2 Ba cheart triúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí arna gcomhthoghadh ó chomhlachtaí eile a bheith ar gCoiste Iniúchta agus Riosca. Mar gheall ar cheapachán mall comhaltaí Boird ag Rialtas na hÉireann, d'fheidhmigh an Ghníomhaireacht le comhalta Boird amháin agus beirt chomhaltaí arna gcomhthoghadh ó chomhlachtaí eile go dtí Bealtaine 2021 mar seo a leanas agus tháinig siad le chéile ceithre huairé le linn 2021. Leagtar amach sa tábla seo a leanas an freastal:

Comhalta Coiste Iniúchta agus Riosca	Líon na gcruinnithe arbh fhéidir freastal orthu	Líon na gcruinnithe a ndearnadh freastal orthu
Julie Andrews (cathaoirleach)	4	4
Ray Dolan (comhthofa ó Bhiaslán)	4	4
Patricia McCaffrey (comhthofa ó Uiscebhealaí Éireann)	4	4
Allen McAdam (comhalta boird)	3	3
Iain Carlisle (comhalta boird)	3	2

Le linn na bliana tháinig an fochoiste Coiste na nDeontas le chéile cúig huairé déag ó Bhealtaine go Nollaig 2021. Leagtar amach sa tábla seo thíos an freastal:

Ball de Choiste na nDeontas	Líon na gcruinnithe arbh fhéidir freastal orthu	Líon na gcruinnithe a ndearnadh freastal orthu
Keith Gamble	1	1
David McNarry	15	12
Karyn Devenney	15	7
Freddie Kettyle	15	13

Ní raibh aon ghnó ag an gCoiste Achomharc Deontas le freastal air sa bhliain. Tugadh aon ghnó a bhain leis an gCoiste Pearsanra agus Coiste na bPolasaithe chun an Bhoird.



Remuneration Report

Report on the Remuneration of Senior Management

The senior management of the Agency are considered to be the CEO, Directors and Board of the Ulster-Scots Agency. The Chief Executive is the Accounting Officer as approved by NSMC and is responsible for the efficient and effective administration of the Agency.

Policy on the remuneration of senior managers for current and future financial years.

At the beginning of the year, senior managers are set objectives based on the Agency's Corporate and Business plans. These are periodically reviewed and reported to the Board on a continual basis. Individual goals and objectives of the senior management team are reviewed and assessed throughout the year using the Agency's Performance Management Framework. This means that the CEO assesses the Directors' performance which is then reviewed and countersigned by the Chairman of the Board. The CEO's performance is also assessed by the Chairman of the Board.

The pay scales of the Senior Management who are based in the NI jurisdiction mirror those of the NICS pay scales. The pay scales for each NICS grade contain a number of pay points from minima to maxima, allowing progression towards the maxima based on performance. The Annual increments are issued to the Agency through the Sponsoring Department in the relevant jurisdiction (Department for Communities (DfC)) from the Department of Finance which has been approved by the Minister for Finance. Prior to implementation, the proposed salary increases are approved by the Agency's Board and both Sponsoring Departments of each jurisdiction (DfC and DTCAGSM).

Service contracts

Senior management appointments are made in accordance with the North South Language Body Recruitment Code, which requires appointment to be on merit principle on the basis of fair and open competition but also includes the circumstances when appointments may otherwise be made. The senior management of the Ulster-Scots Agency appointments are open-ended with a notice period of three months/ twelve weeks. Termination payments

Tuairisc ar Luach Saothair

Tuairisc ar luach saothair ardbhainisteoirí

Meastar gurb iad Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Stiúrthóirí agus Bord Gníomhaireacht na hUltaise ardbhainisteoirí na Gníomhaireachta. Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasach mar atá faofa ag CATT agus tá sé freagrach as riarachán éifeachtúil agus éifeachtach na Gníomhaireachta.

Polasaí ar luach saothair ardbhainisteoirí don bhliain airgeadais reatha agus do bhlianta amach anseo

Ag tús na bliana, socraítear cuspóirí do bhainisteoirí sinsearacha bunaithe ar Phleananna Corparáideacha agus Gnó na Gníomhaireachta. Déantar iad seo a athbhreithniú go tréimhsiúil agus tuairiscítear iad don Bhord ar bhonn leanúnach. Déantar spriocanna agus cuspóirí fhoireann na hardbhainistíochta a athbhreithniú agus a mheasúnú i rith na bliana ag úsáid Chreat Bainistíochta Feidhmíochta na Gníomhaireachta. Ciallaíonn sé seo go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmíocht na Stiúrthóirí a mheasúnú, atá ansin athbhreithnithe agus comhshínithe ag Cathaoirleach an Bhoird. Déanann

Cathaoirleach an Bhoird measúnú chomh maith ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh.

Tá scálaí pá na n-ardbhainisteoirí, atá go léir bunaithe ar dhlínse TÉ, ar aon dul le scálaí pá Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Sna scálaí pá do gach grád de Státseirbhís Thuaisceart Éireann tá roinnt pointí pá ón mbun go dtí an barr, rud a ligeann do dhul chun cinn i dtreo an bhairr bunaithe ar fheidhmíocht. Eisítear na hincrimintí bliantúla don Gníomhaireacht trí na Ranna Coimircíochta sa dlínse chuí (an Roinn Pobal (RP)) ón Roinn Airgeadais atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais. Sula gcuirtear i bhfeidhm iad, ceadaíonn Board na Gníomhaireachta agus an dá Roinn Coimircíochta sa dá dhlínse (RP agus RTCEGSM) na harduithe molta tuarastail.

Conarthaí seirbhíse

Déantar ceapacháin ardbhainistíochta de réir Chód Earcaíochta An Fhorais Teanga Thuaidh Theas, a éilíonn ceapachán a bheith déanta ar phrionsabail an tuillimh ar bhonn an chomórtais chothroim agus oscailte ach lena n-áirítear freisin na tosca a bhféadfar ceapacháin a dhéanamh ar shlí eile. Is ceapacháin cheannoscailte iad ardbhainisteoirí Gníomhaireacht na hUltaise, le fógra trí mhí nó dhá sheachtain déag. Tá íocaíochtaí

are in accordance with contractual terms. During the year 2021 there were no compensation or severance payments to senior management.

Salary and pension entitlements

The following sections provide details of the remuneration and pension interests of the senior management of the Agency.

Remuneration (including salary) and pension entitlements of Senior Management Staff – CEO (Chief Executive Officer), DOCS (Director of Corporate Services), DOEL (Director of Education & Language).

	2021				2020			
	Salary £	Salary €	Pension Benefits £*	Benefits in kind	Salary £	Salary €	Pension Benefits £*	Benefits in kind
Ian Crozier (CEO)	55,915	65,048	30,200	Nil	54,588	61,355	26,100	Nil
David McCallum (DOCS)	47,419	55,164	42,300	Nil	44,584	50,111	22,300	Nil
Richard Hanna (DOEL)	42,850	49,849	20,000	Nil	39,909	44,857	20,000	Nil

*The value of pension benefits accrued during the year is calculated as (the real increase in pension multiplied by 20) plus (the real increase in any lump sum) less (the contributions made by the individual). The real increases exclude increases due to inflation and any increase or decrease due to a transfer of pension rights.

foirceanta de réir téarmaí conartha. Le linn na bliana 2021 ní dhearnadh aon chúiteamh nó scaoilíocaíocht le hardbhainisteoirí.

Teidlíochtaí tuarastail agus pinsin

Sna codanna seo a leanas tá sonraí chúiteamh agus leasanna pinsin ardbhainisteoirí na Gníomhaireachta.

Luach saothair (lena n-áirítear tuarastal) agus teidlíochtaí pinsin ball foirne ardbhainistíochta – PF (Príomhfheidhmeannach), SSC (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), SOT (Stiúrthóir Oideachais & Teanga).

	2021				2020			
	Tuarastal £	Tuarastal €	Sochair Phinsin £*	Sochair chomhchineáil	Tuarastal £	Tuarastal €	Sochair Phinsin £*	Sochair chomhchineáil
Ian Crozier (PF)	55,915	65,048	30,200	Nialas	54,588	61,355	26,100	Nialas
David McCallum (SSC)	47,419	55,164	42,300	Nialas	44,584	50,111	22,300	Nialas
Richard Hanna (SOT)	42,850	49,849	20,000	Nialas	39,909	44,857	20,000	Nialas

*Déantar luach sochar pinsin a fhabhraítear le linn na bliana a ríomh mar (an fíorardú pinsin iolraithe faoi 20) móide (an fíorardú in aon chnapshuim) lúide (na ranníocaíochtaí déanta ag an duine). Ní áirítear sna fíorarduithe arduithe mar gheall ar bhoilsciú agus aon ardú nó ísliú mar gheall ar aistriú ceartuithe pinsin.

Pay multiples

The Agency is required to disclose the relationship between remuneration of the highest-paid director in their organisation and the median remuneration of the organisation's workforce.

	2021	2021	2020	2020
	£	€	£	€
The highest paid Director	57,794	67,234	54,588	61,355
Median remuneration of staff	33,459	38,924	32,800	36,866
Ratio	1.7		1.7	

The remuneration of the highest paid director in 2021 was £57,794 (2020: £55,458). This was 1.7 times the median salary of the workforce which in 2021 was £33,459. In 2021 no employee received remuneration in excess of the highest paid director.

Total remuneration includes salary and non-consolidated performance-related pay. It does not include employer pension contributions and the cash equivalent transfer value of pensions.

Salary

'Salary' includes gross salary and any other allowance to the extent that it is subject to UK/Irish taxation. There were no overtime, recruitment and retention allowances, private office allowances or ex gratia payments paid to any staff member in the year.

Benefits in Kind

The monetary value of benefits in kind covers any benefits provided by the employer and treated by HM Revenue and Customs / Ireland's Department of Revenue as a taxable emolument. There were no benefits in kind provided to staff in the year.

Iolraí pá

Tá de cheangal ar an nGníomhaireacht an coibhneas idir luach saothair an stiúrthóra is airde pá ina n-eagraíocht agus luach saothair airmheánach lucht oibre na heagraíochta a nochtadh.

	2021	2021	2020	2020
	£	€	£	€
An Stiúrthóir is airde pá	57,794	67,234	54,588	61,355
Luach saothair airmheánach foirne	33,459	38,924	32,800	36,866
Cóimheas	1.7		1.7	

Ba é luach saothair an stiúrthóra ab airde pá in 2021 £57,794 (2020: £55,458). Bhí seo 1.7 uair níos airde ná tuarastal airmheánach an lucht oibre in 2021, £33,459. In 2021 ní bhfuair aon fhostaí luach saothair níos mó ná an stiúrthóir is airde pá.

Áirítear ar luach saothair iomlán tuarastal agus pá i gcoibhneas le feidhmíocht neamh-chomhdhlúite. Ní áirítear air ranníocaíochtaí pinsin an fhostaí agus comhluch in airgead tirim luach aistrithe pinsean.

Tuarastal

Áirítear ar 'tuarastal' olltuarastal agus aon liúntas eile a fhad is go bhfuil sé faoi réir chánachas RA/na hÉireann. Níor íocadh aon liúntas ragoibre, earcaíochta agus coinneála, liúntas d'oifig phríobháideach nó íocaíochtaí ex gratia le haon bhall foirne sa bhliain.

Sochair chomhchineáil

Clúdaíonn luach airgid sochar chomhchineáil aon sochair a chuireann an fostóir ar fáil agus a bpléann HM Revenue and Customs/Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann leis mar dhíolaíocht inchánach. Níor cuireadh aon sochair chomhchineáil eile ar fáil do bhaill foirne sa bhliain.

Bonuses

It is not the policy of the Agency to make any bonus payments to members of the senior management team or staff. No bonus payments have been made during the year.

Pension Benefits

	Accrued pension at pension age as at 31/12/21 and related lump sum	Real increase in pension and related lump sum at pension age	CETV at 31/12/20	CETV at 31/12/21	Real increase in CETV
	£	£	£	£	£
Ian Crozier Chief Executive	Pension £12,100 Lump Sum £9,600	Pension £1,500 Lump Sum £200	117,000	134,000	17,000
David McCallum Director of Corporate Services	Pension £14,400 Lump Sum £23,100	Pension £2,000 Lump Sum £2,300	185,000	217,000	32,000
Richard Hanna Director of Education & Language	Pension £ 3,800 Lump Sum £ -	Pension £ 1,000 Lump Sum £ -	40,000	56,000	16,000

Members of the Board do not receive pension benefits. For full listing of the Board and their total remuneration, please see below.



Bónais

Níl sé de pholasáí ag an nGníomhaireacht aon íocaíochtaí bónais a dhéanamh le baill foirne ardbhainistíochta nó baill foirne. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais le linn na bliana.

Sochair phinsin

	Pinsean fabhraithe ag aois phinsin mar a bhí ag 31/12/21 agus cnapshuim ghaolmhar	Fíorardú i bpinsean agus sa chnapshuim ghaolmhar ag aois phinsin	LACA ag 31/12/20	LACA ag 31/12/21	Fíorardú i LACA
	£	£	£	£	£
Ian Crozier Príomhfheidhmeannach	Pinsean £12,100 Cnapshuim £9,600	Pinsean £1,500 Cnapshuim £200	117,000	134,000	17,000
David McCallum Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	Pinsean £14,400 Cnapshuim £23,100	Pinsean £2,000 Cnapshuim £2,300	185,000	217,000	32,000
Richard Hanna Stiúrthóir Oideachais & Teanga	Pinsean £3,800 Cnapshuim £ -	Pinsean £1,000 Cnapshuim £ -	40,000	56,000	16,000

Ní fhaigheann comhaltaí Boird aon sochair phinsin. Chun liosta iomlán an Bhoird agus a luach saothair iomlán a fheiceáil, féach thíos le do thoil.



Pension Arrangements - General Description of the Scheme

The pension scheme consists of a number of sections with different benefit structures. The main sections are:

The Core Final Salary section - this is a final salary pension arrangement with benefits modelled on the Classic section on the Principal Civil Service Pension Scheme in Northern Ireland. The scheme provides a pension (one eightieth per year of service), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions. Normal retirement age is a member's 60th birthday. Pensions in payment (and deferment) increase in line with general price inflation.

The Core Alpha section - this is a career averaged revalued earning pension arrangement or CARE scheme with benefits modelled on the alpha section of the Principal Civil Service Pension Scheme in Northern Ireland. The scheme provides a pension based on a percentage (2.32%) of pensionable pay for each year of active membership (the pension is increased at the start of each scheme year in line with general price inflation) and spouse's and children's pensions. Normal Retirement Age is a member's

State Pension Age in the relevant jurisdiction, which is currently 67, 68 or between 67 and 68 in the UK and 66 in Ireland. The State pension age in Ireland was due to rise to 67 from 1 January 2021 and then 68 from 1 January 2028 however, the legislative provision which provided for these increases was repealed.

Most Core section members have benefits in both the Final Salary and alpha sections and new entrants who join the Scheme after 1 April 2015 will, in most cases, become members of the Core alpha section.

The valuation used for FRS 102 disclosures at 31st December 2021 has been carried out by a qualified independent actuary (Deloitte). The results this year have been prepared by carrying out a full valuation of the Scheme's liabilities incorporating market conditions and scheme data at 31st December 2021.

Cash Equivalent Transfer Values (CETV)

A Cash Equivalent Transfer Value (CETV) is the actuarially assessed capitalised value of the pension scheme benefits accrued by a member at a particular point in time. The benefits valued are the member's accrued benefits and any contingent



Socruithe pinsin – cur síos ginearálta ar an scéim

Is é atá sa scéim pinsin líon rannán a bhfuil struchtúir shochair éagsúla acu. Is iad na príomhrannáin:

An Croí-rannán Tuarastail Deiridh – is socrú pinsin tuarastail deiridh seo le sochair múnlaithé ar rannán Classic Phríomhscéim Pinsin na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Cuireann an scéim pinsean ar fáil (ochtódú amháin in aghaidh bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh bliain seirbhíse) agus pinsin céile agus leanaí. Is é an ghnáthaois scoir seascadú breithlá an bhaill. Ardaíonn pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) i gcomhréir le boilsciú ginearálta praghsanna.

Croírannán Alpha – is socrú pinsin tuillimh athluacháilte meánaithe gairmré seo nó scéim TAMG le sochair múnlaithé ar an rannán alpha de phríomhscéim pinsin na státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim pinsean bunaithe ar chéatadán (2.32%) de phá inphinsin do gach bliain de bhallaíocht ghníomhach (méadaítear an pinsean ag tús gach scéimbhliana i gcomhréir le boilsciú ginearálta praghsanna) agus pinsin céile agus leanaí. Is é an ghnáthaois phinsin aois phinsin stáit baill sa dlínse ábhartha, is é sin 67, 68 nó idir 67

agus 68 sa RA agus 66 in Éirinn. Bhí an aois pinsin stáit in Éirinn le hardú go dtí 67 ó 1 Eanáir 2021 agus ansin 68 ó 1 Eanáir 2028, ach aisghairmeadh an reachtaíocht a d'fhoráil do na harduithe seo.

Tá sochair ag an gcuid is mó ball den chroí-rannán sa rannán tuarastail deiridh agus sa rannán alpha araon agus beidh iontrálaithe nua a théann isteach sa scéim i ndiaidh an 1 Aibreán 2015, sa chuid is mó cásanna, ina mball den chroí-rannán alpha.

Tá an luacháil a úsáidtear do nochtuithe CTA 102 ag an 31 Nollaig 2021 déanta ag achtúire neamhspleách cáilithe (Deloitte). Tá na torthaí i mbliana ullmhaithe trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhlíteanais na scéime ag cur san áireamh dálaí margaidh agus sonraí scéime ar 31 Nollaig 2021.

Luachanna Aistrithe Coibhéise Airgid (LACA)

Is é is Luach Aistrithe Coibhéise Airgid (LACA) luach caipitlithe measúnaithe go hachtúireach shochair na scéime pinsin fabhraithe ag baill ag pointe áirithe san am. Is iad na sochair a luacháiltear sochair fabhraithe an bhaill agus aon pinsean céile teagmhasach atá iníoctha ón scéim. Is íocaíocht é LACA a dhéanann scéim nó socrú pinsin le sochair phinsin

spouse's pension payable from the scheme. A CETV is a payment made by a pension scheme or arrangement to secure pension benefits in another pension scheme or arrangement when the member leaves a scheme and chooses to transfer the benefits accrued in their former scheme. The pension figures shown relate to the benefits that the individual has accrued as a consequence of their total membership of the pension scheme, not just their service in a senior capacity to which disclosure applies.

The CETV figures include the value of any pension benefit in another scheme or arrangement which the individual has transferred to the Agency's pension arrangements. They also include any additional pension benefit accrued to the member as a result of their purchasing additional years of pension service in the scheme at their own cost. CETVs are calculated in accordance with The Occupational Pension Schemes (Transfer Values) (Amendment) Regulations 2008 and do not take account of any actual or potential reduction to benefits resulting from Lifetime Allowance Tax which may be due when pension benefits are taken.

Real increase in CETV

This reflects the increase in CETV that is funded by the employer. It does not include the increase in accrued pension due to inflation, contributions paid by the employee (including the value of any benefits transferred from another pension scheme or arrangement) and uses common market valuation factors for the start and end of the period.

Compensation for loss of office

During the current and preceding financial year there were no compulsory or voluntary redundancies in the Agency. Therefore, no costs have been incurred by the Agency and no compensation payments have been made.

a chinntiú i scéim nó socrú pinsin eile nuair a imíonn an ball ó scéim agus a roghnaíonn na sochair atá fabhraithe ina seanscéim a aistriú. Baineann na figiúirí pinsin a thaispeántar leis na sochair atá fabhraithe ag duine mar thoradh ar a mballraíocht iomlán sa scéim pinsin, ní hamháin a seirbhís i gcáil shinsearach lena mbaineann nochtadh.

Áirítear ar fhiúir LACA luach aon sochair pinsin i scéim nó socrú eile atá aistrithe ag an duine isteach i socruithe pinsin na Gníomhaireachta. Áirítear orthu chomh maith aon socrú pinsin breise a fhabhraítear don bhall mar thoradh ar iad blianta breise seirbhíse pinsin a cheannach sa scéim ar a gcostas féin. Déantar LACA a áireamh de réir The Occupational Pension Schemes (Transfer Values) (Amendment) Regulations 2008 agus ní chuireann siad san áireamh aon laghdú iarbhir nó féideartha i sochair mar thoradh ar Cháin Liúntais Saoil a fhéadfaidh a bheith dlite nuair a ghactar sochair phinsin.

Fíorardú i LACA

Léiríonn seo an méadú in LACA atá maoinithe ag an bhfostaitheoir. Ní áirítear air an méadú sa phinsean fabhraithe mar thoradh ar bhoilsciú, ranníocaíochtaí déanta ag an bhfostaí (lena n-áirítear luach aon sochair a aistrítear ó scéim nó sochar pinsin eile) agus úsáideann sé fachtóirí coitianta luachála margaidh do thús agus deireadh na tréimhse.

Cúiteamh as oifig a chailleadh

Le linn na bliana airgeadais reatha agus roimhe seo ní raibh aon iomarcaíochtaí éigeantacha nó deonacha sa Ghníomhaireacht. Mar sin níl aon chostais tabhaithe ag an nGníomhaireacht agus níl aon íocaíochtaí cúitimh déanta.

Reinsert title: Board Members' Remuneration

	2021	2021	2020	2020
	£	€	£	€
Keith Gamble *	7,712	8,972	8,140	9,149
Iain Carlisle *	4,960	5,770	5,235	5,884
Julie Andrews *	4,960	5,770	5,235	5,884
David McNarry *	4,960	5,770	5,235	5,884
Allen McAdam ^	4,359	5,071	-	-
Frederick Kettyle ^	5,568	6,478	-	-
Karyn Devenney ^	2,205	2,565	-	-
Lavinia Tilson ^	-	-	-	-
Trevor Wilson**	242	281	-	-

Board members received no bonus payments, benefits in kind or pension benefits during the years ended 31st December 2020 and 2021. The amounts above reflect their total remuneration. Board members appointed by the Executive (*) retired 12th December 2021 one of whom was replaced on 13th December 2021(**) and the Irish Government board members were appointed to the Board on 5th May 2021(^).

Board Members' expenses in 2021 were £Nil (€Nil) (2020:£Nil (€Nil)).

Salary bands for all employees

Number of employees whose emoluments for the twelve months ending 31 December 2021 fell within the following bands:

Salary bands (£)	2021 (Number of employees)	2020 (Number of employees)
Less than 40,000	9	10
40,000 – 49,999	2	2
50,000 – 59,999	3	1
60,000 – 69,999	0	0

Luach Saothair Bhaill an Bhoird

	2021	2021	2020	2020
	£	€	£	€
Keith Gamble *	7,712	8,972	8,140	9,149
Iain Carlisle *	4,960	5,770	5,235	5,884
Julie Andrews *	4,960	5,770	5,235	5,884
David McNarry *	4,960	5,770	5,235	5,884
Allen McAdam ^	4,359	5,071	-	-
Frederick Kettyle ^	5,568	6,478	-	-
Karyn Devenney ^	2,205	2,565	-	-
Lavinia Tilson ^	-	-	-	-
Trevor Wilson**	242	281	-	-

Ní bhfuair comhaltaí an bhoird aon íocaíochtaí bónaís, sochair chomhchineáil nó sochair phinsin le linn na mblianta dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus 2021. Léiríonn na méideanna thuas a luach saothair iomlán. Comhaltaí boird ó i ndlínse an Fheidhmeannais (*) ar scor ar 12 Nollaig 2021, ar ionadaíodh duine amháin acu ar 13 Nollaig 2021 (**) agus na comhaltaí boird de chuid Rialtas na hÉireann a ceapadh ar an mBord ar 5 Bealtaine 2021(^).

Ba iad costais Comhaltaí Boird in 2021 £Nialas (€Nialas) (2020: £Nialas (€Nialas)).

Bandaí tuarastail do gach fostaí

Líon na bhfostaithe ar thit a luach saothair do na dhá mhí dhéag dar chríoch an 31 Nollaig 2021 sna bandaí seo a leanas:

Bandaí tuarastail (£)	2021 (Líon fostaithe)	2020 (Líon fostaithe)
Níos lú ná 40,000	9	10
40,000 – 49,999	2	2
50,000 – 59,999	3	1
60,000 – 69,999	0	0

Review of the Year

3. Strategic Themes

3.1 The business plan has three strategic objectives. These strategic objectives recognise 'learning' about Ulster-Scots at the core of all the Agency's work.

Although an important aspect of the Agency's work, schools-based education is one aspect of a much broader lifelong learning approach.

SA1 – Inspire

The Agency will identify, interpret and animate Ulster-Scots language, heritage and culture.

SA2 – Empower

The Agency will equip individuals and groups with knowledge and skills to engage with Ulster-Scots heritage, language and culture.

SA3 – Engage

The Agency will reach out locally and globally, to enhance friendship with people in Ulster whose primary identity is not Ulster-Scots: and foster kinship with people beyond Ulster who share our identity.

2021 has been another challenging year with the worldwide pandemic still a major hurdle to navigate in the first half of 2021. The Agency Headquarters in Belfast and our regional office in Raphoe remained closed until September 2021, with staff working from home, with only essential access to the office in line with government guidance. From September until late November working at the office became regular until new guidance

was issued that working from home was to resume until further notice. The 2020 accounts are behind schedule, the Agency completed their audit on time, however various issues have delayed the certification and laying of the accounts. The 2021 audit is due to begin February 2022 and we anticipate a more normal audit this year in line with pre-2020.

There was an uplift in the budget allocation of £274,726 which was paid pro rata in year for April 21-Dec 21 at £206,045. The Agency continued to work through the Corporate Plan 2020 - 2022 & Business Plan 2021 (approved by NSMC on 5th May 2021) and performed well to meet targets under challenging circumstances, reprogramming delivery mechanisms where required to ensure we were meeting our statutory obligations. There were areas of work affected by Covid -19 which resulted in targets not fully achieved. This was due to confidence in the community, restrictions and timeframes which made programs more difficult to deliver. The Agency again this year reallocated funding to other areas to ensure utilisation of the budget. During the year the Agency secured additional funding for Covid-19 support in the community which resulted in extra funding of £634k.

Athbhreithniú ar an mBliain

3. Téamaí Straitéiseacha

3.1 Tá trí chuspóir straitéiseacha ag an bplean gnó. Aithníonn na cuspóirí straitéiseacha seo ‘foghlaim’ faoin Ultais a bheith ag croílár obair uile na Gníomhaireachta.

Cé gur gné thábhachtach d’obair na Gníomhaireachta é, is gné amháin é an t-oidreachas scoilbhunaithe de chur chuige i bhfad níos leithne maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil.

RS1 – Spreag

Sainaithneoidh, léirmhíneoidh agus cuirfidh an Gníomhaireacht i láthair teanga, oidhreacht agus cultúr na hUltaise.

RS2 – Cumasaigh

Tabharfaidh an Gníomhaireacht do dhaoine aonaracha agus do ghrúpaí eolas agus scileanna le bheith páirteach in oidhreacht, teanga agus cultúr na hUltaise.

RS3 – Meall

Déanfaidh an Gníomhaireacht for-rochtain go háitiúil agus ar fud na cruinne, le cairdeas a fheabhsú le daoine i gCúige Uladh nach Albanach-Uladh a bpríomhfhéiniúlacht, agus le dáimh a chothú le daoine taobh amuigh de Chúige Uladh a chomhroinneann ár bhféiniúlacht.

Bliain dúshlánach eile a bhí in 2021, leis an bpaindéim dhomhanda fós ina bacainn mhór le láimhseáil sa chéad leath de 2021. Bhí ceanncheathrú na Gníomhaireachta i mBéal Feirste agus ár n-oifig réigiúnach i Ráth

Bhoth fós dúnta go dtí Meán Fómhair 2021, agus bhí baill foirne ag obair ón mbaile, gan ach rochtain riachtanach ar an oifig de réir threoir an rialtais. Ó Mheán Fómhair go dtí go mall i mí na Samhna d’éirigh obair san oifig rialta go dtí gur eisíodh treoir nua go raibh obair ón mbaile le tosú arís go dtí go bhfógrófaí a mhalairt. Tá cuntais 2020 ar gcúl, chuir an Gníomhaireacht a n-íniúchadh i gcrích in am, ach chuir saincheisteanna éagsúla moill ar dheimhniú agus leagan na gcuntas. Tá iniúchadh 2021 le tosú i bhFeabhra 2022 agus táimid ag súil le hiniúchadh níos normálta i mbliana cosúil le roimh 2020.

Bhí ardú £274,726 i leithdháileadh an bhuiséid, a íocadh pro rata sa bhliain d’Aibreán 2021-Nollaig 2021 ag £206,045. Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag obair trí Dhréachtphlean Corparáideach 2020-2022 agus Plean Gnó 2021 (arna bhfaomhadh ag CATT ar 5 Bealtaine 2021) agus d’éirigh go maith leo spriocanna a bhaint amach i dtosca dúshlánacha, ag athchlárú sásraí seachadta sa chás gur ghá chun a chinntiú go rabhamar ag cur i gcrích ár n-oibleagáidí reachtúla. Bhí réimsí oibre ann ar chuir COVID-19 isteach orthu nárbh fhéidir dá thoradh sin a spriocanna a bhaint amach go hiomlán. Bhí seo mar gheall ar mhuintín sa phobal, srianta agus frámaí ama a d’fhág cláir níos deacra a sheachadadh. Rinne an Gníomhaireacht maoiniú a athdháileadh arís i mbliana ar réimsí eile chun úsáid an bhuiséid a chinntiú. Le linn na bliana fuair an

A summary of the draft Corporate Plan's and Business Plan targets can be seen below, the Covid funding targets are not included in these figures:

Strategic Area	Targets CP	BP Targets 2021
SA1 - Inspire	16	20
SA2 - Empower	16	23
SA3 - Engage	6	6

The Corporate Plan targets are underpinned by the Business Plan which sets out how we intend to deliver the corporate objectives.

The Business Plan and Corporate Plan targets had to be amended in year to take account of the pandemic which resulted in funding being reallocated to utilise the funding to its optimum effectiveness. Festival and summer schools grants were impacted, and that funding was diverted to partnership projects such as our Community Impact groups and the Gamble Library. We extended our digital learning resources and commenced on a refresh of the Discover Ulster-Scots centre to prepare for its reopening.

The Agency achieved its monitoring and evaluation targets with bi-monthly Board meetings, Audit and Risk Committee meetings. From May 2021 we had the Board numbers to convene Grants Committees again. All other business was put through the Board mechanism. Externally

the Agency attended 4 Monitoring meetings with Sponsor Departments by year end. The Director of Corporate Services attends the Chief Executive's Pension Committee on behalf of the Chief Executive as well as various working groups with other members of the North South bodies. The Staff Officer Accountant attends Finance committees, and the HR & Office Manager attends the HR committee, these meetings all continued remotely.

3.1.1 SAI – Inspire

2021 has been another year of many challenges for the Agency and a few of the targets within the Corporate Plan and Business Plan have been affected by the pandemic. Delays have been centred on areas where we have been delivering events or programmes, notably delivery of North South primary school twinnings, blue plaque delivery and schools of excellence support and delivery of heritage projects in the ROI border counties which was more challenging due to different restrictions in the two jurisdictions.

Ghníomhaireacht maoiniú breise le haghaidh thacaíocht COVID-19 sa phobal, a raibh de thoradh air £634,000 de mhaoiniú breise.

Is féidir achoimre ar spriocanna an Dréachtphean Chorparáidigh agus an Phlean Gnó a fheiceáil thíos. Níl spriocanna maoinithe Covid san áireamh sna figiúirí seo:

Réimse Straitéiseach	Spriocanna Plean Chorparáidigh	Spriocanna Plean Gnó 2021
RS1 – Spreag	16	20
RS2 – Cumasaigh	16	23
RS3 – Meall	6	6

Cuireann an Plean Gnó taca faoin bPlean Corparáideach a leagann amach cad é mar is rún dúinn na cuspoirí corparáideacha a chur i gcrích.


B'éigean spriocanna an Phlean Gnó agus an Phlean Chorparáidigh a leasú le linn na bliana chun an phaindéim a chur san áireamh, agus bhí de thoradh air sin gur athdháileadh maoiniú chun an maoiniú a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí. Bhí tionchar ar dheontais d'fhéilte agus scoileanna samhraidh agus atreoraíodh an maoiniú sin go dtí tionscadail chomhpháirtíochta amhail ár ngrúpaí Tionchair Pobail agus Leabharlann Gamble. Shíníomar ár n-acmhainní foghlama digití agus thosaíomar ar athnuachan ar Ionad Eolais na hUltaise chun é a ullmhú le hoscailt arís.

Bhain an Ghníomhaireacht amach a spriocanna monatóireachta agus

measúnaithe le cruinnithe boird gach dara mí agus cruinnithe den Choiste Iniúchta agus Riosca. Ó Bhealtaine 2021 bhí líon dóthanach ar an mBord againn chun Coistí Deontas a thionól arís. Cuireadh gach gnó eile trí shásra an Bhoird. Go seachtrach d'fhreastail an Ghníomhaireacht ar cheithre chruinniú monatóireachta le Foras na Gaeilge faoi dheireadh na bliana. Freastalaíonn an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ar Choiste Pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh chomh maith le grúpaí oibre éagsúla le baill eile de na comhlachtaí Thuaidh Theas. Freastalaíonn an Cuntasóir Oifigigh Foirne ar choistí airgeadais agus freastalaíonn an Bainisteoir AD agus Oifige ar an gcoiste AD. Lean na cruinnithe seo go léir ar aghaidh ó chian.

3.1.1 RS1 – Spreag

Bliain eile ina raibh dúshlán go leor a bhí in 2021 don Ghníomhaireacht agus chuir an phaindéim isteach ar roinnt de na spriocanna sa Phlean Corparáideach agus Plean Gnó. Bhí moilleanna ann den chuid ba mho i réimsí mar a rabhamar ag seachadadh imeachtaí nó clár, go suntasach nascadh bunscoileanna Thuaidh Theas, plaiceanna gorma, tacaíocht do scoileanna feabhais agus tionscadal oidhreachta i gcontaetha na teorann i bPoblacht na hÉireann, a bhí níos dúshlánaí mar gheall ar shrianta éagsúla sa dá dhlínse.



Pictured: Alderman Graham Warke, Mayor of Derry City and Strabane District Council; Jacqueline Purse, Digital Marketing Officer, Ulster-Scots Agency; Pól Ó Frighil, Policy Officer (Irish Language) with Derry City and Strabane District Council



Leid Week 2021

The Ulster-Scotch Leid Week / Ulster-Scots Language Week took place from 22-27 November with a busy programme of events, both in-person and digital, including:

- *Ulster-Scots Walking Tours (Antrim, Newtownabbey, Ballyclare);*
- *Libraries NI Ulster-Scots sessions;*
- *School workshops;*
- *‘The Storyteller’ book launch;*
- *James McKowen ‘History into Poetry’ book launch;*
- *Creative writing workshop with Stuart Paterson.*

Feedback from Language Week has been positive with speakers sharing their experience and enthusiasm to work with the Agency again in the future. The Agency had coverage of

Language Week in printed media such as:

- *Coleraine Times - Celebrate Ulster-Scots Week around Borough;*
- *Derry Daily - Programme of events to mark Ulster-Scots Language Week;*
- *Donegal Live - Music, chat and more at Ulster-Scots night;*
- *Ulster Star - New book and exhibition celebrates the Bard of Lambeg.*

Focus was increased on the social media aspect of the Agency, and we increased our followings throughout the year as follows:

	Increase	Subscribers
Facebook	8%	12,623
Instagram	11%	1,172
Twitter	38%	1,133
YouTube	79%	677

Leid Week 2021

Bhí an Ulster-Scotch Leid Week / Seachtain Teanga na hUltaise ar siúl ó 22 go dtí 27 Samhain le clár gnóthach imeachtaí, i bpearsa agus go digiteach, lena n-áirítear:

- *Turais Siúil Ultaise (Aontroim, Baile Nua na Mainistreach, Bealach Cláir);*
- *Seisiúin Ultaise Leabharlanna TÉ;*
- *Ceardlanna scoile;*
- *Lainseáil leabhair 'The Storyteller';*
- *Lainseáil leabhair James McKowen 'History into Poetry';*
- *Ceardlann scríbhneoireachta cruthaithí le Stuart Paterson.*

Bhí aiseolas ón tSeachtain Teanga dearfach, le cainteoirí ag comhroinnt a dtaithe agus a ndíograise le bheith ag obair leis an nGníomhaireacht arís amach anseo. Bhí clúdach ar an tSeachtain Teanga ag an

nGníomhaireacht sna meáin chlóite amhail:

- *Coleraine Times – 'Celebrate Ulster-Scots Week around Borough';*
- *Derry Daily – 'Programme of events to mark Ulster-Scots Language Week';*
- *Donegal Live – 'Music, chat and more at Ulster-Scots night';*
- *Ulster Star – 'New book and exhibition celebrates the Bard of Lambeg'.*

Fuarthas aiseolas freisin ó áionna a d'fhreastail ar imeachtaí. Díríodh níos mó ar ghné na meán sóisialta den Ghníomhaireacht agus mhéadaíomar ár lucht leanúna i rith na bliana mar seo a leanas:

	Méadú	Síntiúsóirí
Facebook	8%	12,623
Instagram	11%	1,172
Twitter	38%	1,133
YouTube	79%	677

Sa phictiúr:

An Bardasach Graham Warke, Méara Chomhairle Chathair Dhoire agus an tSratha Bháin; Jacqueline Purse, Oifigeach Margaíochta Digití, Gníomhaireacht na hUltaise; Pól Ó Frighil, Oifigeach Gaeilge, Comhairle Chathair Dhoire agus an tSratha Bháin



Census 2021

To encourage people to register their Ulster-Scots identity as part of the 2021 Census, the Agency ran a promotional campaign entitled “Say it in the Census”. People were encouraged to register Ulster-Scots as part of their identity by entering Ulster-Scots in the national identity question in addition to their preferred national identity; and to record their ability to use the Ulster-Scots language in the language question.



The Agency developed a number of key messages as the focus of the campaign. This direct targeting of cultural and community groups was supported by a wider media campaign which included social media, radio advertising and newspaper copy and advertising.

Centenary Of Northern Ireland


The Agency celebrated throughout the year the Centenary of Northern Ireland with events and the unveiling of new exhibitions in the Discover Ulster-Scots Centre. One of the exhibits is a unique Ulster Covenant bearing the signatures of Northern Ireland’s founding fathers and has been placed on public view for the first time, to celebrate the centenary year.

Pictured: The Covenant exhibition, which is available to visit in the Discover Ulster-Scots Centre in Belfast.



Daonáireamh 2021

Chun daoine a spreagadh a bhféiniúlacht Ultach-Albanach a chlárú mar chuid de Dhaonáireamh 2021, réachtáil an Ghníomhaireacht feachtas feachtasaíochta dar teideal 'Say it in the Census'. Spreagadh daoine chun 'Albanach-Ultach' a chlárú mar pháirt dá bhféiniúlacht sa cheist maidir le féiniúlacht náisiúnta chomh maith leis an bhféiniúlacht náisiúnta is fearr leo; agus a gcumas an Ultais a úsáid a thairfeadh sa cheist maidir le teanga .



Tá roinnt príomhtheachtaireachtaí forbartha ag an nGníomhaireacht mar fhócas don fheachtas. Mar thacaíocht don díriú díreach ar ghrúpaí cultúrtha agus pobail bhí feachtas meán níos leithne ann lenar áiríodh meáin shóisialta, fógraíocht raidió agus ábhar do nuachtáin agus fógraíocht.

Comóradh céad bliain Thuaisceart Éireann

Cheiliúir an Ghníomhaireacht i rith na bliana comóradh céad bliain Thuaisceart Éireann le himeachtaí agus nochtadh taispeántas nua in Ionad Eolais na hUltaise. Is ceann de na taispeántais é Cúnant Uladh uathúil ar a bhfuil sínithe bhunaitheoirí Thuaisceart Éireann agus cuireadh ar thaispeáint phoiblí é den chéad uair chun bliain chomórtha an chéid a cheiliúradh.

*Sa phictiúr:
Taispeántas an
Chúnant ar féidir
cuairt a thabhairt
air in Ionad Eolais
na hUltaise i mBéal
Feirste*



21 for 21: Ulster-Scots Who Have Made Northern Ireland Proud

The Ulster-Scots played a huge role in the birth of Northern Ireland a century ago and in the hundred years since. A new touring exhibition 21 for 21, looks at twenty-one Ulster-Scots who have had a global impact, whether in politics, science, the military, sport, academia or entertainment. Included in this list are the following:

- *Blair Mayne – World War II hero who co-founded the SAS;*
- *Ruby Murray – legendary singer with record breaking chart success;*
- *James Martin – aircraft engineer who invented the ejector seat;*


• *Harry Ferguson – mechanic and inventor who revolutionised the tractor;*

• *Rex McCandless – TT racer who transformed motorcycle design.*

It was first displayed at the 50th British Isles and Mediterranean Region conference of the Commonwealth Parliamentary Association, hosted by the Northern Ireland Assembly in September, where it was very well received by delegates from throughout the British Isles, Malta, Cyprus, Gibraltar and the Falkland Islands. It is now touring venues around Northern Ireland.

Pictured: Images from the 21 for 21 touring exhibition. Please get in touch if you are interested in hosting the exhibition.





21 do 21: Albanaigh Ultacha a chuir bród ar Thuaisceart Éireann

D'imir na hAlbanaigh Ultacha ról ollmhór i mbreith Thuaisceart Éireann tá céad bliain ó shin agus le céad bliain anuas. Breathnaíonn taispeántais taistil nua, 21 for 21, ar Albanach Ultach is fiche a raibh tionchar domhanda acu, bíodh sin sa pholaitíocht, san eolaíocht, sna fórsaí armtha nó sa tsiamsaíocht. Áirítear sa liosta sin na daoine seo a leanas:

- *Blair Mayne – laoch ón Dara Cogadh Domhanda a chomhbhunaigh an SAS;*
- *Ruby Murray – amhránaí mór le rá a raibh rath gan sárú sna cairteanna uirthi;*
- *James Martin – innealtóir aerárthaigh a chéadcheap an suíochán eisteilgthe;*

- *Harry Ferguson – meicneoir agus aireagóir a d'athraigh an tarracóir as éadan;*
- *Rex McCandless – rástiománaí TT a d'athraigh dearadh gluaisrothar as éadan.*

Cuireadh ar taispeáint é den chéad uair ag 50ú comhdháil Oileáin na hÉireann agus na Breataine Móire agus Réigiún na Meánmhara de Chumann Parlaiminteach an Chomhlathais, arna óstáil ag Tionól Thuaisceart Éireann i Meán Fómhair, mar ar chuir toscairí ó fud fad Oileáin na hÉireann agus na Breataine, Málta, an Chipir, Giobráltar agus Oileáin Fháclainne fáilte mhór roimhe. Tá sé anois ar camchuart timpeall Thuaisceart Éireann.

Sa phictiúr: Íomhánna ón taispeántas taistil 21 for 21. Déan teagmháil linn más suim leat an taispeántas a óstáil.





Drums for Ulster

Drums for Ulster was an event organised by the Agency in partnership with Northern Ireland's five Lambeg Drumming Associations and drummers of all ages and levels of ability from all parts of the country were invited to participate in this unique display.

More than 100 Lambeg drummers took part in an historic event at

Stormont to celebrate 100 years of Northern Ireland. The event was one of the largest ever single gathering of Lambeg drums, in fact it was more successful than expected with higher levels of attendees (over 140 Lambeg drummers alone) and achieved greater level of media attention including BBC news and social media. This event provided one of the only national opportunities to mark the occasion in a truly unique Ulster-Scots way.

Pictured: One of the youngest Lambeg drummers in attendance at Stormont



Sa phictiúr: duine de na drumadóirí óga Lann Bheag ag Stormont



Drums for Ulster

B'imeacht é Drums for Ulster arna eagrú ag an nGníomhaireacht i gcomhpháirtíocht le cúig chumann drumadóireachta Lann Bheag Thuaisceart Eireann agus bhí cuireadh ar dhrumadóirí de gach aois agus leibhéal cumais ó gach páirt den tír chun páirt a ghlacadh sa taispeántas uathúil seo.

Chlac níos mó ná 100 drumadóir Lann Bheag páirt in imeacht stairiúil ag Stormont chun 100 bliain de

Thuaisceart Eireann a cheiliúradh. Bhí an t-imeacht ar cheann de na cruinnithe ba mhór riamh de dhromaí Lann Bheag, go deimhin bhí sé níos rathúla ná mar a bhíothas ag dréim leis le níos mó daoine ag freastal (níos mó ná 140 drumadóir Lann Bheag féin) agus níos mó airde ó na meáin, nuacht BBC agus na meáin shóisialta san áireamh. Chuir an t-imeacht seo ceann den bheagán deiseanna náisiúnta ar fáil leis an ócáid a chomóradh ar bhealach Ultach-Albanach fíoruathúil.

Small Events Programme

The Agency launched a new funding call for a Small Events Grants programme aimed at supporting the delivery of small community events in Ulster-Scots communities. These events helped to revitalise communities as they came out of Covid-19 restrictions and began the process of normalisation. The events covered a range of Ulster-Scots themes such as concerts, exploration of the roots of the Ulster-Scots, themed workshops as well as providing an opportunity for Ulster-Scots groups wishing to celebrate the Centenary of Northern Ireland. The events provided further opportunities for the Agency to work with groups to raise awareness of Ulster-Scots language, heritage and culture; and increase the amount of Ulster-Scots activity being delivered in communities across Ulster.

The Agency maintained a presence in schools. Covid-related arrangements in schools such as maintaining 'bubbles' made it very challenging for bringing


children together from different classes for music/dance tuition and when we were allowed we were back in the schools.

Guidance provided by authorities to schools provided considerable discretion to principals. Some principals took the decision not to permit any visits from outside agencies. A minority had been prepared to do so. The result is that Ulster-Scots Agency programmes in which we provide external tutor support have been affected.

The Agency adopted a flexible approach by offering face-to-face tuition to those schools wishing to take up the offer and distance learning opportunities for others. Any combination of face-to-face/distance learning has been accommodated by the Agency depending on demand from schools and the ability to safely follow restrictions.

Pictured: Matthew Warwick from the Ulster-Scots Community Network taking an Ulster-Scots workshop at William Pinkerton Primary School





Sa phictiúr: Matthew Warwick ó Lónra Pobail na hUltaise ag ceardlann Ultaise i mBunscoil William Pinkerton



Clár na Mion-Imeachtaí

Lainseáil an Ghníomhaireacht glaoch nua maoinithe le haghaidh clár Deontas Mionimeachtaí dírithe ar thacú le seachadadh mionimeachtaí pobail i bpobail Ultach-Albanacha. Chabhraigh na himeachtaí seo brí úr a chur sna pobail agus iad ag teacht amach as srianta COVID-19 agus chuir siad tús le próiseas an normalaithe. Chlúdaigh na himeachtaí raon de théamaí Ultacha-Albanacha amhail ceolchoirmeacha, fiosrú fhréamhacha na hUltaise, ceardlanna a raibh téama leo chomh maith le deis a chur ar fáil do ghrúpaí Ultaise atá ag iarraidh comóradh céid Thuaisceart Éireann a cheiliúradh. Chuir na himeachtaí ar fáil tuilleadh deiseanna don Ghníomhaireacht chun feasacht a mhúscailt ar theanga, oidhreacht agus cultúr na hUltaise; agus méid na ngníomhaíochtaí Ultaise a mhéadú i bpobail ar fud Chúige Uladh

Choinnigh an Ghníomhaireacht láithreach i scoileanna. Mar gheall ar shocruithe a bhain le Covid, leithéid 'bolgáin' a choinneáil, bhí sé iontach

dúshlánach páistí a thabhairt le chéile ó ranganna éagsúla le haghaidh teagasc ceoil/damhsa agus a luaithe a bhí cead againn bhíomar ar ais sna scoileanna.

I dtreoir a chuir údarais ar fáil do scoileanna, cuireadh a lán roghanna ar fáil do phríomhoidí. Ghlac roinnt príomhoidí an cinneadh gan aon chuairteanna a cheadú ó ghníomhaireachtaí seachtracha. Bhí mionlach sásta sin a dhéanamh. Ba é an toradh gur cuireadh isteach ar chláir de Ghníomhaireacht na hUltaise ina gcuirimid tacaíocht ó theagascóir seachtrach ar fáil.

Ghlac an Ghníomhaireacht le cur chuige solúbtha trí theagasc duine le duine a thairiscint do na scoileanna sin a bhí ag iarraidh glacadh leis an tairiscint agus deiseanna cianfhoghlama a thairiscint do scoileanna eile. Thug an Ghníomhaireacht slí do mheascán ar bith d'fhoghlaim duine le duine/ó chian ag brath ar éileamh ó scoileanna agus an cumas le srianta a leanúint.

Education Interventions

The Agency continued to support the educational sector with grant funding of £173,431 towards interventions in the education sector. Key outputs in this area of work included £60,810 funding for music and dance tuition in schools where it was able to be facilitated throughout the year.

After School Clubs

The After School club programme attracted funding of £4,722 and was successfully delivered in 13 schools throughout Ulster. These clubs give pupils and staff a “taster” of the various strands of the Ulster Scots language and culture and serve as a very successful introduction to more in-depth programmes such as the Flagship Schools Programme. The feedback from teachers has been very positive and this was reflected given the number of teachers who contacted us to investigate the possibility of building on the Club by participating in our Ulster-Scots Flagship School programme.

Flagship School Programme

The Flagship Programme in 2021 attracted funding of £17,527, however due to Covid restrictions early 2021 was difficult for school programmes. The Agency still managed to recruit 5 new schools to the Flagship Programme. As restrictions eased, tutors were able to conduct face-to-face tuition in schools, initially facilitating outdoor classes where possible before progressing to socially distanced classes indoors. Flagship presentations were awarded to Duneane PS, Hamiltonsbawn PS, Killyman PS, Orritor PS, Templepatrick PS and we look forward to further flagship presentations in 2022.

During 2020 several primary schools in Northern Ireland that the Agency fund were involved in a pilot programme involving the Agency developed ‘Land of Promise’ curriculum-based teaching and learning experience. The ‘Land of Promise’ Programme has several elements which are designed to help schools embed an Ulster-Scots based thematic approach and provide active learning opportunities through engaging resources and experiences.

Pictured: Gary Blair from the Ulster-Scots Agency presenting a Flagship Award to teachers and pupils at Duneane Primary School



Sa phictiúr: Gary Blair ó Ghníomhaireacht na hUltaise ag bronnadh Gradam Suaitheantais ar mhúinteoirí agus daltaí ag Bunscoil Dhún Dá Éan



Idirghabhálacha oideachais

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag tacú leis an earnáil oideachais le maoiniú deontais £173,431 i dtreo idirghabhálacha san earnáil oideachais. I measc príomhtháirgí sa réimse seo oibre bhí £60,810 de mhaoiniú do theagasc ceoil agus damhsa i scoileanna, mar arbh fhéidir seo a éascú i rith na bliana.

Clubanna larscoile

Mheall an clár Clubanna larscoile maoiniú £4,722 agus seachadadh é go rathúil i dtrí scoil déag ar fud Chúige Uladh. Tugann na clubanna seo blaiseadh de shnáitheanna éagsúla de theanga agus de chultúr na hUltaise do dhaltaí agus do bhaill foirne agus is intreoir an-mhaith iad ar chlár níos doimhne, cosúil leis an gClár Scoileanna Suaitheantais. Bhí an t-aiseolas ó mhúinteoirí iontach dearfach agus léiríodh seo i líon na múinteoirí a rinne teagmháil linn chun an fhéidearthacht a fhiosrú cur leis an gclub trí pháirt a ghlacadh inár gClár Scoileanna Suaitheantais.

Clár Scoileanna Suaitheantais

Mheall an Clár Scoileanna Suaitheantais in 2021 maoiniú £17,527, ach mar gheall ar shrianta COVID bhí tús 2021 deacair do chlár scoileanna. D'éirigh leis an nGníomhaireacht fós cúig scoil nua a earcú sa Chlár Suaitheantais. De réir mar a maolaíodh srianta, bhí teagascóirí ábalta teagasc aghaidh le haghaidh a dhéanamh i scoileanna, ag éascú ranganna amuigh faoin aer ar dtús nuair a bhí sin indéanta roimh dhul ar aghaidh chuig ranganna le scaradh sóisialta taobh istigh. Rinneadh bronnadh suaitheantais ar Bhunscoil Dhún Dá Éan, Bunscoil Bhabhún Hamaltún, Bunscoil Chill na mBan, Bunscoil na gCoracha Móra, Bunscoil Theampall Phádraig agus táimid ag súil le níos mó suaitheantas a bhronnadh in 2022.

Le linn 2020 bhí roinnt bunscoileanna i dTuaisceart Éireann atá maoinithe ag ciste na Gníomhaireachta páirteach i gclár píolótach lena mbaineann an t-eispéireas teagaisc agus foghlama curaclambhunaithe a d'fhorbair an Ghníomhaireacht. Tá roinnt gnéithe ag an gclár 'Land of Promise' atá deartha le cabhrú le scoileanna cur chuige téamach bunaithe ar an Ultais a leabú agus deiseanna foghlama gníomhacha a chur ar fáil trí acmhainní agus eispéiris tharraingteacha.

Recognition of Past Projects

This resource was further developed in 2021 in response to feedback from schools. We developed a music and drama production called 'Land of Promise' designed to be performed by children studying the emigration of Ulster-Scots families to America in the 18th century. This supports schools in reinforcing learning through performance of music and drama.

Open College Network (OCN) Lambeg & Fife

Restraints with lockdowns in place for the first quarter of 2021 hampered progress initially but this was overcome from April onwards. As a result, we have had a class complete the course in Earlview Primary School, Newtownabbey and there is a course ongoing in Cambridge House Grammar School, Ballymena. In the community, two Drumming Clubs are currently working their

way through the course. The Agency is in negotiations with two further schools to organise a course for their pupils there who can then maintain their drumming lessons with nearby Moygashel Drumming Club.

Supporting pupils to achieve recognised qualifications in music and dance.

During 2021, there were a total of 257 pupils who successfully achieved recognised qualifications in the following music and dance disciplines:

- *Lambeg Drum - 55 pupils achieved OCN accreditation.*
- *Piping - 48 pupils received piping foundation certificates;*
- *Drumming – 47 pupils received drumming certificates;*
- *Highland dance - 107 pupils received awards in Highland dance.*

Pictured: Pupils from Augher CPS who received their Intro Highland Dancing Awards pictured with Jane Barr from Ulster Scots Agency and Kathryn Stewart



Sa phictiúr: Daltaí ó CPS Eochair a fuair a mbuncháilíochtaí i nDamhsa na nGarbhchríoch le Jane Barr ó Ghníomhaireacht na hUltaise agus Kathryn Stewart



Aitheantas ar thionscadail roimhe seo

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt a thuilleadh in 2021 mar fhreagairt ar aiseolas ó scoileanna. D'fhorbraíomar léiriúcháin ceoil agus drámaíochta dar teideal 'Land of Promise', a ceapadh le léiriú ag páistí ag déanamh staidéir ar imirce teaghlaigh Ultaise go Meiriceá san ochtú haois déag. Tacaíonn seo le scoileanna agus iad ag daingniú foghlama trí cheol agus drámaíocht a thaibhiú.

Druma Lann Bheag agus Fíf Líonra Coláistí Oscailte (LCO)

Chuir srianta agus dianghlasáil don chéad ráithe de 2021 isteach ar an dul chun cinn ar dtús ach fuarthas an lámh in uachtar air seo ó Aibreán ar aghaidh. Mar thoradh air sin, chríochnaigh rang an cúrsa i mBunscoil Earlview, Baile Nua na Mainistreach agus tá cúrsa ar siúl i Scoil Ghramadaí Theach Cambridge, an Baile Meánach. Sa phobal tá dhá chlub drumadóireachta ag déanamh

a mbealaigh tríd an gcúrsa. Tá an Ghníomhaireacht i mbun caibidlí le dhá scoil eile chun cúrsa a eagrú dá ndaltaí ansin a bheidh in ann ina dhiaidh sin a gceachtanna drumadóireachta a choinneáil ag dul le Club Drumadóireachta Mhaigh gCaisil atá cóngarach.

Tacú le daltaí cáilíochtaí aitheanta a bhaint amach sa cheol agus sa damhsa.

Le linn 2021 bhí 257 dalta ar fad ann ar éirigh leo cáilíochtaí aitheanta a bhaint amach sna disciplíní ceoil agus damhsa seo a leanas:

- *Druma Lann Bheag – bhain cúig dhalta is caoga creidiúnú OCN amach.*
- *Píobaireacht – fuair ocht ndalta is daichead bunteastais píobaireachta;*
- *Drumadóireacht – fuair seacht ndalta is daichead teastais drumadóireachta;*
- *Damhsa na nGarbhchríoch – fuair 107 dalta gradam i nDamhsa na nGarbhchríoch.*

NI 100 Art Competition

The Agency delivered a special funding programme so schools in NI providing support to 29 schools to purchase art materials and resources to allow their school to enter the Department of Education NI art competition to mark the NI centenary. The funding offered was up £500 per school for the purchase of art materials that wanted to make their entry Ulster-Scots, for example by reflecting cultural traditions like music and dance, historic places or famous Ulster-Scots.

Lambeg drumming and the NI Centenary

The Education team played a key role in the commissioning of 8 new Lambeg drums to mark and celebrate the centenary of the foundation of Northern Ireland in 2021. Each of the eight Lambeg Drums bears an image that reflects the foundation of NI and are named appropriately: Ulster Champion (Bonar Law), Ulster Covenanter (Thomas Sinclair), Ulster Governor (3rd Duke of Abercorn), Ulster Guardian (Fred Crawford), Ulster Heroine (Lady Londonderry), Ulster Premier (Sir James Craig), Ulster Sovereign (King George V), & Ulster Volunteer (Sir Edward Carson). The Lambeg Drum is an indigenous instrument and an invaluable part of Ulster-Scots intangible cultural heritage and traditionally Lambeg drums have been played at many historical events since

the formation of Northern Ireland; therefore, it was most fitting that they formed a central part of the Ulster-Scots Agency's plans to celebrate the centenary of Northern Ireland.


Publications and Online Resources

Every year the Agency publishes a wide range of literature and educational materials.

During 2021 we published the 'Get to Grips' series of Music Tuition books for highland bagpipes, snare, bass/tenor, Lambeg drums and fife and drum. Accompanying the books are almost 100 tuition videos which were published online.

A first for the Agency was the publication of a cookbook entitled 'A Wee Taste of Ulster-Scots' which contains recipes by celebrity chef Paula McIntyre which reflect the Ulster-Scots food traditions and the use local ingredients. The book is accompanied by videos of Paula preparing all the dishes. These were filmed in Arthur Cottage, in the townland of Dreen, Cullybackey, Co Antrim in the ancestral homestead of Ulster-Scot Chester Arthur, 21st President of the United States. As well being featured in a recipe book the videos and recipes are available online at <http://discoverulsterscots.com/a-wee-taste>. They are also available free of charge as iBooks.

Images of new publications about Ulster-Scots



Comórtas ealaíne Thuaisceart Éireann 100

Sheachaid an Ghníomhaireacht clár maoinithe speisialta ag tacú le naoi scoil is fiche i dThuaisceart Éireann le hábhair agus acmhainní ealaíne a cheannach le ligean dá scoil iontráil a dhéanamh i gcomórtas ealaíne Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann le céad bliain Thuaisceart Éireann a chomóradh. Bhí maoiniú suas le £500 á thairiscint do gach scoil chun ábhair ealaíne a cheannach a bhí ag iarraidh iontráil Albanach-Ultach a dhéanamh, mar shampla trí mhachnamh a dhéanamh ar thraidisiúin chultúrtha amhail ceol agus damhsa, áiteanna stairiúla nó Ultaigh Albanacha cháiliúla.

Drumadóireacht Lann Bheag agus comóradh céid TÉ

D'imir an fhoireann oideachais príomhról maidir le hocht ndruma Lann Bheag nua a choimisiúnú chun céad bliain ó bhunú Thuaisceart Éireann in 2021 a cheiliúradh. Tá íomhá ar gach ceann de na hocht ndruma Lann Bheag a léiríonn bunú Thuaisceart Éireann agus tá ainm orthu dá réir: Ulster Champion (Bonar Law), Ulster Covenanter (Thomas Sinclair), Ulster Governor (3rd Duke of Abercorn), Ulster Guardian (Fred Crawford), Ulster Heroine (Lady Londonderry), Ulster Premier (Sir James Craig), Ulster Sovereign (King George V) agus Ulster Volunteer (Sir Edward Carson). Is uirlis dhúchasach é an druma Lann Bheag, cuid

ríluachmhar d'oidhreacht dhobhraite na hUltaise agus go traidisiúnta sheinntí drumaí Lann Bheag ag mórán ócáidí stairiúla ó bunaíodh Thuaisceart Éireann; mar sin, bhí sé an-chuí go raibh siad mar chuid lárnach de phleananna Ghníomhaireacht na hUltaise comóradh céid Thuaisceart Éireann a cheiliúadh.


Foilseacháin

Gach bliain foilsíonn an Ghníomhaireacht réimse leathan de litríocht agus d'ábhair oideachais.

Le linn 2021 d'fhoilsíomar an tsraith leabhar teagaisc ceoil 'Get to Grips' don pháip mhór, sreangdhruma, drum a teanóir, dord-druma, drum a Lann Bheag agus fíf agus drum a. In éineacht leis na leabhair tá beagnach 100 físeán teagaisc a foilsíodh ar líne.

Rud nua don Ghníomhaireacht ba ea leabhar cócaireachta dar teideal 'A Wee Taste of Ulster-Scots' ina bhfuil oidis leis an gcócaire cáiliúil Paula McIntyre a léiríonn traidisiúin bhia na hUltaise agus úsáid comhábhar áitiúil. Tá físeán de Paula leis an leabhar agus í ag ullmhú na mias go léir. Rinneadh iad seo a scannánú i dTeach Mhic Artúir, sa bhaile fearainn Draighean, Cúil na Baice, Co. Aontroma, i mbaile shinsir an Ultaigh Albanaigh Chester Arthur, 21ú Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá. Chomh maith le bheith i leabhar oideas tá na físeáin agus na hoidis ar fáil ar líne ag <http://discoverulsterscots.com/a-wee-taste>. Tá siad ar fáil chomh maith saor in aisce mar ríomhleabhair.

Íomhánna
d'fhoilseacháin nua
Ultaise



Films - Ulster-Scots Music Traditions

A series of short films were produced in association with the Ulster-Scots Broadcast Fund that celebrated Ulster-Scots music traditions of Lambeg drum and fife. One of the films features Dame Evelyn Glennie talking about her Lambeg.



'Dirigo' – The Maine Drum

A Lambeg drum was commissioned to celebrate the close historical links between Ulster and Maine (USA). The drum is called 'Dirigo' (I lead) – the motto of the state of Maine. It was painted with images of both Ulster and Maine. A short film was produced that documents the project.



Scannáin – traidisiúin cheoil Ultaise

Léiríodh sraith de ghearrscannáin i gcomhar le Ciste Craolacháin na hUltaise a cheiliúir traidisiúin cheoil Ultaise an druma Lann Bheag agus na fife. I gceann amháin de na scannáin tá an Dáma Evelyn Glennie ag caoit faoina druma Lann Bheag.



Ulster-Scots Music Traditions: The Lambeg Drum - Giant of Percussion with Dame Evelyn Glennie.


'Dirigo' – Druma Maine

Rinneadh druma Lann Bheag a choimisiúnú chun na dlúthnaisc stairiúla idir Cúige Uladh agus Maine (SAM) a cheiliúradh. 'Dirigo' (stiúraim) an t-ainm atá ar an druma – mana stát Maine. Rinneadh é a phéinteáil le híomhánna de Chúige Uladh agus de Maine. Léiríodh gearrscannán a dhéanann taifead ar an tionscadal.



Ulster-Scots language games

A series of more than 50 computer games for primary school children were developed by Jetpack Learning in association with the Ulster-Scots Agency and the Ulster-Scots Broadcast Fund. These are highly engaging and interactive and have proved a great success with the audiences they have been aimed at.



Virtual Visits


A series of more than 40 'virtual visits' were developed in association with the Ulster-Scots Broadcast Fund and local production company 'Virtual Visit Tours'.

These provide users with the opportunities to 'visit' a range of sites in Ulster with Ulster-Scots interest and are published online.



Cluichí teanga Ultaise

D'fhorbair Jetpack Learning sraith de níos mó ná caoga cluiche ríomhaire do pháistí bunscoile i gcomhar le Gníomhaireacht na hUltaise agus Ciste Craolacháin na hUltaise. Tá siad seo an-tarraingteach agus idirghníomhach agus bhí an-rath orthu leis na spriocphobail ar díriodh iad orthu.



Cuairteanna fíorúla

Forbraíodh sraith de níos mó ná daichead cuairt fhíorúil i gcomhar le Ciste Craolacháin na hUltaise agus an comhlacht léiriúcháin áitiúil Virtual Visit Tours. Cuireann siad seo ar fáil d'úsáideoirí na deiseanna le 'cuairt' a thabhairt ar raon suíomhanna i gCúige Uladh a bhfuil spéis Ultaise ag baint leo agus foilsítear ar líne iad.



3.1.2 SA2- Empower

Corefunded Groups

Investment of £379,590 was committed to core funded groups undertaking Ulster-Scots activities.

The Ulster-Scots Community Network (USCN) assisted member groups to design and deliver projects and secure necessary funding support in the region on £701,160. The USCN responded promptly and efficiently with up to date and accurate information and advice via one-to-one sessions and in excess of 3,000 phone call enquiries. The USCN continued to deliver Access NI support to 98 groups and continue to provide information about the changes to ensure compliance with Access NI guidance.

Due to restrictions, the USCN continued to host online information sessions and sent them out through social media channels. A variety of subjects were offered including helping to develop policies around safeguarding, constitutions, and necessary governing documents. The USCN also had discussions with Belfast City Council, Arts Council of Northern Ireland, NI Screen, Confucius Institute, Lisburn & Castlereagh Council, DfC around Language Strategy Co-Design Group and Mid-Ulster District Council about current and future work.

Pictured: Young boy enjoying "Fergie an Freens". This book is published by USCN and written by Matthew Warwick.



3.1.2 RS2- Cumasaigh

Grúpaí Bunmhaoinithe

Tiomnaíodh £379,590 d'infheistíocht do ghrúpaí bunmhaoinithe a ghabhann gníomhaíochtaí de láimh.

Chuidigh Líonra Pobail na hUltaise (LPU) le ballghrúpaí tionscadail a dheardh agus a chur i gcrích agus tacaíocht mhaoinithe riachtanach timpeall £701,160 a fháil. D'fhreagair LPU go pras agus go héifeachtúil le faisnéis agus comhairle a bhí chun dáta agus cruinn trí sheisiúin duine le duine agus níos mó ná 3,000 fiosrú gutháin. Lean LPU ar aghaidh ag soláthar thacaíocht Access NI d'ocht ngrúpa is nócha agus tá siad go fóill ag soláthar faisnéise faoi na hathruithe chun comhlíontacht le treoir Access NI a chinntiú.

Mar gheall ar shrianta, lean LPU ar aghaidh ag óstáil seisiúin faisnéise ar líne agus chuir siad amach iad trí chainéil ar na meáin shóisialta. Tairgeadh ábhair éagsúla lena n-áirítear cabhrú le polasaithe a fhorbairt maidir le cumhdach, bunreachaí, agus doiciméid riachtanacha rialaithe. Bhí plé ag LPU chomh maith le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, NI Screen, Institiúid Chonfúicias, Comhairle Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh, an Roinn Pobal maidir Grúpa Comhdheartha Straitéise Teanga agus Comhairle Ceantair Lár Uladh faoi obair reatha agus amach anseo.

Sa phictiúr: Buachaill óg ag baint taitneamh as 'Fergie an Freens'. Líonra Pobail na hUltaise a d'fhoilsigh agus is é Matthew Warwick an t-údar.



Music and Dance Tuition in the Community

The Agency made significant changes to the timescale of the Music & Dance Programme. The starting point for dance tuition was switched to June and music tuition commenced in September with both running for a period of 30 weeks and 20 weeks respectively to the end of April 2022. The Agency experience a drop in applications for Scottish Country Dance projects due to the social distancing issue, however we did see a significant increase in Highland Dance classes. The Agency supported 107 projects valued at £111,886 which provided tuition in the community including Scottish Country and Highland Dance as well as a wide range of musical projects from Lambeg drum to piping, accordion flute and drum major tuition. All tuition was delivered using a mix of methods under covid regulations but was also delivered in face-to-face settings.

Festivals

The Agency re-opened the Community Festival programme and funded nine community festivals to the value of £14,456. However, due to ongoing issues around Covid-19, two of the festivals were postponed. The festivals offered a range of Ulster-Scots cultural and linguistic opportunities and included two festivals focusing on the life and works of Robert Burns.

Summer Schools

The welcomed relaxation of covid regulations enabled the Agency to re-open the Summer School programme. We experienced a significant downturn in applications due to ongoing pandemic concerns, however we were still able to fund 13 Summer Schools to the value of £22,727. Adjustments had to be made to the

capacity which resulted in reducing the maximum attending to 30 children to meet the regulations at the time. Almost 400 children attended the 2021 Summer School programme.

Small Events

The Agency introduced a Small Events programme in 2021, aimed primarily at but not exclusively at celebrating the centenary of Northern Ireland. Groups could receive up to £1,000 to organise an Ulster-Scots event. We funded 107 projects awarding £88,090 to this programme. The programme ran from August to December 2021. The Agency has received very positive feedback from groups who received the awards, many of which organised an Ulster-Scots community event for the first time.

Other Grants

The Agency supported two community radio broadcasts organised by the Schomberg Society in Kilkeel. The two-week radio stations during the Summer and Christmas periods were well supported by the local community and delivered a wide range of Ulster-Scots music, language, history and storytelling opportunities. The Agency continued to support the work of Mid-Armagh Community Network in Markethill to deliver a wide range of tuition opportunities. This year saw the introduction of a drama element into the programme. The Agency also continued to support Music Services Pipes and Drums (MSPD) in the development of the young pipers and drummers. This work has been significantly impacted due to Covid and the classes shifted to an online tuition model with a number of face-to-face masterclasses.

Teagasc ceoil agus damhsa sa phobal

Rinne an Ghníomhaireacht athruithe suntasacha ar amscála an Chláir Ceoil agus Damhsa. Athraíodh an túsphointe do theagasc damhsa go Meitheamh agus thosaigh teagasc ceoil i Meán Fómhair, leis an mbeirt acu ag rith ar feadh tréimhse 30 seachtain agus 20 seachtain faoi seach go dtí deireadh Aibreán 2022. Bhí laghdú in iarratais ar thionscadail Dhamhsa Tuaithe na hAlban mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le scaradh sóisialta, ach is fíor go bhfacamar méadú suntasach i ranganna Damhsa Garbhchríoch. Thacaigh an Ghníomhaireacht le 107 tionscadal a raibh luach £111,886 ag baint leo, a chuir teagasc ar fáil sa phobal lena n-áirítear Damhsa Tuaithe agus Garbhchríoch na hAlban chomh maith le raon leathan tionscadal ceoil lena n-áirítear teagasc an drumma Lann Bheag agus píobaireacht, cairdín, feadóg mhór agus maor drumma. Seachadadh an teagasc go léir le meascán de mhodhanna faoi rialúcháin COVID agus i suíomhanna aghaidh le haghaidh chomh maith.

Féilte

D'oscail an Ghníomhaireacht clár na bhFéilte Pobail aríse agus mhaoinigh siad naoi bhféile pobal dar luach £14,456. Ach, mar gheall ar shaincheisteanna leanúnacha maidir le COVID-19, cuireadh dhá cheann de na féilte ar athlá. Thairg na féilte raon de dheiseanna cultúrtha agus teanga Ultaise agus bhí dhá fhéile san áireamh ag díriú ar shaol agus ar shaothair Robert Burns.

Scoileanna samhraidh

Mar gheall ar scaoileadh na srianta COVID, rud a raibh fáilte roimhe, bhí an Ghníomhaireacht ábalta clár na scoileanna samhraidh a athoscailt. Chonaiceamar laghdú suntasach in iarratais mar gheall ar ábhair imní leanúnacha maidir le paindéim, ach


bhíomar fós ábalta trí scoil samhraidh déag a mhaoiniú ar luach £22,727. B'éigean coigeartuithe a dhéanamh ar an acmhainneacht, a raibh de thoradh air laghdú san uasmhéid ag freastal go tríocha páiste chun cloí leis na rialacháin ag an am. D'fhreastail beagnach 400 páiste ar chlár na scoileanna samhraidh in 2021.

Mion-imeachtaí

Thug an Ghníomhaireacht isteach clár mionimeachtaí in 2021, dírithe go príomha, ach ní go heisiach, ar chéad bliain Thuaisceart Éireann a cheiliúradh. Bhí grúpaí in ann suas le £1,000 a fháil le himeacht Ultaise a eagrú. Mhaoiníomar 107 tionscadal, ag bronnadh £88,090 don chlár seo. Rith an clár ó Lúnasa go Nollaig 2021. Fuair an Ghníomhaireacht aiseolas andearfach ó ghrúpaí a maoiníodh, agus ba den chéad uair riamh a d'eagraigh mórán acu imeacht pobail Ultaise.

Deontais eile

Thacaigh an Ghníomhaireacht le dhá chraoladh raidió pobail arna n-eagrú ar Cumann Schombert i gCill Chaoil. Thug an pobal áitiúil tacaíocht mhaith do na stáisiúin choicise le linn thréimhse an tsamhraidh agus na Nollag, agus sheachaid siad raon leathan de cheol, teanga agus stair agus deiseanna scéalaíochta Ultaise. Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag tacú le hobair Lónra Pobail Ard Mhacha i gCnoc an Mhargaidh le raon leathan deiseanna teagasc a sheachadadh. I mbliana tugadh isteach mír dhrámaíochta sa chlár. Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh chomh maith ag tacú leis an rannóg Píoba agus Drummaí Seirbhísí Óige i bhforbairt na bpíobairí agus na ndrumadóirí óga. Cuireadh isteach go suntasach ar an obair seo mar gheall ar COVID agus d'athraigh na ranganna go múnla teagasc ar líne le roinnt máistir-ranganna á reáchtáil aghaidh le haghaidh.



Community Impact

The Agency has continued to support the three Community Impact Projects, all which have been impacted due to the pandemic. The Agency encouraged the groups to adopt a more online presence and encouraged the projects to amend their community plans to reflect the ongoing regulations. The projects have therefore sought to develop their social media output and have started to explore ways of adopting a more joined up approach with the Agency and other relevant bodies.

During 2021 the Community Impact groups have been able to support the delivery of six Summer Schools, two Festivals, and several public

events to mark the centenary. The capacity building elements have been mainly delivered via online options. Engagements with Community groups and Schools have resumed, the three groups have sought innovative ways to engage with the community including a drive-in Burns event. The groups have also supported a large number of groups to gain access the Covid Resilience funding delivered by the Agency.

In 2021 the three groups secured match funding of over £160,000 from non-Agency sources and delivered 36 non-Agency funded Ulster-Scots projects.

Pictured: Schomberg Society, along with performers from Schomberg Fife and Drum, Rachel Hutchinson and Kirknarra School of Dance providing a night of Ulster-Scots entertainment.





Tionchar ar an bpobal

Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag tacú le trí thionscadal tionchair pobail, ar cuireadh isteach orthu go léir mar gheall ar an bpaindéim. Spreag an Gníomhaireacht na grúpaí glacadh le láithreach níos mó ar líne agus lena bpleananna pobail a leasú chun na rialúcháin leanúnacha a léiriú. Rinne na tionscaddail iarracht, mar sin, a n-aschur ar na meáin shóisialta a fhorbairt agus thosaigh siad ag fiosrú bealaí le glacadh le cur chuige níos comhtháite leis an nGníomhaireacht agus comhlachtaí ábhartha eile.

Le linn 2021 bhí na grúpaí tionchair pobail ábalta tacú le seachadadh sé scoil samhraidh, dhá fhéile, agus roinnt imeachtaí poiblí chun an cothrom

céad bliain a chomóradh. Seachadadh na míreanna tógtha acmhainneachta go príomha trí roghanna ar líne. Tá teagmhálacha le grúpaí pobail agus scoileanna tosaithe arís agus lorg na trí ghrúpa bealaí nuálacha teagmhála leis an bpobal, lena n-áirítear imeacht Burns tiomáint isteach. Thacaigh na grúpaí freisin le líon mór grúpaí chun rochtain a fháil ar an maoiniú le haghaidh athléimneacht COVID arna sholáthar ag an nGníomhaireacht.

In 2021 fuair na trí ghrúpa maoiniú meaitseála os cionn £160,000 ó fhoinsí lasmuigh den Gníomhaireacht agus sheachaid siad sé thionscadal Ultaise is tríocha nár bhain leis an nGníomhaireacht.

Sa phictiúr: Cumann Schomberg maraon le taibheoirí ó bhanna Fíf agus Druma Schombert, Rachel Hutchinson agus Kirknarra School Dance agus oíche shiamsaíochta Ultaise á cur ar fáil acu.



Community Showcase events

The Agency only supported seven showcase events in this period, part of the reason was due to the ongoing pandemic and also the introduction of the Small Events funding replaced a number of the potential showcase events.


Border Counties Covid Recovery Programme.

The Agency opened a specific programme for groups in the Border Counties. The Agency awarded maximum grants of up to €2,300 to 42 groups in Counties Donegal, Cavan, Monaghan and Leitrim. The total amount awarded was £73,618. This programme received positive feedback from many groups who had not received any other financial support and were struggling to survive.

Covid -19 Resilience Fund

The Small Grants stream at the end of 2020 was substantially over subscribed. The Department were able to provide additional resources in early 2021. Again, the process was on the basis of a first come, first served basis.

The Agency opened the round of applications under the Covid-19 Resilience Fund in January 2021, we received 207 applications and awarded £504,261 to groups in the community. All applications were assessed, letters of offer issued and payments made by the end of March 2021. During 2021 there has been considerable work in managing all aspects of the Covid-19 Resilience Fund which has required substantial staff resource above and beyond the normal day to day work.



Imeachtaí taispeántais pobail

Níor thacaigh an Ghníomhaireacht ach le seacht n-imeacht taispeántais sa tréimhse seo. Bhain cuid den chúis leis an bpaindéim a bheith ag leanúint ar aghaidh agus nuair a tugadh isteach an maoiniú d'imeachtaí beaga ghlac sin ionad roinnt de na himeachtaí taispeántais féideartha.

Clár téarnaimh COVID chontaetha na teorann

D'oscail an Ghníomhaireacht clár sonrach do ghrúpaí i gcontaetha na teorann. Bhronn sí deontais uasta suas le €2,300 ar dhá ghrúpa is daichead i gContaetha Dhún na nGall, an Chabháin, Mhuineacháin agus Liatroma. Ba é an méid iomlán a bronnadh £73,618. Fuair an clár aiseolas dearfach ó mhórán grúpaí nach bhfuair aon tacaíocht airgeadais eile agus a bhí ag streachailt le teacht slán.

Ciste Athléimneachta COVID-19

Bhí ró-éileamh suntasach ar shruth na miondeontas ag deireadh 2020. Bhí an Roinn ábalta acmhainní breise a chur ar fáil go luath in 2021. Reáchtáladh an próiseas ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

D'oscail an Ghníomhaireacht an babhta iarratas faoin gCiste Athléimneachta COVID-19 i mí Eanáir 2021, fuaireamar 207 iarratas agus bhronnamar £504,261 ar ghrúpaí sa phobal. Rinneadh measúnú ar gach iarratas, eisíodh litreacha tairisceana agus rinneadh íocaíochtaí faoi dheireadh Mhárta 2021. Le linn 2021 bhí obair nach beag ann maidir le gach gné den Chiste Athléimneachta COVID-19 a d'éiligh acmhainn foirne shubstaintiúil níos mó ná an ghnáthobair ó lá go lá.

3.1.4 SA4 - Engage

Ulster-Scots in curriculum-based learning

During 2021 a number of primary schools in Northern Ireland that the Agency fund were involved in a pilot programme involving the Agency developed 'Land of Promise' curriculum-based teaching and learning experience. The subject is based on 18th century migration of Ulster-Scots to the north-east of America (present day Maine).

The programme explores organised migration of Ulster-Scots families to America in the 18th century whilst making it engaging for young children. The story follows the McFadden family who left County Londonderry in 1718 and settled in Merrymeeting Bay in what is now the state of Maine.

This particular family was chosen because a descendent of the family owns the site where the family settled, and an archaeological dig of the McFadden homestead has been taking place for some years and is ongoing.

This provides, we believe, a tangible link with history and adds value to learning through 'living history' opportunities.

The 'Land of Promise' Programme has several elements which are designed to help schools embed an Ulster-Scots based thematic approach and provide active learning opportunities through engaging resources and experiences.

Joint Projects

In 2021, the Joint Safeguarding Sub-Committee (comprising of the designated and deputy safeguarding officers of Foras na Gaeilge and Ulster-Scots Agency) worked together to complete a full external review of the joint safeguarding policies for both NI and ROI with revised policies now in place.

3.1.4 RS₄ - Meall

An Ultais i bhfoghlaím churaclambhunaithe

Le linn 2021 bhí roinnt bunscoileanna i dTuaisceart Éireann atá maoinithe ag ciste na Gníomhaireachta páirteach i gclár píolótach lena mbaineann an t-eispéireas teagaisc agus foghlama curaclambhunaithe a d'fhorbair an Gníomhaireacht, 'Land of Promise'. Tá an t-ábhar bunaithe ar imirce Albanaigh Ultacha san ochtú haois déag go hoirthuaisceart Mheiriceá (Maine sa lá atá inniu ann).

Fiosraíonn an clár imirce eagraithe teaghlach Albanach Ultach go Meiriceá san ochtú haois déag, agus déanann é tarraingteach do pháistí óga. Leanann an scéal teaghlach Mhic Pháidín, a d'fhág Contae Dhoire in 1718 agus a lonnigh in Merrymeeting Bay i gceantar atá i stát Maine mar atá inniu.

Roghnaíodh an teaghlach áirithe seo mar tá an suíomh ar lonnigh an teaghlach ann i seilbh duine de shliocht an teaghlaigh agus tá tochailt seandálaíochta in áitreabh Mhic Pháidín ar siúl le roinnt blianta.

Tugann sé seo, dar linn, nasc follasach leis an stair agus cuireann sé luach leis an bhfoghlaím trí dheiseanna 'staire beo'.

Tá roinnt gnéithe ag an gclár 'Land of Promise' atá deartha le cabhrú le scoileanna cur chuige téamach bunaithe ar an Ultais a leabú agus deiseanna foghlama gníomhacha a chur ar fáil trí acmhainní agus eispéiris tharraingteacha.

Comhthionscadail

In 2021, d'oibrigh an Comh-Fhochoiste um Chumhdach (ar a raibh oifigigh ainmnithe agus leasoifigigh um chumhdach Fhoras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise) le chéile chun athbhreithniú seachtrach iomlán a chur i gcrích ar na comhpholasaithe um chumhdach do Thuaisceart Éireann agus do Phoblacht na hÉireann araon le polasaithe athbhreithnithe anois i bhfeidhm.

3.1.5 Corporate

Corporate Plan & Business Plan 2021

2021 was a challenging year with the restrictions due to the pandemic being reintroduced in 2021. Both Agency offices (Headquarters in Belfast and regional office in Raphoe) remained closed since with staff working remotely with only essential access to the office, in line with government guidance. The staff worked remotely until September 2021 when they returned to the office for a period of time before again in line with Government guidance.

Systems

The Agency continued to monitor and increase the flexibility of its IT systems and during 2021 transitioned the entire Agency electronic filing system and applications to a 365 environment which will also enhance our business continuity plans and disaster recovery plans. There are further plans to upgrade the finance system so as it integrates more seamlessly with the 365 environment. Staff have adapted well to the new system and there have been no significant problems. There were no significant outages during the year or any breaches of security in the system.

Internal Audit

Internal Audit is an important part of the overall Corporate Governance of the Agency. The Internal Audit function is carried out by an external contractor so as to operate an independent appraisal function. The Internal Auditors test systems, associated procedures and controls and reports upon their effectiveness which Management then review and adjust as necessary to ensure robust systems of control are in place.

Below is the table of ratings that is achievable.

Satisfactory	Overall there is a satisfactory system of governance, risk management and control. While there may be some residual risk identified, this should not significantly impact on the achievement of system objectives.
Limited	There are significant weaknesses within the governance, risk management and control framework which, if not addressed, could lead to the system objectives not being achieved.
Unsatisfactory	The system of governance, risk management and control has failed or there is a real and substantial risk that the system will fail to meet its objectives.

3.1.5 Corparáideach

Plean Corparáideach agus Plean Gnó 2021

Bliain dhúshlánach ba ea 2021 mar tugadh feidhm arís do na srianta mar gheall ar an bpaindéim. D'fhan dhá oifig na Gníomhaireachta (an cheanncheathrú i mBéal Feirste agus an oifig réigiúnach i Ráth Bhoth) dúnta agus bhí baill foirne ag obair ó chian, gan ach rochtain riachtanach ar an oifig de réir threoir an rialtais. D'obair an fhoireann ó chian go dtí Meán Fómhair 2021 nuair a d'fhill siad ar an oifig ar feadh tamaill arís de réir threoir an rialtais.

Córais

Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar a córais TF agus ag cur lena solúbthacht agus le linn 2021 d'aistrigh an Gníomhaireacht a córas comhdhuithe leictreonaigh agus iarratas go léir go timpeallacht 365, rud a fheabhsóidh freisin ár bpleananna leanúnachais gnó agus pleananna téarnaimh tubaiste. Tá tuilleadh pleananna ann an córas airgeadais a uasghrádú ionas go gcomhtháthóidh sé níos réidhe leis an timpeallacht 365. Chuaigh baill foirne i dtaithí go maith ar an gcóras nua agus ní raibh aon fhadhb shuntasach ann. Ní raibh aon éaradh seirbhíse suntasach ann le linn na bliana nó aon sárú slándála sa chóras.

Iniúchadh inmheánach

Is cuid thábhachtach de rialachas corparáideach iomlán na Gníomhaireachta é an t-iniúchadh inmheánach. Gabhann conraitheoir seachtrach feidhm an iniúchta inmheánaigh de láimh chun feidhm breithmheasa neamhspleách a chur i bhfeidhm. Déanann na hiniúcháirí inmheánacha tástáil ar chórais, nósanna imeachta gaolmhara agus rialúcháin agus tuairiscíonn siad ar a n-éifeachtúlacht, a ndéanann lucht bainistíochta a athbhreithniú agus a choigeartú de réir mar is gá lena chinntiú go bhfuil córais láidre rialúcháin i bhfeidhm.

Anseo thíos tá tábla de rátálacha atá inbhainte amach.

Sásúil	Ar an iomlán tá córas sásúil rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe ann. Cé gur féidir riosca iarmharach éigin a bheith aitheanta, níor chóir go gcuirfeadh seo isteach go suntasach ar chur i gcrích chuspóirí an chórais .
Teoranta	Tá roinnt laigí suntasacha sa rialachas, bainistiú riosca agus creat rialaithe, agus mura dtabharfar fúthu d'fhéadfadh sé go mbeidh do thoradh air nach mbainfear cuspóirí amach.
Neamhshásúil	The system of governance, risk management and control has failed or there is a real and substantial risk that the system will fail to meet its objectives.

During 2021 the Agency reviewed the following areas and ratings achieved:

Area Audited 2021	Internal Audit Assurance Rating
Fixed Asset Register	Satisfactory
Payroll & Human Resources	Satisfactory
Procurement & Contract Management	Satisfactory
Grants Management & Government Funding Database	Satisfactory
Governance and Risk Management	Satisfactory
Outreach & Education	Satisfactory

Prompt Payments

Monthly reviews were conducted to measure how promptly the Agency paid suppliers and grant payments. During 2021 the Agency ensured that 100% of supplier payments were issued within 30 days, in addition to this, 100% of grant payments were issued within 10 days during 2021.

Section 75 Duties

During the year the Agency continued to review new policies for Section 75 purposes. The purpose of screening is to identify those policies that are likely to have an impact on equality of opportunity and/or good relations. It provides an opportunity to improve decision-making and support evidence-based policy making. All policies screened were screened out (meaning the policies did not give any due concern in relation to S75 and did not require an Equality Impact Assessment carried out.)

Freedom of Information & Complaints

The Agency received seven Freedom of Information requests in year with a variety of questions around funding, technologies used and work around National Minorities. The Agency received no complaints in 2021.

Le linn 2021 d'athbhreithnigh an Ghníomhaireacht na réimsí seo a leanas agus rátálacha a baineadh amach.

Réimse a Iniúchadh in 2021	Grádú Ráthaíochta Iniúchta Inmheánaigh
Clár Sócmhainní Seasta	Sásúil
Párolla & Acmhainní Daonna	Sásúil
Bainistíocht Soláthair & Conarthaí	Sásúil
Bunachar Sonraí Bainistíochta Deontas & Maoinithe Rialtais	Sásúil
Rialachas agus Bainistíocht Riosca	Sásúil
For-rochtain & Oideachas	Sásúil

Prasíocaíochtaí

Rinneadh athbhreithnithe míosúla lena thomhas cé chomh pras a d'íoc an Ghníomhaireacht a soláthraithe agus íocaíochtaí deontais. Le linn 2021 chinntigh an Ghníomhaireacht gur eisíodh 100% d'íocaíochtaí do sholáthraithe faoi thríocha lá, chomh maith leis seo eisíodh 100% d'íocaíochtaí deontais taobh istigh de dheich lá le linn 2021.

Dualgais Alt 75

Le linn na bliana lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag athbhreithniú beartais nua maidir le hAlt 75. Is é an cuspóir atá ag an scagadh seo na polasaithe a aithint is dócha go mbeadh tionchar acu ar chomhionannas deise agus/nó an deachaidreamh. Tugann sé deis an chinnteoireacht a fheabhsú agus tacaíonn sé le ceapadh beartas bunaithe ar fhianaise. Scagadh amach gach beartas a scagadh (is é sin le rá níor thug na beartais aon ábhar imní cuí maidir le hAlt 75 agus níorbh éigean measúnú tionchair comhionannais a dhéanamh).

Saoráil Faisnéise agus gearáin

Fuair an Ghníomhaireacht seacht n-iarratas ar shaoráil faisnéise sa bhliain, le ceistanna éagsúla maidir le maoiniú, teicneolaíochtaí a úsáidtear agus obair maidir le mionlaigh náisiúnta. Ní bhfuair an Ghníomhaireacht aon ghearán in 2021.

Investors in People Accreditation

The Agency successfully retained their IIP accreditation and has worked within IIP structure and will continue to do so over the next couple of years in the hope of attaining the next higher award. The Agency will carry out its next round for renewal in the first quarter of 2022.

Human Resources

The HR department has continued to support the Agency and staff throughout this difficult period.

The Agency's HR function in 2021 maintained its focus on effective administration to ensure relevant details were being recorded appropriately, this included continuous monitoring of absences resulting in regular ill-health review meetings where appropriate.

Policy Development remains a focus for the department, 35 policies in total were monitored, reviewed or amended, below is the list of HR specific policies:

- *Discipline & Grievance Policy*
- *Shared Parental Leave*
- *GDPR*
- *Display Screen Equipment (DSE)*
- *Advanced Payment Season Ticket*
- *Dignity at Work*

- *Succession Planning*
- *Inefficiency – Poor performance Policy*
- *Inefficiency – Sickness Absence Policy*
- *Secondment Policy*
- *Succession Planning*
- *Payroll Policy*
- *Employee Exit Policy*

The Agency recruited a permanent Digital Marketing Officer, Grants Officer and an Administration Officer. The vacancy of Personal Assistant was still on hold and in the last quarter of 2021 the Administration Officer vacancy became vacant once again.

Training

The Agency completed various modules of training in 2021. Training need was identified by legislative needs and professional development needs of individual Agency staff. Training need was also derived from audit recommendations.

All Agency staff completed the following training:

- *GDPR*
- *SIRO/IAO specific – GDPR training*
- *Excel Training*
- *Data Protection Update*



Creidiúnú Infheisteoirí i nDaoine

D'éirigh leis an nGníomhaireacht a creidiúnú Infheisteoirí i nDaoine (IIP) a choinneáil agus d'oibrigh sí laistigh de struchtúr IIP. Leanfaidh sí ar aghaidh á dhéanamh sin sa chúpla bliain seo amach romhainn, ag súil go bhfaighidh sí an chéad dámhachtain eile is airde. Déanfaidh an Gníomhaireacht a céad bhabhta eile le hathnuachan sa chéad ráithe de 2022.

Acmhainní Daonna

Lean an roinn AD ar aghaidh ag tacú leis an nGníomhaireacht agus leis an bhfoireann i rith na tréimhse deacra seo.

Choinnigh feidhm AD na Gníomhaireachta in 2021 a fócas ar riarachán éifeachtach lena chinntiú go raibh sonraí bainteacha á dtaifeadadh go cuí. San áireamh bhí monatóireacht leanúnach ar asláithreachtaí, a raibh de thoradh uirthi cruinnithe athbhreithnithe drochshláinte nuair ba chúí.

Is fócas fós don roinn é forbairt polasaí. Rinneadh monatóireacht, athbhreithniú nó leasú ar chúig pholasaí agus tríocha san iomlán. Seo thíos an liosta polasaithe a bhaineann le AD go sonrach:

- *Polasaí Smachta agus Casaoide*
- *Polasaí Saoire Chomhthuismitheoireachta*
- *RGCS*

- *Trealamh Scáileáin Taispeána (TST)*
 - *Ticéad Séasúir Réamhíocaíochta*
 - *Dínit ag an Obair*
 - *Pleanáil Comharbais*
 - *Polasaí um Neamhéifeachtúlacht – Drochfheidhmíocht*
 - *Polasaí um Neamhéifeachtúlacht – Neamhláithreachta Bhreiteachta*
 - *Polasaí Iasachta*
 - *Pleanáil Comharbais*
 - *Polasaí Párolla*
 - *Polasaí maidir le hImeacht Fostaithe*
- D'earcaigh an Gníomhaireacht oifigeach margaíochta digití buan, oifigeach deontas agus oifigeach riaracháin. Bhí folúntas an chúntóra phearsanta fós á choinneáil agus sa ráithe dheireanach de 2021 bhí folúntas an oifigigh riaracháin oscailte arís.

Oiliúint

Chuir an Gníomhaireacht modúil éagsúla oiliúna i gcrích in 2021. Aithníodh riachtanas oiliúna de réir riachtanais reachtaíochta agus riachtanais forbartha gairmiúla bhaill aonair na Gníomhaireachta. Bunaíodh riachtanais oiliúna ar mholtaí an iniúchta chomh maith.

Chuir baill foirne uile na Gníomhaireachta an oiliúint seo a leanas i gcrích:

- *RGCS*
- *Oiliúint RGCS a bhaineann le SIRO/IAO go sonrach*

The Education Department attended a specific training course which included:

- *European Computer Driving Licence*

The HR Department attended a number of training events to include:

- *HR Employment Update including Employment Law*

Specific Training for Data Protection Officer included:

- *Data Protection Officer Training*

Pension Management

The Agency is required to offer a pension scheme to all employees, to automatically enrol qualifying staff and to contribute to the scheme. This is known as automatic enrolment and the Agency has fully complied with its duties in the current year. Every 3 years the Agency is required to re-enrol staff. The Agency has a pension scheme and attends regular meetings with other HR representatives from the Pension Administrators. The next auto-enrolment is due 2022.

Corporate Responsibility

In 2021 the Agency continued to action its Corporate Social Responsibility Charter where possible which focused on the key impact areas of employees, community and environment and documents its commitment to operate in a responsible, sustainable and value-for-money manner as best serves all stakeholders.

Environmental Responsibility

For the majority of the year the Agency has not been fully functional in the office and therefore a lot of recycling has not been required. However, we have maintained adherence to

our disposal policy and with any packaging received, we continued to use the designated recycling area in the office, which has resulted in all the recyclable waste such as cardboard, plastics and paper being diverted from landfill. We also continue to donate used ink cartridges to benefit local charities. The Agency has automatic lighting and seeks to minimise all other outputs. With the staff working remotely this has reduced the Agency's paper use in house as many of the documents are being stored digitally.

During the year, Minister for Communities Deirdre Hargey wrote to our chair asking that the Ulster-Scots Agency take early action to consider how climate change and the actions required to reduce our carbon emissions will impact our business in the future and identify the contributions that we believe the Agency can make to address this shared challenge.

Following the Minister's letter, we have considered the matter and identified several steps which can be taken over the next 12 months.

We will work to quantify the carbon footprint of the Agency using a methodology that is compliant with the Green House Gas Protocol, examining our emissions across the three industry standard scopes. We have used the available data for 2019/20 to establish a baseline against which future performance will be measured. This can be undertaken using a range of free tools, although a range of tailored and supported packages for carbon monitoring can be licenced at relatively low cost. For our purposes, the relevant areas are:

- *Company vehicles*

- *Oiliúint Excel*
- *Nuashonrú ar chosaint sonraí D'fhreastail an Roinn Oideachais ar chúrsa oiliúna faoi leith, ar a n-áiríodh:*
- *Ceadúnas Tiomána Ríomhairí Eorpach*

D'fhreastail an Roinn AD ar roinnt imeachtaí oiliúna, ar a n-áiríodh:

- *Nuashonrú fostaíochta AD, lena n-áirítear dlí fostaíochta*

Áiríodh ar oiliúint shonrach d'oifigeach um chosaint sonraí:

- *Oiliúint d'oifigeach cosanta sonraí*

Bainistíocht pinsin

Tá de cheangal ar an nGníomhaireacht scéim pinsin a thairiscint do gach fostaí, baill foirne incháilithe a chlárú agus ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an scéim. Tugtar clárú uathoibríoch air seo agus chloígh an Gníomhaireacht go hiomlán lena dualgais sa bhliain reatha. Gach trí bliana caithfidh an Gníomhaireacht baill foirne a athchlárú. Tá scéim pinsin ag an nGníomhaireacht agus freastalaíonn sí ar chruinnithe rialta le hionadaithe AD eile ó na riarthóirí pinsin. Tá an chéad uathchlárú eile le déanamh in 2022.

Freagracht chorparáideach

In 2021 lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag cur i gcrích a Cairte Corparáidí Freagrachta Sóisialta a dhírigh ar na príomhréimsí tionchair, is é sin fostaithe, pobal agus timpeallacht, agus a dhéanann doiciméadú ar a tiomantas feidhmiú go freagrach, go hinbhuanaithe agus ar bhonn luach ar airgead mar is fearr a fhreastalaíonn ar gach páirtí leasmhar.

Freagracht chomhshaoil

Don chuid is mó den bhliain ní raibh an Gníomhaireacht go hiomlán feidhmiúil san oifig agus mar sin de ní raibh mórán athchúrsála ag teastáil. Mar sin féin, choinníomar orainn ag cloí lenár bpolasaí diúscartha agus maidir le haon phacaistíocht a fuarthas, leanamar ar aghaidh ag úsáid an limistéir ainmnithe athchúrsála san oifig, rud a raibh de thoradh air an dramhaíl in-athchúrsáilte go léir mar chairtchlár, plaisteach agus páipéar a atreorú ó líonadh talún. Leanann an Gníomhaireacht ar aghaidh ag deonú cartúis dúigh chaite chun sochair do charthanais áitiúla. Tá soilsíú uathoibríoch ag an nGníomhaireacht agus féachann sí le gach aschur eile a íoslaghdu. Agus an fhoireann ag obair ó chian, tá úsáid inmheánach páipéir na Gníomhaireachta laghdaithe mar tá go leor de na doiciméid á stóráil go digiteach.

Le linn na bliana scríobh an tAire Pobal Deirdre Hargey chuig ár gcathaoirleach ag iarraidh go ndéanfaidh Gníomhaireacht na hUltaise gníomh go luath chun a mheabhrú conas a imreoidh athrú aeráide agus na gníomhartha a theastaíonn chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú tionchar ar ár ngnó amach anseo, agus an méid is dóigh linn gurbh féidir leis an nGníomhaireacht a dhéanamh chun tabhairt faoin gcomhdhúshlán seo a shainaithint.

Tar éis litir an Aire, tá machnamh déanta againn ar an ábhar agus shainaithníomar roinnt céimeanna is féidir a ghlacadh sna chéad dá mhí dhéag eile.

Oibreimid chun lorg carbóin na Gníomhaireachta a chainníochtú ag úsáid modheolaíocht atá

- *Purchased electricity, heat and steam*
- *Purchased goods and services*
- *Business travel*
- *Employee commuting*
- *Waste disposal*
- *Use of products*
- *Transportation and distribution*

A range of measures has already been undertaken at our Belfast headquarters to reduce electricity use, such as the installation of sensor-controlled lighting in shared areas; and this is being supplemented by a rolling programme to replace conventional bulbs with low energy variants. We have planned to transition to cloud-based servers that will also lead to significant reductions when the existing server room, which utilises air conditioning round the clock, is no longer required. The Agency is currently developing a business case for a long-term accommodation solution, and it is possible that within the context of such longer-term arrangements, opportunities may arise for more radical carbon reduction measures to be explored.

Employees

Agency employees continue to avail of additional benefits in the form of the Agency's membership of the childcare voucher scheme, the NICS Sports Association and independent and confidential support through Inspire Workplaces for mental

wellbeing. Agency employees are actively encouraged to continue their professional development incorporated in the Staff Development and Training policy.

Looking Forward

2022 should see a return to relative normality and we are monitoring all our business areas closely so as we can manage them in line with the whatever residual restrictions or adjustments that are required. While many of the foundations have already been formed, the Agency is now committed to evolving the HR function within the Agency as well as improving upon our data and reporting as well as meeting our operational demands.

comhlíontach le Prótacal um Ghás Ceaptha Teasa, ag scrúdú ár n-astaíochtaí sna trí scóp chaighdeánacha tionscail. D'úsáideamar na sonraí a bhí ar fáil do 2019/20 chun bonnlíne a bhunú a dtomhaisfear feidhmíocht amach anseo ina coinne. Is féidir tabhairt faoi seo ag úsáid raon uirlisí saor in aisce, cé gur féidir raon pacáistí saincheaptha a bhfuil tacaíocht acu le haghaidh monatóireacht ar charbón a cheadúnú ag costas measartha íseal. Le haghaidh ár gcuispóirí, is iad seo na réimsí ábhartha:

- *Feithiclí cuideachta*
- *Leictreachas, teas agus gal ceannaithe*
- *Earraí agus seirbhísí ceannaithe*
- *Taisteal gnó*
- *Comaitéireacht fostaithe*
- *Diúscairt dramhaíola*
- *Úsáid táirgí*
- *Iompar agus dáileadh*

Tá raon beart déanta cheana féin ag ár gceanncheathrú i mBéal Feirste le húsáid leictreachais a laghdú, amhail soilsíú rialaithe ag braiteoir a fheistiú i limistéir chomhroinnte; agus táthar ag cur leis seo le clár leanúnach chun cineálacha bolgáin ísealfhuinnimh a chur in ionad gnáthbholgán. Tá beartaithe againn aistriú go freastalaithe bunaithe sa néal agus mar gheall air seo beidh laghduithe suntasacha ann nuair nach mbeidh an seomra freastalaí reatha, a úsáideann aerchóiriú i rith an ama, ag teastáil. Tá

an Gníomhaireacht faoi láthair ag forbairt cás gnó le haghaidh réiteach cóiríochta fadtéarmach, agus is féidir go dtiocfaidh deiseanna chun cinn, laistigh de chomhthéacs socrúithe níos fadtéarmaí mar seo, chun bearta laghdaithe carbóin níos radacaí a fhiosrú.

Fostaithe


Tá fostaithe na Gníomhaireachta ag baint tairbhe go fóill as buntáistí breise, mar atá ballraíocht na Gníomhaireachta sa scéim dearbhán cúraim leanaí, Cumann Spóirt Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus tacaíocht neamhspleách agus faoi rún trí Inspire Workplaces for Mental Wellbeing. Spreagtar go gníomhach fostaithe na Gníomhaireachta le leanúint ar aghaidh lena bhforbairt ghairmiúil mar chuid den pholasaí Forbartha Foirne agus Oiliúna.

Ag breathnú chun cinn

Ba cheart go bhfillfear le linn 2022 ar normáltacht éigin agus táimid ag déanamh monatóireacht ghéar ar ár réimsí gnó go léir ionas gur féidir linn iad a bhainistiú de réir cibé srianta atá fágtha nó coigeartuithe a theastaíonn. Cé go bhfuil cuid mhór den dúshraith déanta cheana féin, tá an Gníomhaireacht anois tiomanta don fheidhm AD a fhorbairt go himheánach chomh maith lenár sonraí agus tuairisciú a fheabhsú agus riar ar ár n-éilimh oibriúcháin mhéadaitheacha.

Financial Statements of The Language Body 2021

CONTENTS	PAGE
FOREWORD TO CONSOLIDATED STATEMENT OF ACCOUNT	3
STATEMENT OF RESPONSIBILITIES	7
CERTIFICATE OF THE COMPTROLLERS AND AUDITORS GENERAL	9
CONSOLIDATED STATEMENT OF ACCOUNT	17
APPENDIX 1 – FORAS NA GAELIGE – ACCOUNTS AND NOTES TO THE ACCOUNTS	19
APPENDIX 2 – ULSTER-SCOTS AGENCY – ACCOUNTS AND NOTES TO THE ACCOUNTS	95
APPENDIX 3 – ACCOUNTS DIRECTION	161



Ráitis Airgeadais

An Foras Teanga 2021

CLÁR	LEATHANACH
RÉAMHRÁ LEIS AN RÁITEAS COMHDHLÚITE AR AN gCUNTAS	4
RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ	8
TEASTAS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	10
RÁITEAS COMHDHLÚITE CUNTAIS	18
AGUISÍN 1 – FORAS NA GAEILGE – CUNTAIS AGUS NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS	20
AGUISÍN 2 – GNÍOMHAIREACTH NA hULTAISE – CUNTAIS AGUS NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS	96
AGUISÍN 3 – TREOIR DO NA CUNTAIS	162

Foreword to the Consolidated Statement of Account

The Language Body (An Foras Teanga/Tha Boord o Leid) is a North South Implementation Body sponsored by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (DTCAGSM) and the Department for Communities (DfC). It was established under the North South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999. It reports to the North South Ministerial Council.

The Language Body comprises two agencies:

- *Foras na Gaeilge*
- *The Ulster-Scots Agency*

Réamhrá leis an Ráiteas Comhdhlúite ar na Cuntais

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras Teanga atá urraithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) agus an Roinn Pobal (RP). Bunaíodh é ar 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus tá an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 mar bhonn aige. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT).

Dhá ghníomhaireacht atá san Fhoras Teanga:

- *Foras na Gaeilge*
- *Gníomhaireacht na hUltaise*



Basis of Accounting

The Consolidated Statement of Account of the Language Body discloses for the year of account the:

- *funding received from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department for Communities and*
- *funding applied to Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency.*

Separate accounts for Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency are set out at page 19 and page 95.

The accounts direction given by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department for Communities is set out at page 161.

Bonn na Cuntasaíochta

Nochtann an Ráiteas Comhdhlúite ar Chuntas an Fhorais Teanga don bhliain na nithe seo a leanas:

- *Maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ón Roinn Pobal agus*
- *Maoiniú a tugadh d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise.*

Leagtar amach cuntais éagsúla d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise ar leathanach 20 agus leathanach 96.

Leagtar amach treoir ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ón Roinn Pobal ar leathanach 162.



Statement of Responsibilities

The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department for Communities have directed the Language Body to prepare a statement of accounts for each financial year in the form and on the basis set out in the accounts direction at Appendix 3 to these accounts.

The Accounts, which comprise a Consolidated Statement of Account of the Body together with the separate accounts of Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency each comprising a Statement of Income and Expenditure, Statement of Financial Position, Statement of Cash Flows and related notes and appendices, are prepared on an accruals basis and must give a true and fair view of the state of affairs and of the income and expenditure, total recognised gains and losses and cash flows for the year.

In preparing the accounts the Body is required to:

- *observe the accounts direction issued by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department for Communities, including the relevant accounting and disclosure requirements and apply accounting policies on a consistent basis;*
- *make judgements and estimates on a reasonable basis;*
- *state whether applicable accounting standards have been followed and disclose and explain any material departures in the accounts;*
- *prepare the accounts on a going concern basis, unless it is inappropriate to presume that the Body will continue in operation.*

The Language Body requires each agency to keep proper books of accounts and financial records and to prepare a statement of accounts in respect of each year. The accounting responsibilities of each agency are set out in the separate accounts.

The responsibilities of each Chief Executive are set out in the respective Statements of Responsibilities of each agency.

Seán Ó Coinn
Chief Executive - Foras na Gaeilge
Date 07/07/2023

Ian Crozier
Chief Executive - Ulster-Scots Agency
Date 07/07/2023



Ráiteas i leith Freagrachtaí

Thug an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Pobal treoir don Fhoras Teanga ráiteas cuntais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir do chuntais in Aguisín 3 a ghabhann leis na cuntais seo.

Na Cuntais seo, atá déanta den Ráiteas Comhdhlúite ar Chuntais an Fhorais Teanga, mar aon le cuntais ar leith Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaireacht na hUltaise agus an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Cláir Chomhardaithe, Ráiteas Sreabhadh Airgid, nótaí agus aguisíní le gach ceann acu, réitítear iad ar bhonn fabhrúithe agus ní mór dóibh léargas fírinneach agus cothrom a thabhairt ar staid chúrsaí an Fhorais mar atá, ar ioncam agus caiteachas, ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, agus ar an sreabhadh airgid don bhliain.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an bhForas Teanga:

- *an treoir do na cuntais arna heisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Pobal, lena n-áirítear na ceanglais ábhartha maidir le cuntasáocht agus faisnéisiú agus beartais chuntasáochta iomchuí a chomhlíonadh ar bhonn comhsheasmhach;*
- *breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;*
- *a rá ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasáochta infheidhme agus aon difríocht ábhartha sna cuntais a mhíniú;*
- *na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh an Foras de bheith i bhfeidhm.*

Ceanglaíonn an Foras Teanga ar an dá aonad cuntais agus taifid airgeadais chearta a choimeád agus ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana. Leagtar amach freagrachtaí cuntasacha an dá aonad sna cuntais éagsúla.

Leagtar amach na freagrachtaí atá ar an mbeirt Phríomhfheidhmeannach sna Ráitis i leith Freagrachtaí atá ag an dá aonad faoi seach.

Seán Ó Coinn
Príomhfheidhmeannach
Foras na Gaeilge
Date 07/07/2023

Ian Crozier
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht na hUltaise
Date 07/07/2023

Certificate of the Comptroller and Auditors General to the Northern Ireland Assembly and the Houses of the Oireachtas

Opinion on the accounts

We certify that we have audited the accounts of the Language Body (the Body) for the year ended 31 December 2021 pursuant to the provisions of the North South Co-operation (implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999 which require us to audit and to certify, in co-operation, the accounts presented to us by the Body. The accounts comprise:

- *the consolidated statement of the Language Body;*
- *the accounts of Foras na Gaeilge comprising the statement of income and expenditure, the statement of comprehensive income, the statement of financial position, the statement of cash flows and the related notes;*
- *the accounts of the Ulster Scots Agency comprising the income statement, the statement of comprehensive income, the statement of financial position, the statement of cash flows, the statement of changes in equity and related notes, and*
- *Appendix 3.*

These accounts have been prepared under the accounting policies set out within them.

In our opinion, the accounts:

- *give a true and fair view of the state of the Body's affairs as at 31 December 2021 and of its income and expenditure for the year then ended; and*
- *have been properly prepared in accordance with the Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland (FRS 102) and the accounts direction in Appendix 3 to the accounts.*

Opinion on regularity

In our opinion, the expenditure and income recorded in the accounts have in all material respects been applied to the purposes intended by the Northern Ireland Assembly and the Houses of the Oireachtas and the financial transactions reported in the accounts conform to the authorities which govern them.

Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais

Tuairim ar na cuntas

Dearbhaímid go bhfuil iniúchadh déanta againn ar chuntas an Fhorais Teanga (an Foras) don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 a éilíonn orainn, i gcomhar le chéile, iniúchadh a dhéanamh agus dearbhú a thabhairt ar na cuntas a chuir an Foras inár láthair. Cuimsíonn na cuntas:

- ráiteas comhdhlúite cuntas an Fhorais Teanga;
- cuntas Fhoras na Gaeilge, ina gcuimsítear ráiteas ioncaim agus caiteachais, ráiteas ar ioncam cuimsitheach, clár comhardaithe, ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus nótaí ábhartha;
- cuntas Ghníomhaireacht na hUltaise, ina gcuimsítear ráiteas ioncaim, ráiteas ar ioncam cuimsitheach, clár comhardaithe, ráiteas maidir le sreabhadh airgid, ráiteas ar athruithe i gcothromas agus nótaí ábhartha, agus
- Aguisín 3.

Ullmhaíodh na cuntas seo i gcomhréir leis na polasaithe cuntasaióchta a leagtar amach iontu.

Dar linn:

- tugann na cuntas dearcadh fírinneach agus cothrom ar staid chúrsaí an Fhorais amhail ar 31 Nollaig 2021 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain dar chríoch chéanna; agus
- ullmhaíodh na cuntas i gceart de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus de réir na treorach cuntas in Aguisín 3 de na cuntas.

Tuairim ar rialtacht

Dar linn, i ngach slí ábhartha, cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam i bhfeidhm ar son na gcuspóirí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus tá na hidirbhearta airgeadais de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Basis for opinions

We conducted our audit in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs). Our responsibilities under those standards are further described in the Auditors' responsibilities section of this certificate. We are independent of the Body in accordance with the ethical requirements of the Financial Reporting Council's Revised Ethical Standard 2016 and of the Code of Ethics issued by the International Organisation of Supreme Audit Institutions and have fulfilled our ethical responsibilities in accordance with these requirements.

We believe that the audit evidence we have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for our opinion.

Information other than the accounts

The Body has presented certain other information together with the accounts. This comprises the annual report, the forewords to the accounts, the statements on the system of internal control and the remuneration reports. Our opinion on the accounts does not cover the other information and we do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with our audit of the accounts, our responsibility is to read the other information and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the accounts or our knowledge obtained during the audit or otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work we have performed, we conclude that there is a material misstatement of this other information, we are required to report that fact.

We have nothing to report in this regard.

Matters on which we report by exception

We have nothing to report in respect of the following matters which we report if, in our opinion:

- *we have not received all the information and explanations we required for our audit, or*
- *the accounting records were not sufficient to permit the accounts to be readily and properly audited, or*
- *the accounts are not in agreement with the accounting records, or*
- *the statement on the system of internal control does not reflect compliance with applicable guidance on corporate governance.*

An bunús lenár dtuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh ag teacht leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (CII). Tabharfar tuilleadh sonraí faoinár bhfreagrachtaí de réir na gcaighdeán sin sa chuid den teastas ina mínítear freagrachtaí na nIniúcháirí. Táimid neamhspleách ar an bhForas, ag teacht leis na riachtanais eitice de chuid Chaighdeán Athbhreithnithe Eitice 2016 na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais agus leis an gCód Eitice arna eisiúint ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta, agus tá ár gcuid dualgas eitice comhlíonta againn de réir na riachtanas sin.

Creidimid go bhfuil an fhaisnéis iniúchta a fuaireamar dóthanach agus cuí le bunús a thabhairt dár dtuairim.

Ábhar nach cuid de na cuntais é

Chuir an Foras eolas áirithe sa bhreis inár láthair chomh maith leis na cuntais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, na réamhráite leis na cuntais, na ráitis maidir le córas an rialúcháin inmheánaigh agus na tuarascálacha ar luach saothair. Ní chuimsíonn ár dtuairim ar na cuntais an t-eolas sa bhreis agus ní chuirimid aon chonclúid bharántais in iúl ina leith.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na cuntais, tá sé mar fhreagracht orainn an t-eolas sa bhreis a léamh agus, mar chuid de sin, caithfidimid a mheas an bhfuil an t-eolas sa bhreis neamhréireach go hábhartha leis na cuntais nó an bhfuil an chosúlacht ann gur míshonraíodh go hábhartha an t-eolas a fuaireamar le linn an iniúchta nó lasmuigh de. Má chreidimidne, bunaithe ar ár gcuid oibre, go bhfuil míshonrú suntasach ann i dtaca leis an eolas sa bhreis, tá orainn an fhíríc sin a fhógairt.

Níl dada le fógairt againn ina leith seo.

Ábhar ar a ndéanaimid tuairisc eisceachtúil

Níl dada le fógairt againn i leith na nithe seo a leanas a bhíonn le fógairt againn má chreidimid, inár dtuairim:

- *nach bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin a bhí ag teastáil le linn an iniúchta, nó*
- *nár leor na taifeadtaí ar na cuntais le go bhféadfaí iniúchadh ceart gan mhoill a dhéanamh orthu, nó*
- *nár réitigh na cuntais leis na taifid ar na cuntais, nó*
- *go léiríonn na ráitis ar an gcóras rialúcháin inmheánaigh nach bhfuiltear ag leanúint na treorach cuí maidir leis an rialachas corparáideach.*

Responsibilities of the Body and the Accounting Officers for the accounts

As explained more fully in the Statement of Responsibilities, the Body is responsible for the preparation of the accounts on the basis of the accounts direction included in Appendix 3 to the accounts and for being satisfied that they give a true and fair view. The Chief Executives, as Accounting Officers, are responsible for the propriety and regularity in relation to the use of public funds.

Responsibilities of the Auditors

Our responsibility is to audit the accounts in accordance with the provisions of the North South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999 and to report thereon to the Northern Ireland Assembly and to the Houses of the Oireachtas.

Our objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the accounts as a whole are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these accounts.

As part of an audit in accordance with the ISAs, we exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so:

- *We identify and assess the risks of material misstatement of the accounts whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for our opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.*
- *We obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.*
- *We evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.*
- *We conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant*

Freagrachtaí an Fhorais agus na nOifigeach Cuntasach i leith na gcuntas

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas i leith Freagrachtaí, tá an Foras freagrach as na cuntais a ullmhú ar an mbonn a leagtar amach sa treoír do chuntais in Aguisín 3 a ghabhann leis na cuntais agus as a bheith sásta go dtugann na cuntais dearcadh fírinneach agus cothrom ar an bhForas. Tá na Príomhfheidhmeannaigh, mar Oifigigh Chuntasacha, freagrach as cuibheas agus rialtacht i leith airgead poiblí a chaitheamh.

Freagrachtaí na nIniúcháirí

Tá sé d'fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus tuairisc a dhéanamh ar an iniúchadh sin do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais.

Is é ár gcuspóir le linn an iniúchta ná dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na cuntais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar údar leis sin. Is dearbhú ardleibhéil é an dearbhú réasúnta, ach ní barántas é go dtabharfaidh iniúchadh de réir na gCII míshonrú ábhartha faoi deara i gcónaí nuair is ann dó. D'fhéadfadh míshonruithe tarlú de dheasca calaoise nó earráide agus áirítear mar mhíshonruithe ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go n-imreoidís tionchar, ina n-aonar nó ar bhonn comhiomlán, ar bhearta eacnamaíochta a dhéanfaí amach anseo bunaithe ar na cuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCII, tá orainn bheith proifisiúnta inár mbreithiúnas, agus amhras proifisiúnta a choinneáil le linn an iniúchta. Mar chuid de seo:

- *Aithnímid agus déanaimid breithiúnas ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ar na cuntais, bíodh calaois nó earráid mar údar leis; cuirimid próisis iniúchta le chéile agus i bhfeidhm i dtaca leis na rioscaí sin; agus faighimid fianaise iniúchta atá dóthanach agus cuí le bunús a thabhairt dár dtuairim. Is mó an riosca mura dtugtar míshonrú ábhartha de dheasca calaoise faoi deara i gcomparáid le míshonrú de dheasca earráide toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, bréaglérithé nó sárú an chórais rialúcháin inmheánaigh a bheith bainteach leis an gcalaois.*
- *Faighimid tuiscint ar an rialúchán inmheánach atá ábhartha don iniúchadh le gur féidir linn próisis iniúchta a dhearadh a oireann do na cúinsí, ach ní ar maithe le héifeachtacht an rialúcháin inmheánaigh a mheas.*
- *Measaimid oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta atá in úsáid agus*



doubt on the Body's ability to continue as a going concern. If we conclude that a material uncertainty exists, we are required to draw attention in our report to the related disclosures in the accounts or, if such disclosures are inadequate, to modify our opinion. Our conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of our report. However, future events or conditions may cause the Body to cease to continue as a going concern.

- We evaluate the overall presentation, structure and content of the accounts, including the disclosures, and whether the accounts represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.*

We communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that we identify during our audit.

In addition, we are required to obtain evidence sufficient to give reasonable assurance that expenditure and income recorded in the financial accounts have been applied to the purposes intended by the Northern Ireland Assembly and the Houses of the Oireachtas and that the financial transactions recorded in the accounts conform to the authorities which govern them.

Seamus McCarthy
Irish Comptroller and Auditor General
3A Mayor Street Upper
Dublin 1
Ireland
DO1 PF72

Dorinnia Carville
Comptroller and Auditor General for
Northern Ireland
Northern Ireland Audit Office
106 University Street
Belfast
BT7 1EU

21 July 2023

réasúntacht na meastachán cuntasaíochta mar aon leis an nochtadh a bhunaítear orthu sin.

- Tugaimid breithiúnas ar a oiriúnaí is atá sé na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, tugaimid breithiúnas ar cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ann i dtaca le heachtraí agus cúinsí a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas an Fhorais leanúint air mar ghnóthas leantach. Má chreidimid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt ar an nochtadh cuí sna cuntais inár dtuairisc nó, murar leor an nochtadh, ár dtuairim a leasú. Tá ár mbreithiúnas bunaithe ar fhianaise an iniúchta atá faighte go dtí dáta ár dtuairisce. D'fhéadfadh eachtraí nó cúinsí sa todhchaí stop a chur leis an bhForas leanúint air mar ghnóthas leantach, áfach.*
- Measaimid cur i láthair iomlán, struchtúr agus ábhar na gcuntas, an nochtadh an áireamh, agus measaimid an dtugann na cuntais léargas ar chroí-idirbhearta agus eachtraí ar bealach atá cóir agus cothrom.*

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le raon agus amscála beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc rudaí eile, lena n-áirítear aon teip shuntasach sa rialú inmheánach a thugamar faoi deara le linn ár n-iniúchta.

Chomh maith leis sin, éilítear orainn fianaise a fháil atá dóthanach le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil an caiteachas agus an t-ioncam a thuairiscítear sna cuntais curtha i bhfeidhm de réir na gcuispóirí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais de réir na n-údarás a rialaíonn iad.



Seamus McCarthy
Ardreachtair Cuntas agus Ciste na hÉireann
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Éire
D01 PFT2
21 Iúil 2023



Dorinnia Carville
Ardreachtair Cuntas agus Ciste Thuaisceart
Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste
BT7 1EU
21 Iúil 2023

THE LANGUAGE BODY
CONSOLIDATED STATEMENT OF ACCOUNT FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2021


	2021 €	Stg £	2020 €	Stg £
GRANTS RECEIVED				
Revenue grants				
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media	15,211,314	13,075,645	12,722,521	11,319,228
Department for Communities	6,332,546	5,443,456	5,957,726	5,300,590
Department of Education	120,000	103,152	120,000	106,763
	<u>21,663,860</u>	<u>18,622,253</u>	<u>18,800,247</u>	<u>16,726,581</u>
Capital grants				
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media	26,050	22,393	31,475	28,004
Department for Communities	45,433	39,054	42,029	37,392
	<u>71,483</u>	<u>61,447</u>	<u>73,504</u>	<u>65,396</u>
Total grants received	<u>21,735,343</u>	<u>18,683,700</u>	<u>18,873,751</u>	<u>16,791,977</u>
FUNDING APPLIED TO				
Foras na Gaeilge				
Revenue grants	18,699,838	16,074,381	15,917,815	14,162,080
Capital grants	16,359	14,062	26,199	23,309
	<u>18,716,197</u>	<u>16,088,443</u>	<u>15,944,014</u>	<u>14,185,389</u>
Ulster-Scots Agency				
Revenue grants	2,964,022	2,547,872	2,882,432	2,564,501
Capital grants	55,124	47,385	47,305	42,087
	<u>3,019,146</u>	<u>2,595,257</u>	<u>2,929,737</u>	<u>2,606,588</u>
Total grants paid	<u>21,735,343</u>	<u>18,683,700</u>	<u>18,873,751</u>	<u>16,791,977</u>



Seán Ó Coinn
Chief Executive - Foras na Gaeilge

07/07/2023


Date



Regina Uí Chollatáin
Chairperson - Foras na Gaeilge

07/07/2023


Date



Ian Crozier
Chief Executive - Ulster-Scots
Agency

07/07/2023

Date



Freddie Kettle
Deputy Chairperson - Ulster-
Scots Agency

07/07/2023

Date


AN FORAS TEANGA
RÁITEAS COMHDHLÚITE CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2021

	2021 €	Stg £	2020 €	Stg £
GRANTS RECEIVED				
Revenue grants				
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media	15,211,314	13,075,645	12,722,521	11,319,228
Department for Communities	6,332,546	5,443,456	5,957,726	5,300,590
Department of Education	120,000	103,152	120,000	106,763
	<u>21,663,860</u>	<u>18,622,253</u>	<u>18,800,247</u>	<u>16,726,581</u>
Capital grants				
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media	26,050	22,393	31,475	28,004
Department for Communities	45,433	39,054	42,029	37,392
	<u>71,483</u>	<u>61,447</u>	<u>73,504</u>	<u>65,396</u>
Total grants received	<u>21,735,343</u>	<u>18,683,700</u>	<u>18,873,751</u>	<u>16,791,977</u>
FUNDING APPLIED TO				
Foras na Gaeilge				
Revenue grants	18,699,838	16,074,381	15,917,815	14,162,080
Capital grants	16,359	14,062	26,199	23,309
	<u>18,716,197</u>	<u>16,088,443</u>	<u>15,944,014</u>	<u>14,185,389</u>
Ulster-Scots Agency				
Revenue grants	2,964,022	2,547,872	2,882,432	2,564,501
Capital grants	55,124	47,385	47,305	42,087
	<u>3,019,146</u>	<u>2,595,257</u>	<u>2,929,737</u>	<u>2,606,588</u>
Total grants paid	<u>21,735,343</u>	<u>18,683,700</u>	<u>18,873,751</u>	<u>16,791,977</u>



07/07/2023

Seán Ó Coinn
Chief Executive - Foras na Gaeilge



07/07/2023

Regina Uí Chollatáin
Chairperson - Foras na Gaeilge



07/07/2023

Ian Crozier
Chief Executive - Ulster-Scots
Agency



07/07/2023

Freddie Kettyle
Deputy Chairperson - Ulster-
Scots Agency

Appendix 1

Foras na Gaeilge

Accounts and Notes to the Accounts

For the year ended 31 December 2021

Foreword to the accounts

Background Information

An Foras Teanga (The Language Body) is a North South Implementation Body sponsored by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (DTCAGSM) and the Department for Communities (DfC). It was established on 2 December 1999 under the Good Friday Agreement and underpinned by the North South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order and the British-Irish Agreement Act 1999. It reports to the North South Ministerial Council (NSMC).

The principal function of Foras na Gaeilge is the promotion of the Irish language on an all-island basis.

These accounts have been prepared in accordance with:

- *the financial arrangements which are applicable to the Body set out in Part 7 of Annex 2 of the British-Irish Agreement establishing Implementation Bodies;*
- *the form directed by and approved by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department for Communities, as provided for in the Language Body's Financial Memorandum;*
- *the Annual Report and Accounts guidance provided by the Department of Finance and the Department of Public Expenditure, NDP Delivery and Reform.*

Business Overview

An overview of Foras na Gaeilge's activities is given within its Annual Report. The results for Foras na Gaeilge are laid out in detail on the Statement of Income and Expenditure. The surplus for the year was €893,147/ Stg£767,752

Aguisín 1

Foras na Gaeilge

Cuntais agus nótaí a ghabhann leis na cuntais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Réamhrá leis na cuntais

Cúlra

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh / Theas é an Foras Teanga atá urraithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán (RTCEGSM) agus an Roinn Pobal (RP). Bunaíodh é ar an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus tá an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 mar bhonn aige. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT).

Is í príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir:

- *na socruithe airgeadais atá infheidhme i leith an Chomhlachta arna leagan amach i gCuid 7 d'Aguisín 2 de Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lena mbunaítear Comhlachtaí Forfheidhmithe;*
- *na foirme atá ordaithe agus ceadaithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus an Roinn Pobal, dá bhforáiltear i Meamram Airgeadais an Fhorais Teanga;*
- *na teorach do Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla arna soláthar ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachas Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.*

Forléargas ar Ghnó

Tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge laistigh dá Thuarascáil Bhliantúil. Tá na torthaí d'Fhoras na Gaeilge leagtha amach go mion ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Ba é an barrachas a bhí ann don bhliain €893,174/ Stg£767,752.

Fixed Assets

Details of the movements of fixed assets are set out in note 9 to the accounts.

Research & Development

Effects and Implications of Covid-19

Foras na Gaeilge's Business Continuity Plan was successfully implemented and the organisation's operations continued uninterrupted when all the staff had to work from home. Specific planning and implementation continued to be required to ensure the ongoing operations of the organisation despite the challenges posed by COVID-19, its ensuing lockdowns and the continually-changing regulations and advices in the two jurisdictions. A dedicated 'meitheal' or focus group dealt with these issues and examined what has been learned from this pandemic to see how best to use it to improve working methods.

Review of the Partnership Approach

The current arrangements in relation to the Partnership Approach were established on the basis of a decision made by the North South Ministerial Council on 10 July 2013. On 17 January 2014 Foras na Gaeilge announced the six Lead Organisations responsible for six main areas. This is the first formal review of these arrangements. A report on the first part of the review was presented to the Board of Foras na Gaeilge in the first quarter of 2021. The completion of the work has been delayed due to various factors. Work is now ongoing (in 2022) to complete all other elements of the review.

Research on the Use of Irish in Business

Kantar were commissioned in late 2020 to conduct research into public attitudes to the use of Irish in business contexts. The results quantified levels of support for various initiatives and also explored price sensitivity. In 2021 the results were shared and discussed with the Lead Organisation responsible for Irish in economic affairs, Glór na nGael.

Digital Plan for Irish

As part of Foras na Gaeilge's (virtual) participation in the Annual Conference of EFNIL (the European Federation of National Institutions for Language) Dr Neasa Ní Chiaráin (who is a Board Member of Foras) of Trinity College Dublin presented a research paper on the Digital Plan for Irish. <http://www.efnil.org/conferences/dubrovnik-2020>.

Sócmhainní Seasta

